



An Bhruiséal, 12 Nollaig 2022
(OR. en)

13205/1/22
REV 1

LIMITE

COPEN 343
DROIPEN 135
EVAL 23
JAI 1280
EUROJUST 93
EJN 38
CATS 61

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Tuarascáil chríochnaitheach ar an 9ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha ar ionstraimí dlí maidir le haitheantas frithpháirteach i réimse chailleadh na saoirse nó shríanadh na saoirse.

I gcomhréir le hAirteagal 2 de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 97/827/CGB an 5 Nollaig 1997, chinn CATS ag an gcuinniú a bhí aige an 21 Samhain 2018 go ndíreofaí an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.

Mar gheall ar raon leathan na n-ionstraimí dlíthiúla i réimse an aitheantais fhrithpháirtigh agus a raon feidhme leathan, comhaontaíodh ag an gcuinniú a bhí ag CATS an 12 Feabhra 2019 go ndíreofaí sa mheastóireacht ar na hionstraimí seo a leanas maidir le haitheantas frithpháirteach:

- Cinneadh Réime 2002/584/CGB maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit;
- Cinneadh Réime 2008/909/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach ('pianbhreitheanna coimeádta');

- Cinneadh Réime 2008/947/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i ndáil le breithiúnais agus cinntí promhaidh d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar bhearta promhaidh agus ar smachtbhannaí malartacha ('bearta promhaidh agus malartacha');
- Cinneadh Réime 2009/829/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm, idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ar chinntí faoi bhearta maoirseachta mar rogha mhalartach ar choinneáil shealadach.

D'ullmhaigh Ardrúnaíocht na Comhairle an dréacht-tuarascáil chríochnaitheach maidir leis an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha thar ceann na hUachtaránachta, tar éis scrúdú críochnúil comparáideach a dhéanamh ar na tuarascálacha uile a glacadh roimhe sin do gach Ballstát ar leith, go háirithe na príomhthorthaí, na príomhchonclúidí agus na príomh-mholtaí, chun críche achoimre agus anailís a dhéanamh ar thoradh an 9^ú babhta meastóireachta frithpháirtí, d'fhonn forléargas a fháil ar na bearta atá le déanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun úsáid na n-ionstraimí dlí a chumhdaítear leis an mbabhta sin a fheabhsú.

Chuir an Uachtaránacht an chéad dréacht den tuarascáil chríochnaitheach i láthair ag an gcuinniú a bhí ag COPEN an 28 Deireadh Fómhair 2022. Sheol roinnt Ballstát, agus Eurojust freisin, aighneachtaí i scríbhinn a cuireadh san áireamh le linn an athbhreithnithe ar an téacs. De bharr na n-athruithe substaintiúla – lena n-áirítear athruithe struchtúracha – níl aon rianathruithe sa dara dréacht den tuarascáil chríochnaitheach. Tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht an dréacht-tuarascáil thuasluaite a chur i láthair agus tuairimí a mhalartú ina leith, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo í, ag an gcuinniú a bheidh ag COPEN an 20 Nollaig 2022.



**DRÉACHT-TUARASCÁIL CHRÍOCHNAITHEACH MAIDIR LEIS AN NAOÚ BABHTA
DE MHEASTÓIREACHTAÍ FRITHPHÁIRTEACHA AR IONSTRAIMÍ DLÍ MAIDIR
LE hAITHEANTAS FRITHPHÁIRTEACH I RÉIMSE CHAILLEADH NA SAOIRSE NÓ
SHRIANADH NA SAOIRSE**

Clár

1. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN	6
2. RÉAMHRÁ	9
3. CINNEADH RÉIME 2002/584/CGB	12
3.1 Comhréireacht	12
3.2. Breithiúnais <i>in absentia</i>	16
3.3. Forais le diúltú	20
3.3.1. Forais roghnacha agus éigeantacha le diúltú	20
3.3.2. Coiriúlacht dhúbailte	22
3.3.3. Prionsabal <i>ne bis in idem</i>	24
3.4 Dálaí coinneála	26
3.5 Saincheisteanna a bhaineann leis an aistriúchán	30
3.6 Sprioc-amanna	32
4. CINNEADH RÉIME 2008/909/CGB	35
4.1. Forais le diúltú	35
4.2 Saincheisteanna a bhaineann le dálaí coinneála	35
4.3 Measúnú ar athshlánú sóisialta	36
4.4. Faisnéis, tuairim agus toiliú an duine faoi phianbhreith leis an aistriú	40
4.4.1. An cás mar atá sa Bhallstát eisiúna	40
4.4.2. An cás mar atá sa Bhallstát forghníomhaitheach	43
4.5. Oiriúnú agus aitheantas páirteach agus oiriúnú páirteach	45

4.5.1.	Oiriúnú	45
4.5.2.	Aitheantas páirteach	48
4.6.	Saincheisteanna a bhaineann leis an aistriúchán	51
4.7.	Sprioc-amanna.....	54
5.	NAISC IDIR CINNTÍ RÉIME 2002/584/CGB agus 2008/909/CGB.....	56
6.	CINNTÍ RÉIME 2008/947/CGB AGUS 2009/829/CGB.....	62
6.1	Easpa ó thaobh cur i bhfeidhm de	62
6.2	Cinneadh Réime 2008/947/CGB	65
6.3	Cinneadh Réime 2009/829/CGB	67
7.	SAINCHEISTEANNA COTHROMÁNACHA.....	70
7.1	Údarás lárnach agus teagmhálacha díreacha	70
7.1.1.	Údarás lárnach agus teagmhálacha díreacha faoi Chinneadh Réime 2002/584/CGB ..	70
7.1.2.	Údarás lárnach agus teagmhálacha díreacha faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB ..	72
7.1.3.	Údarás lárnach agus teagmhálacha díreacha faoi Chinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB	73
7.2.	Speisialú na n-údarás inniúil.....	73
7.3.	Comhar agus malartú faisnéise.....	75
7.4.	Idirthuras arna dhéanamh ag an duine iarrtha nó an duine ar cuireadh pianbhreith air	79
7.5.	Comhar le Eurojust agus le EJN	81
7.6.	Oiliúint.....	85
7.7.	Staidreamh	90

1. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Díríodh an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha ar cheithre ionstraim maidir le haitheantas frithpháirteach i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, a bhaineann le cailleadh nó srianadh saoirse. Tá príomh-mholtaí sa tuarascáil chríochnaitheach atá dírithe ar na Ballstáit agus ar institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, arb é is aidhm dóibh cur i bhfeidhm na n-ionstraimí atá faoi réir na meastóireachtaí a fheabhsú a thuilleadh. Níor cuireadh chun suntais aon ghá ar leith le reachtaíocht ar leibhéal an Aontais le linn an bhabhta.

Oibríonn comhar breithiúnach i measc na mBallstát bunaithe ar **Chinneadh Réime 2002/584/CGB maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach (BGE)** agus ar **Chinneadh Réime 2008/909/CGB maidir le pianbhreitheanna coimeádta** go maith i gcleachtas. Mar sin féin, tá spás ann le haghaidh forbairt i roinnt príomhréimsí. Tá an caidreamh feidhmiúil agus an chomhlántacht idir an dá ionstraim sin casta go leor, agus tá na moltaí lena dtugtar aghaidh ar an nasc sonrach sin dírithe ar níos mó soiléireachta a bhaint amach ar fud an Aontais.

Bhí **Cinneadh Réime 2002/584/CGB** maidir le BGE ina ábhar don cheathrú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, agus glacadh an tuarascáil chríochnaitheach in 2009¹. I bhfianaise thábhacht na hionstraime sin agus úsáid mhinic na hionstraime sin, chomh maith le líon na n-iarrataí ar réamhrialuithe chuig CBAE atá ag méadú go seasta, roghnaíodh roinnt príomhábhar mar ábhar na meastóireachta idir lámha.

Maidir leis na forais le diúltú, léiríodh sa mheastóireacht go bhfuil forais áirithe le neamh-fhorghníomhú atá rognach sa Chinneadh Réime éigeantach sa reachtaíocht náisiúnta i roinnt Ballstát. Leis an gcur chuige sin, laghdaítear líon na BGEanna a fhorghníomhaítear go hiarbhir agus cuirtear bac ar fheidhmiú cuí an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach.

¹ 8302/4/2009

I gcomhréir le cásdlí ábhartha CBAE a bhaineann le BGE (Breithiúnas C-665/20 PPU an 29 Aibreán 2021), ní mór corrlach lánroghnach a bheith ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach féin, maidir le cé acu is iomchuí nó nach iomchuí BGE a fhorghníomhú ar fhorais neamh-fhorghníomhaithe roghnaigh. Tar éis imeachtaí um shárú a thionscnamh, tá athbhreithniú á dhéanamh ag roinnt Ballstát faoi láthair ar reachtaíocht, a dhéanann difear, i measc nithe eile, do na forálacha maidir le forais le diúltú.

Maidir leis na saincheisteanna a thagann aníos arís is arís eile i ndáil le cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta, is fiú a thabhairt faoi deara go bhféadfaí feabhas suntasach a fheiceáil i gcomparáid le torthaí an cheathrú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha. Mar sin féin, i roinnt Ballstát, déanann na húdaráis fhorghníomhaitheacha measúnú ar an gcomhréireacht fós. D'fhéadfadh sé go gcruthófaí foras nua chun tabhairt suas a dhiúltú mar thoradh ar an gcur chuige sin, ar foras é nach bhfuil i gcomhréir le Cinneadh Réime 2002/584/CGB agus atá i gcoinbhleacht le prionsabail an aitheantais fhrithpháirtigh agus na hiontaoibhe frithpháirtí.

I bhformhór na mBallstát, tar éis chásdlí CBAE², déanann na húdaráis fhorghníomhaitheacha measúnú sonrach ar an riosca a bhaineann le híde atá mídhonna nó táireach. Ós rud é nach gcuireann na Ballstáit cásdlí CBAE thuasluaite i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach nó comhsheasmhach, chuir roinnt foirne meastóireachta in iúl gur gá dlí-eolaíocht ábhartha CBAE a shoiléiriú ar leibhéal an Aontais. Léiríodh sna meastóireachtaí freisin go bhfuil tionscnaimh déanta ag na Ballstáit a ndearna saincheisteanna a bhaineann le coinníollacha coinneála difear dóibh, lena n-áirítear plódú, nó go bhfuil tionscnaimh á meas acu chun feabhas a chur ar an staid. I gcomhthéacs na meastóireachtaí, cuireadh i dtábhacht i gcásanna ina gcuirtear nósanna imeachta um thabhairt suas ar fionraí nó ina gcuirtear stop leo mar gheall ar thástáil dhá chéim *Aranyosi agus Căldăraru* ar choinníollacha coinneála, gur cheart d'údaráis inniúla na mBallstát iarrachtaí a dhéanamh chun saoirse ó phionós a sheachaint.

I gcás **Chinneadh Réime 2008/909/CGB maidir le pianbhreitheanna coimeádta**, i measc nithe eile, rinneadh anailís ar an measúnú ar athshlánú sóisialta, ós rud é gur cheart é sin a bheith ar cheann d'aidhmeanna an tsásra. Mar sin féin, ní mór an leas sin a chothromú le leas an chórais cheartais an pionós a fhorfheidhmiú go héifeachtach laistigh de Bhallstát amháin.

² C-404/15 *Aranyosi agus Căldăraru*, C-120/18 *ML* agus C-128/18 *Dorobantu*

Léiríodh sna meastóireachtaí freisin nach gcruthaítear dúshláin mhóra maidir le cur i bhfeidhm an Chinnidh Réime sin i dtromlach na mBallstát maidir le haitheantas páirteach agus oiriúnú na habairte. Eascraíonn deacrachtaí, áfach, as na difríochtaí idir córais dlí, amhail: neamh-chomhoiriúnacht beart áirithe le dlí an Stáit fhorghníomhaithigh; na critéir agus na modhanna éagsúla a úsáideann gach Ballstát chun an phianbhreith deiridh a ríomh; agus prionsabal chomhiomlánú na bpionós arna bhforchur a chur i bhfeidhm. Ní mór a chur i dtreis go láidir go mbíonn deacrachtaí ag roinnt Ballstát ó thaobh na spriocdhátaí a leagtar amach sa Chinneadh Réime seo a chomhlíonadh, dá bhrí sin ba cheart do na Ballstáit iarrachtaí a dhéanamh dlús a chur lena bpróiseas cinnteoireachta.

Deimhníodh leis an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha go bhfuil easpa shuntasach i gceist ó thaobh chur i bhfeidhm **Chinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB**, maidir le bearta neamhchoinneála faoi seach sna céimeanna iarthrialach agus réamhthrialach d'imeachtaí coiriúla. Sainaithníodh roinnt cúiseanna coitianta: easpa feasachta agus eolais i measc cleachtóirí, castacht agus fad na n-imeachtaí, líon íseal cásanna a bhfuil impleachtaí trasteorann acu. Go sonrach, is iad na difríochtaí suntasacha idir na córais náisiúnta maidir le cineál agus fad na mbeart promhaidh agus na mbeart malartach is infheidhme is cúis leis an easpa úsáide i gcás **Chinneadh Réime 2008/947/CGB**. Maidir le **Cinneadh Réime 2009/829/CGB**, is gnách go mbaineann an t-iarratas neamhchoitianta leis an deacracht a bhaineann le cásanna a shainaithint ina mbeadh sé éifeachtach agus iomchuí Ordú Maoirseachta Eorpach a eisiúint mar is gá chun críocha an nós imeachta choiriúil. Is é is aidhm do na moltaí feasacht a mhúscailt maidir leis an dá Chinneadh Réime sin, agus treoir agus uirlisí a chur ar fáil do chleachtóirí maidir lena gcur i bhfeidhm, d'fhonn a n-úsáid faoi seach a chur chun cinn agus a fheabhsú.

Is féidir leis an **gcomhar le Eurojust agus leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair choiriúla (EJN)** cur go mór le comhar breithiúnach éifeachtach in ábhair choiriúla ar fud an Aontais, go háirithe i gcásanna casta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu nó nuair a bhíonn gá le faisnéis chun na húdaráis inniúla nó na rialacha is infheidhme i mBallstáit eile a shainaithint. Mar thoradh ar an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, áfach, dá mbainfí úsáid níos forleithne as cúnamh arna sholáthar ag Eurojust agus ag EJN ar fud na mBallstát uile, chuirfí go mór le cásanna a réiteach ar bhealach níos éasca agus níos gasta agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí tuilleadh feabhais ar chomhar breithiúnach trasteorann san Aontas.

2. RÉAMHRÁ

Cumhdaíodh prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh mar bhunchloch don chomhar breithiúnach san Aontas ag Comhairle Eorpach Tampere in 1999. Chuir an Chomhairle béim ‘*inter alia*’ ar an ngá atá le cur chun feidhme ionstraimí dlí maidir le haitheantas frithpháirteach a dhéanamh níos éifeachtaí sna conclúidí uaithi an 7 Nollaig 2018 maidir le ‘Aitheantas frithpháirteach a chur chun cinn trí mhuinín fhrithpháirteach a fheabhsú’. Thairis sin, sna conclúidí uaithi maidir leis ‘An barántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta eiseachadta - dúshlán reatha agus an bealach chun cinn’, chomhaontaigh an Chomhairle *inter alia* go bhféadfaí feabhas a chur ar an bhféidearthacht maidir le trasuí náisiúnta agus cur i bhfeidhm praiticiúil Chinneadh Réime 2002/584/CGB, chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe áirithe den nós imeachta sa Bhallstát eisiúna agus sa Bhallstát forghníomhaitheach agus chun nósanna imeachta BGE a neartú tráth géarchéime. Ar deireadh, sna conclúidí uaithi i mí na Nollag 2019 maidir le bearta malartacha ar choinneáil, d’iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint d’fheabhas a chur ar chur chun feidhme Chinntí Réime an Aontais maidir le promhadh agus smachtbhannaí malartacha (2008/947/CGB) agus maidir leis an Ordú Maoirseachta Eorpach (2009/829/CGB), agus an fhaisnéis a bailíodh le linn an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha á cur san áireamh.

Mar gheall ar raon leathan na n-ionstraimí dlíthiúla i réimse an aitheantais fhrithpháirtigh agus a raon feidhme leathan, comhaontaíodh ag an gcruinniú a bhí ag CATS an 12 Feabhra 2019 go ndíreofaí sa mheastóireacht ar na hionstraimí seo a leanas maidir le haitheantas frithpháirteach:

- Cinneadh Réime 2002/584/CGB maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (‘BGE’);
- Cinneadh Réime 2008/909/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach (‘pianbhreitheanna coimeádta’);

- Cinneadh Réime 2008/947/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i ndáil le breithiúnais agus cinntí promhaidh d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar bhearta promhaidh agus ar smachtbhannaí malartacha ('bearta promhaidh agus malartacha');
- Cinneadh Réime 2009/829/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm, idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ar chinntí faoi bhearta maoirseachta mar rogha mhalartach ar choinneáil shealadach.

Ag an gcruinniú thuasluaite a bhí ag CATS, comhaontaíodh freisin nach ndíreofaí sa mheastóireacht ach ar na gnéithe sonracha sin de na hionstraimí sin ar mheas na Ballstáit gur cheart aird ar leith a thabhairt orthu, mar a leagtar amach go mionsonraithe in 6333/19, agus na naisc dhlíthiúla agus oibríochtúla idir Cinneadh Réime 2002/584/CGB maidir le BGE agus Cinneadh Réime 2008/909/CGB maidir le pianbhreitheanna coimeádta.

Agus tagairt á déanamh do Chinneadh Réime 2008/947/CGB maidir le bearta promhaidh agus malartacha agus do Chinneadh Réime 2009/829/CGB maidir leis an Ordú Maoirseachta Eorpach, cinneadh gur de chineál sách ginearálta a bheadh an mheastóireacht agus go ndéanfaí iarracht na cúiseanna a raibh an dá Chinneadh Réime sin á gcur i bhfeidhm go hannamh a shuí.

Mar gheall ar an bpaindéim, níorbh fhéidir an t-ord cuairteanna ar na Ballstáit a ghlac CATS an 13 Bealtaine 2019 a leanúint, ós rud é gur cuireadh roinnt cuairteanna ar an láthair siar arís agus arís eile, rud a chuir moill shuntasach ar bhailchríoch a chur ar an naoú babhta meastóireachta. Dá bhrí sin, níor tugadh na cuairteanna ar an láthair ar cuireadh tús leo i mí na Samhna 2019 i gcrích go dtí mí Aibreáin 2022. I gcomhréir le hAirteagal 3 de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 97/827/CGB an 5 Nollaig 1997, dhréachtaigh an Uachtaránacht liosta saineolaithe sna meastóireachtaí atá le déanamh, bunaithe ar shaineolaithe a bhfuil eolas substaintiúil praiticiúil acu ar an réimse atá faoi réir na meastóireachta a bheith ainmnithe ag na Ballstáit. Triúr saineolaithe náisiúnta a bhí ar na foirne meastóireachta, agus tacaíocht acu ó bhall foirne amháin nó níos mó ó Ardrúnaíocht na Comhairle agus roinnt uaireanta ó bhreathnóirí (an Coimisiún Eorpach agus Eurojust).

Ba é is aidhm don naoú babhta meastóireachta frithpháirtí breisluach iarbhír a chur ar fáil tríd an deis a thabhairt, trí chuairteanna ar an láthair, breithniú a dhéanamh ní hamháin ar na saincheisteanna dlí ach freisin – agus go háirithe – ar ghnéithe ábhartha praiticiúla agus oibríochtúla a bhaineann leis an gcaoi a ndéanann cleachtóirí na hionstraimí sin a chur chun feidhme i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla trasteorann.

Sa dréacht-tuarascáil seo, a d'ullmhaigh Ardrúnaíocht na Comhairle, thar ceann na hUachtaránachta, déantar achoimre ar na príomhthorthaí, na conclúidí agus na moltaí sna tuarascálacha tíre aonair agus foirmítear moltaí do na Ballstáit agus d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais, agus cuirtear san áireamh na moltaí a sainaithníodh mar na cinn is ábhartha agus/nó is minice ar bhonn na dtuarascálacha ar na 27 mBallstát a ndearnadh meastóireacht orthu, inar sainaithníodh easnaimh agus réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu. Leagtar béim i dtéacs na tuarascála freisin ar roinnt dea-chleachtas a sainaithníodh i gcomhthéacs an bhabhta seo de na meastóireachtaí frithpháirteacha, ar féidir iad a roinnt idir na Ballstáit, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí ag gach céim d'imeachtaí coiriúla ar fud an Aontais.

Ar bhonn níos ginearálta, táthar ag súil go gcuirfidh an cleachtadh sin cur chun feidhme comhleanúnach agus éifeachtach an phacáiste ionstraimí dlíthiúla seo chun cinn a mhéid is féidir, chun muinín fhrithpháirteach a fheabhsú i measc údarais bhreithiúnacha na mBallstát agus le feidhmiú an chomhair bhreithiúnaigh trasteorann in ábhair choiriúla a fheabhsú laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

3. CINNEADH RÉIME 2002/584/CGB

3.1 Comhréireacht

Prionsabal ginearálta den dlí choiriúil is ea prionsabal na comhréireachta, ar príomhghné é don chomhar éifeachtach sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, nach luaitear go sainráite i reachtaíocht na mBallstát uile agus i gcuid acu a eascraíonn as a mbunreachtanna, go príomha ó phrionsabal an smachta reachta agus ó chosaint chearta an duine agus saoirsí bunúsacha.

I dtéarmaí níos ginearálta, is é atá i gceist le prionsabal na comhréireachta cothromú a dhéanamh ar aon idirghabháil i gcearta duine aonair i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla i gcoinne leas na sochaí lucht déanta ciona choiriúil a bhrath agus a ghabháil. Sa chleachtas, ceanglaítear leis gur cheart an choinneáil a theorannú do chásanna a bhaineann le cionta coiriúla tromchúiseacha. Agus aird á tabhairt ar na hiarmhairtí a bhíonn ag forghníomhú BGE ar shaoirse an duine iarrtha agus ar na srianta ar shaorghluaiseacht, tá sé tábhachtach go ndéanfadh na húdaráis bhreithiúnacha eisiúna breithniú ar roinnt tosca chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil údar cuí le BGE a eisiúint.

Tá prionsabal na comhréireachta seanbhunaithe i gcóras dlí an Aontais, i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, agus sa reachtaíocht náisiúnta. Mar sin féin, ní bhunaítear le hAirteagal 2(1) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ach tairseacha maidir le barántas gabhála Eorpach a eisiúint. Sonraítear ann nach féidir BGE chun críche ionchúisimh a eisiúint ach amháin i leith gníomhartha atá inphionóis le dlí an Bhallstáit eisiúna le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse 12 mhí ar a laghad, agus nach féidir BGE a eisiúint chun pianbhreith a fhorghníomhú ach amháin i leith pianbhreitheanna 4 mhí ar a laghad.

Léirítear comhthuisceant ar phrionsabal na comhréireachta i Lámhleabhar an Choimisiúin Eorpaigh maidir le conas barántas gabhála Eorpach a eisiúint agus a fhorghníomhú, ina bhfuil mínithe fairsinge ar shaincheist na comhréireachta agus na critéir atá le cur i bhfeidhm ag na húdaráis eisiúna ina leith sin: tromchúis an chiona, an pionós is dóigh a d'fhéadfaí a fhorchur, an dóchúlacht go gcoinneofaí an duine tar éis géilleadh agus leas an íospartaigh.

Measann formhór na mBallstát, agus iad ag gníomhú mar Bhallstáit eisiúna, an féidir ionstraimí eile comhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla a úsáid in ionad BGE a eisiúint, ar ionstraimí iad atá éifeachtach ach nach bhfuil chomh comhéigheach céanna, go háirithe má iarrtar an tabhairt suas chun éisteacht leis an duine a bhfuil amhras faoi/ina leith le linn an imscrúdaithe agus nach féidir é nó í a ionchúiseamh go fóill nó chun pianbhreith choimeádta a fhorfheidhmiú. Sa chás seo, d'fhéadfaí Ordú Imscrúdaithe Eorpach (OIE) a eisiúint chun críocha éisteacht a thabhairt don duine faoi dhrochamhras/a bhfuil cúis curtha ina leith trí fhíschomhdháil nó d'aistriú sealadach. Tá ról lárnach aige sin maidir le mí-úsáid BGE a sheachaint i gcásanna ina bhfuil roghanna nach bhfuil chomh hionrach céanna ar fáil chun a áirithiú go nglacfadh duine cúisithe atá lonnaithe thar lear páirt in imeachtaí coiriúla sa Bhallstát eisiúna agus nach bhfuil sé fíor-riachtanach an duine sin a choinneáil.

In éagmais sainmhíniú dlíthiúil i gCinneadh Réime 2002/584/CGB agus in éagmais múnla aonair do na dlínsí uile, cuireann na Ballstáit prionsabal na comhréireachta i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla, agus níl na critéir a úsáidtear sa chleachtas chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht BGE na aonfhoirmeach sna Ballstát uile. Is iad na critéir is coitianta a chuirtear i bhfeidhm tromchúis an chiona, an fad ama ó rinneadh an choir, an damáiste a rinneadh, leasanna an íospartaigh, an pionós a bhfuiltear ag súil leis, aois agus iompar an duine lena mbaineann agus imthosca eile an cháis, etc. I dtuarascáil mheastóireachta amháin, leagtar béim ar ghné eile den chomhréireacht, eadhon nach diomaibhseach na costais airgeadais a bhaineann le BGE a chur chun feidhme, agus gur cheart iad a bheith i gcomhréir le tromchúis an chiona. Tá lámhleabhair nó treoirlínte náisiúnta eisithe ag roinnt Ballstát chun measúnú comhréireachta a éascú.

Mar a leagtar amach i roinnt tuarascálacha meastóireachta ar an naoú babhta, ba cheart gurb é an Stát eisiúna amháin a dhéanadh an tseiceáil comhréireachta. Go deimhin, is ar éigean a dhéanann aon Bhallstát measúnú ar chomhréireacht agus BGE á fhorghníomhú acu. Mar sin féin, tá roinnt Ballstát den tuairim nach ndéanann údaráis eisiúna na mBallstát measúnú ceart ar chomhréireacht i gcónaí sula n-eisíonn siad BGEanna a bhfuil an chuma air go bhfuil siad díreireach le tromchúis an chiona. Déanann siad measúnú freisin ar chomhréireacht agus iad ag gníomhú mar údaráis fhorghníomhaitheacha, agus i gcásanna áirithe, má chreideann siad nach bhfuil údar leis de bharr thromchúis an chiona, tugann siad le fios gur cheart BGE a tharraingt siar nó a fhorghníomhú a dhiúltú.

Mar sin féin, is annamh a dhéanann na Ballstáit sin na measúnuithe sin. Mar a cuireadh in iúl go láidir sna tuarascálacha faoi seach, d'fhéadfadh sé go gcruthófaí foras nua chun géilleadh a dhiúltú mar thoradh ar an gcur chuige sin, ar foras é nach bhfuil i gcomhréir le Cinneadh Réime 2002/584/CGB agus atá i gcoinbhleacht le prionsabail an aitheantais fhrithpháirtigh agus na hiontaoibhe frithpháirtí.

D'fhéadfadh fadhb a bheith ann maidir leis an rogha idir BGE agus OIE mar gheall ar na forais le diúltú i gcomhthéacs OIE, e.g., mura nglacann an Ballstát forghníomhaitheach le húsáid físchomhdhálacha chun daoine faoi dhrochamhras/a bhfuil cúis ina leith a cheistiú.

Ní mór a chur san áireamh freisin nach bhfuil Éire ná an Danmhairg ina bpáirtithe san Ordú Imscrúdaithe Eorpach. Dá bhrí sin, mura mbaineann údaráis inniúla na mBallstát úsáid as BGE, bheadh orthu cúnamh dlíthiúil coiriúil a lorg agus a chur ar fáil de bhun ionstraimí eile, amhail Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach (MLA) agus ionstraimí ábhartha de chuid an Aontais, amhail Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfaí feabhas suntasach a thabhairt faoi deara i gcomparáid le torthaí an cheathrú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha inar shaincheist thromchúiseach í an chomhréireacht. Anois, i bhformhór na mBallstát, cuirtear prionsabal na comhréireachta chun feidhme go sásúil. Sainaithníodh cur chuige roinnt Ballstát ina leith sin mar dhea-chleachtas agus níor moladh ach do roinnt Ballstát prionsabal na comhréireachta a fhorbairt a thuilleadh ina n-imeachtaí náisiúnta BGE.

MOLTAÍ

- *Moltar do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla, agus iad ag gníomhú mar údaráis eisiúna in imeachtaí BGE, an tástáil chomhréireachta i gcónaí trí mheasúnú cúramach a dhéanamh ar imthosca gach cáis, chun a chinneadh an féidir ionstraimí comhair bhreithiúnaigh nach bhfuil chomh hionrach céanna a úsáid in ionad BGE a eisiúint.*
- *Moltar do na Ballstáit a áirithiú nach measfaidh a n-údaráis inniúla, agus iad ag gníomhú mar údaráis fhorghníomhaitheacha in imeachtaí BGE, an easpa comhréireachta in BGEnna arna n-eisiúint ag an mBallstát iarrthach, mar fhoras chun forghníomhú BGE a dhiúltú.*

3.2. Breithiúnais *in absentia*

Le Cinneadh Réime 2009/299/CGB, lena leasaítear Cinneadh Réime 2002/584/CGB trí, *inter alia*, Airteagal 4a a chur isteach, déantar foráil maidir le foras roghnach chun diúltú do bhreithiúnais a thugtar *in absentia*, agus do cheithre eisceacht nach bhféadfar BGE a dhiúltú fúthu, toisc go dtoimhdítear go raibh an duine iarrtha ar an eolas faoin triail.

I roinnt Ballstát, ní cheadaítear le reachtaíocht náisiúnta breithiúnais *in absentia* ná ní chuireann sí faoi choinníollacha áirithe iad, rud a chuireann teorainn leis an bhféidearthacht breithiúnas den sórt sin a eisiúint i gcásanna eisceachtúla. Mar sin féin, bhí ar na Ballstáit sin, agus iad ag gníomhú mar Bhallstáit fhorghníomhaitheacha, déileáil le cásanna inar tugadh breithiúnais *in absentia* sa Stát eisiúna. Go ginearálta, léiríodh sa naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha nach cosúil go bhfuil sé sin ina bhac ar chur i bhfeidhm Airteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584/CGB.

Ina theannta sin, is mór idir na ceanglais maidir le breithiúnais a dhéanamh in éagmais an duine iarrtha ag an triail agus na critéir faoina n-aicmítear breithiúnas mar cheann *in absentia* sna Ballstáit éagsúla. I roinnt Ballstát, de bhun na reachtaíochta náisiúnta ábhartha, meastar gur leor an duine cúisithe a thoghairm le fógra a sheirbheálfar ag an seoladh ainmnithe, is cuma an bhfaigheann an duine lena mbaineann an toghairm go pearsanta agus an bhfuil sé nó sí ar an eolas faoin triail.

I gcás fhormhór na mBallstát, níor leagadh béim sa naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha ar aon mhórfhadhbanna maidir le breithiúnais *in absentia*. Mar sin féin, bíonn roinnt deacrachtaí ann arís agus arís eile i bhformhór na mBallstát, a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- (a) úsáid agus léirmhíniú Roinn (d) d'fhoirm BGE, eadhon an leagan a bhí ann roimh theacht i bhfeidhm Chinneadh Réime 2009/299/CGB a úsáid, nó an fhaisnéis mhicheart nó neamhiomlán nó bhréagnaitheach sa leagan reatha den fhoirm BGE. Chuir formhór na mBallstát in iúl gur minic nach mbíonn sé soiléir ó ábhar BGE a fhaightear cé acu atá nó nach bhfuil na forais le diúltú faoi Airteagal 4a den Chinneadh Réime infheidhme, mar shampla toisc nach bhfuil tic sa bhosca ábhartha nó toisc nach leor na sonraí a thugtar;
- (b) difríochtaí i léirmhíniú choincheap an bhreithiúnais *in absentia* agus a shaintréithe: breithiúnas sáraíochta, breithiúnas críochnaitheach, an fhéidearthacht achomharc a dhéanamh, etc. D'fhéadfadh na ceanglais dhlíthiúla éagsúla sna Ballstáit maidir le breithiúnais a sheirbheáil agus toghairm le haghaidh imeachtaí breithiúnacha an próiseas aitheantais a dhéanamh níos casta. Tá sé curtha in iúl ag roinnt cleachtóirí de chuid na mBallstát agus ag roinnt foirne meastóireachta go mbeadh sé úsáideach cleachtais choiteanna a bhunú ar leibhéal an Aontais maidir le breithiúnais a láimhseáil *in absentia* i gcomhthéacs imeachtaí BGE;
- (c) na difríochtaí i dtrasuí Chinneadh Réime 2009/299/CGB sna Ballstáit agus, go háirithe, cineál éigeantach nó roghnach na bhforas le diúltú. Go deimhin, rinne roinnt Ballstát an foras sin le diúltú a thrasú mar fhoras éigeantach, cé go bhforáiltear in Airteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584/CGB d'fhoras roghnach le haghaidh diúltú.

I bhfianaise an mhéid thuas, is minic a dhéanann na húdaráis fhorghníomhaitheacha faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát eisiúna, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, chun an fhaisnéis atá ar iarraidh faoi nósanna imeachta *in absentia* sna Ballstáit sin a fháil agus chun na mionsonraí maidir le láithreach an duine iarrtha ag na himeachtaí coiriúla a fhionnadh go soiléir. Is iad seo a leanas na sonraí sin: an chaoi ar toghairmeadh an duine, an raibh an duine i láthair ag an éisteacht, an raibh dlíodóir cosanta ag feidhmiú thar ceann an duine, an ndearnadh breithiúnas críochnaitheach den bhreithiúnas a tugadh *in absentia*, agus an ceart chun atrialach. Iarrann roinnt Ballstát na cinntí náisiúnta ábhartha ón Stát eisiúna freisin.

Mar a luaigh údaráis roinnt Ballstát, tar éis ghlacadh Cinneadh Réime 2009/299/CGB, agus go háirithe tar éis bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcásanna *Tupikas*³, *Zdziaszek*⁴ agus *Ardic*⁵, tá méadú tagtha ar líon na n-iarrataí ar fhaisnéis bhreise, go háirithe i gcásanna ina bhfuil BGE bunaithe ar níos mó ná cinneadh breithiúnach amháin. I gcásanna áirithe, ba é sin an chúis le neamh-chomhlíonadh na dteorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 17 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB nó le méadú ar líon na ndiúltuithe BGE^{na}.

Dealraíonn sé go ndearnadh roinnt diúltuithe, i gcomhréir le cásdlí CBAE, i gcásanna nach gceadaítear atriail le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit eisiúna. Agus léirmhínithe éagsúla an chásdlí thuasluaite á gcur san áireamh, tugadh faoi deara i roinnt tuarascálacha go mbeadh treoir ar leibhéal an Aontais úsáideach d'fhonn cur chuige comhchuibhithe a bhaint amach.

Go deimhin, d'fhéadfadh iarrataí den sórt sin ar fhaisnéis fhorlíontach a bheith am-íditheach agus d'fhéadfadh moill a bheith ar an nós imeachta agus/nó d'fhéadfadh sé nach gcloífi leis na sprioc-amanna. Dá bhrí sin, bheadh sé an-úsáideach dá mbeadh an fhaisnéis a chuir an Ballstát eisiúna ar fáil i ndáil le breithiúnais *in absentia* maidir le heolas an duine chiontaithe ar an triail agus faisnéis ábhartha eile níos fairsinge agus níos beaichte, agus dá mbeadh fáil uirthi ón tús, ionas nach mbeadh gá le faisnéis bhreise a iarraidh.

³ Breithiúnas an 10 Lúnasa 2017, *Openbaar Ministerie v Tadas Tupikas*, C-270/17 PPU, AE:C:2017:628.

⁴ Breithiúnas an 10 Lúnasa 2017, *Openbaar Ministerie v Sławomir Andrzej Zdziaszek*, C-271/17 PPU, AE:C:2017:629.

⁵ Breithiúnas an 22 Nollaig 2017, *Samet Ardic*, C-571/17PPU, AE:C:2017:1026.

D'fhéadfadh an staid a bheith níos casta i gcás ina leanann an cinneadh críochnaitheach imeachtaí a tharla trí roinnt cásanna agus nach raibh an duine i láthair ag gach céim de na himeachtaí breithiúnacha coiriúla. I bhfianaise chásdlí CBAE thuasluaite maidir le breithiúnais *in absentia*, tá sé tábhachtach láithreacht an chúisí i ngach cás de na himeachtaí coiriúla a chur san áireamh; rinne roinnt Ballstát a reachtaíocht a oiriúnú chun na breithiúnais sin a chomhlíonadh, ach cuireadh i dtábhacht sna tuarascálacha meastóireachta faoi seach gur gá do Bhallstáit eile déanamh amhlaidh.

MOLTAÍ

- *Ba cheart d'údaráis eisiúna na mBallstát faisnéis shoiléir chuimsitheach a chur ar fáil i roinn (d) d'fhoirm BGE aon uair atá feidhm ag Airteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584/CGB mar thoradh ar bhreithiúnais arna dtabhairt gan an cosantóir a bheith i láthair, go háirithe maidir leis an gcóras náisiúnta le haghaidh trialacha in absentia agus maidir leis an mbealach ar cuireadh an duine iarrtha ar an eolas faoin triail.*
- *Iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach machnamh a dhéanamh ar threoirlínte a eisiúint maidir le conas déileáil le breithiúnais in absentia d'fhonn léirmhíniú agus cur i bhfeidhm Airteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584/CGB a chomhchuibhiú ar fud an Aontais, i gcomhréir le cásdlí ábhartha CBAE, tar éis, de réir mar is iomchuí, plé ábhartha a bheith déanta ag comhlachtaí inniúla na Comhairle.*
- *Iarrtar ar an nGréasán Breithiúnach Eorpach (EJN), i gcomhar leis na Ballstáit, breathnú ar fhaisnéis shonrach maidir le reachtaíocht náisiúnta agus impleachtaí nós imeachta sna Ballstáit a bhaineann le breithiúnais in absentia a áireamh ar a shuíomh gréasáin.*

3.3. Forais le diúltú

3.3.1. Forais roghnacha agus éigeantacha le diúltú

Le hAirteagal 3 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, déantar foráil do thrí fhoras éigeantacha le haghaidh neamhfhorghníomhú BGE, ar ar a mbonn a bhfuil sé d'oibleagáid ar na húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha tabhairt suas an duine iarrtha don Stát eisiúna a dhiúltú. Is iad seo a leanas na forais éigeantacha sin leis an diúltú: ilphardún, *ne bis in idem* agus eisiámh ó fhreagracht choiriúil mar gheall ar aois.

Déantar foráil in Airteagal 4 maidir le seacht bhforas roghnacha le haghaidh neamh-fhorghníomhú, ar ar a mbonn a fhéadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha an tabhairt suas a dhiúltú. I ndáil leis sin, áfach, tá difríochtaí i dtrasuí Chinneadh Réime 2002/584/CGB sa reachtaíocht náisiúnta. I roinnt Ballstát, tá forais áirithe le neamh-fhorghníomhú atá roghnach sa Chinneadh Réime éigeantach sa reachtaíocht náisiúnta. Ní dhéantar aon idirdhealú, i mBallstát amháin, sa reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear Cinneadh Réime 2002/584/CGB idir forais éigeantacha agus forais roghnacha le diúltú.

Cháin roinnt foirne saineolaithe a raibh baint acu leis na meastóireachtaí, i gcomhréir leis an gceathrú babhta meastóireachta ar BGE, na cleachtais sin, á chur chun suntais *inter alia* go gceileann siad ar na húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha an deis measúnú a dhéanamh ar bhonn cás ar chás cibé ar cheart dóibh na forais le diúltú a chur i bhfeidhm nó nár cheart, i gcás inar measadh sa Chinneadh Réime gur forais roghnacha iad na forais sin. Chuir siad i dtreis, i gcomhréir le cásdlí ábhartha CBAE a bhaineann le BGE (Breithiúnas C-665/20 PPU an 29 Aibreán 2021) gur cheart corrlach áirithe lánroghnach a bheith ag na Ballstáit chun a chinneadh an iomchuí nó nach iomchuí diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú. Mar sin féin, ní faoin reachtóir atá sé, ach faoin údarás breithiúnach a bhfuil cás sonrach á scrúdú aige, an corrlach lánroghnach sin a fheidhmiú.

Chuir siad in iúl, dá bhrí sin, gur cheart reachtaíocht náisiúnta na mBallstát uile a ailíniú le Cinneadh Réime 2002/584/CGB a mhéid a bhaineann le forais éigeantacha agus roghnacha le diúltú agus gur cheart í a bheith comhsheasmhach ar fud an Aontais.

Déantar foráil sa reachtaíocht náisiúnta i mBallstáit áirithe d'fhoras le diúltú nach bhforáiltear dó i gCinneadh Réime 2002/584/CGB, i gcás ina bhféadfaí cearta bunúsacha, mar a chumhdaítear iad in Airteagal 6 CAE, a bheith á sárú. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, dá mba rud é gur tugadh an breithiúnas le linn imeachtaí inar sáraíodh cearta agus saoirsí bunúsacha an duine, nó i gcás inar gearradh pianbhreith ar dhuine ar fhorais a ghnéis, a chine, a reiligiúin, a bhunaidh eitnigh, a náisiúntachta, a theanga, a thuairimí polaitiúla nó a ghnéaschlaonta.

Cuireann Ballstáit áirithe teorainn leis an bhféidearthacht a náisiúnaigh agus a gcónaitheoirí a thabhairt suas nó cuirtear sin faoi réir coinníollacha áirithe (amhail toiliú an duine iarrtha nó ráthaíocht um fhilleadh ón Stát eisiúna chun go ndeonófar an tabhairt suas), thar na coinníollacha a leagtar síos i gCinneadh Réime 2002/584/CGB. Sna cásanna sin, mhol na foirne saineolaithe do na Ballstáit sin breathnú an athuair ar an bhféidearthacht sin, agus mheas siad freisin nach raibh an reachtaíocht náisiúnta ghaolmhar sna cásanna sin i gcomhréir le Cinneadh Réime 2002/584/CGB.

Thug na foirne meastóireachta faoi deara go leathnaítear raon feidhme Chinneadh Réime 2002/584/CGB leis an gcur chuige sin, agus go laghdaítear leis líon na BGEanna a fhorghníomhaítear go hiarbhír agus gur bacainn shoiléir é ar fheidhmiú cuí an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla ar bhonn na muiníne frithpháirtí. Chuir siad i dtreis freisin an neamhréireacht le cásdlí CBAE, ina luaitear nach bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha, i bprionsabal, diúltú na barántais sin a fhorghníomhú ach amháin ar na forais le haghaidh neamh-fhorghníomhú a liostaítear go huileghabhálach i gCinneadh Réime BGE. Dá réir sin, cé go gcaithfear, mar riail ghinearálta, BGE a fhorghníomhú, d'fhéadfaí, ar bhonn eisceachtúil, diúltú é a fhorghníomhú, ach sin a léirmhíniú go docht (C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU).

I mBallstát amháin, is foras éigeantach an náisiúntacht chun BGE a dhiúltú arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta a fhorfheidhmiú, ach is foras roghnach é cónaí chun é a dhiúltú, agus ar an gcaoi sin caitear ar bhealach éagsúil le saoránaigh agus cónaitheoirí. Mheas an fhoireann meastóireachta faoi seach nach raibh sé sin i gcomhréir le hAirteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, lena bhforáiltear gur forais roghnacha iad náisiúntacht agus cónaí araon le haghaidh neamh-fhorghníomhú. Ní mór a chur i bhfios go láidir go bhfuil reachtaíocht leanúnach i roinnt Ballstát, lena n-áirítear forais le diúltú, ach gan a bheith teoranta dóibh, tar éis nósanna imeachta um shárú a thionscnamh.

3.3.2 Coiriúlacht dhúbailte

Ceann de na forais is coitianta maidir le neamh-fhorghníomhú BGEanna is ea an choiriúlacht dhúbailte, mar a leagtar síos in Airteagal 4(1) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, mar fhoras roghnach le diúltú. Sa chás sin, má eisítear BGE i leith cionta ar cion coiriúil iad faoi reachtaíocht an Bhallstáit eisiúna, ach nach n-eisítear faoi reachtaíocht an Bhallstáit fhorghníomhaigh, féadfar an tabhairt suas a dhiúltú, ach amháin má liostaítear an cion i measc na 32 chion faoi Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB atá díolmhaithe ó fhíorú coiriúlachta dúbailte.

Is iad na cionta is coitianta a mbíonn diúltú tabhairt suas mar thoradh orthu mar gheall ar easpa coiriúlachta dúbailte mionchoireanna, cionta drugaí agus tráchta, fuadach mionaoiseach, etc. De bhrí gur luaigh roinnt Ballstát nach mbíonn deacrachtaí acu nó nach mbíonn deacrachtaí acu ach go hannamh i ndáil le coiriúlacht dhúbailte, i gcás roinnt Ballstát, is fadhb athfhillteach é an tuairisc ar an gcion arna soláthar ag na húdaráis eisiúna i bhfoirm BGE.

Is minic a mheastar nach leor an fhaisnéis atá ann chun a shuí an cion coiriúil é an gníomh i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta sa Bhallstát forghníomhaitheach. Ní mór do na húdaráis fhorghníomhaitheacha a chinneadh an ann do ghnéithe bunúsacha an chion coiriúil faoin reachtaíocht náisiúnta agus an mbeadh siad inphionóis le pionós coiriúil dá dtarlódh sé ar a gcíoch siúd. Más amhlaidh go mbeadh, ba cheart dóibh a bheith in ann cur síos fíorasach ar an gcion coiriúil, mar a léirítear i roinn (e) d'fhoirm BGE, a chur i gcomparáid leis an tuairisc fhíorasach ar an gcion coibhéiseach faoi fhoráil shonrach dá ndlí coiriúil náisiúnta.

Mar sin féin, bíonn faisnéis ábhartha in easnamh ar uairibh (tuairisc mhionsonraithe ar ghnéithe chomhdhéanamh an chion liomhnaithe, ar cion coiriúil é ar cuireadh pianbhreith ar an duine ina leith, ar ghnéithe fíorasacha agus ar imthosca na coire, lena n-áirítear am agus áit an chion, nó an bhaint a liomhnaítear a bhí ag an duine iarrtha leis) in easnamh uaireanta. In éagmais na ngnéithe thuasluaite, nuair is gá an choiriúlacht dhúbailte a sheiceáil, féadfaidh na húdaráis fhorghníomhaitheacha faisnéis bhreise a iarraidh de bhun Airteagal 15 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB chun an cinneadh maidir leis an tabhairt suas a éascú.

Ar ndóigh, is leor tuairisc níos gonta ar na fíorais i gcás na 32 chion faoi Airteagal 2 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, nach bhfuil faoi réir fhíorú na coiriúlachta dúbailte. Thuairiscigh Ballstát amháin, áfach, go seiceálann roinnt Ballstát forghníomhaitheach coiriúlacht dhúbailte fós, fiú i gcás ‘c-ion liosta’, mar a thugtar air, nach bhfuil i gcomhréir le Cinneadh Réime 2002/584/CGB.

Tagann fadhbanna a bhaineann leis an easpa faisnéise leordhóthanaí chun cinn má tá cionta malartacha éagsúla i gceist leis an gcás agus cruthaíonn siad deacrachtaí dá bharr. D’fhéadfadh sé nach mbeadh aon choiriúlacht dhúbailte ann i gcás aon cheann de na cionta, ach, in éagmais faisnéis leordhóthanach, is deacair a chinneadh cé na cionta a chumhdaítear le ceanglas na coiriúlachta dúbailte, agus is deacair freisin codanna eile den phianbhreith, a bhaineann le cionta eile, a fhorfheidhmiú. Sna cásanna sin, iarrann na húdaráis fhorghníomhaitheacha ar an Stát eisiúna an féidir an phianbhreith a dheighilt. Mura nglactar leis sin, diúltaítear don tabhairt suas.

D’fhonn a áirithiú go dtuigfidh na húdaráis fhorghníomhaitheacha an cás go héasca, tá treoirlínte in Iarscríbhinn III de Lámhleabhar an Choimisiúin maidir le conas barántas gabhála Eorpach a eisiúint agus a fhorghníomhú faoin gcaoi a ndéantar foirm BGE a chomhlánú, lena n-áirítear roinn (e) maidir le conas tuairisc mhionsonraithe a thabhairt ar an gcoir. Ar an gcaoi sin, faigheann an t-údarás forghníomhaitheach léargas soiléir ar na fíorais agus bíonn sé in ann, más gá, measúnú a dhéanamh go héasca ar choiriúlacht dhúbailte agus ar aon chásanna *ne bis in idem* (féach an fhochaibidil seo a leanas).

Mar sin féin, de réir roinnt cleachtóirí, tá líon na BGEanna a dhiúltaítear ar bhonn coiriúlachta dúbailte sách íseal, rud a thugann le fios go réitíonn soláthar faisnéise breise na fadhbanna de ghnáth, cé go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le moill ar imeachtaí BGE.

Chuir roinnt Ballstát in iúl gur féidir le Eurojust nó le pointe teagmhála ábhartha EJM cabhrú le coiriúlacht dhúbailte a fhionnadh

Chuir údaráis Ballstáit amháin in iúl gur cosúil go gcuireann na Ballstáit cleachtais éagsúla i bhfeidhm maidir leis an nasc idir an tseiceáil ar choiriúlacht dhúbailte agus seiceáil ar theorannú reachtúil; i roinnt Ballstát, ní bhaineann an tseiceáil ar choiriúlacht dhúbailte le fíorú an bhfuil an tréimhse teorann d'fhorghníomhú faoi dhlí an Bhallstáit iarrtha dulta in éag, i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB.

Chuir údarás Ballstáit amháin in iúl go scrúdaíonn roinnt Ballstát coiriúlacht dhúbailte trí mheasúnú a dhéanamh ar fhiúntas an cháis trí pharaiméadair shonracha a reachtaíochta náisiúnta a chur i bhfeidhm go hiomlán, agus chuir siad i dtreis go láidir go bhféadfadh an cleachtas sin muinín fhrithpháirteach a lagú agus tionchar diúltach a imirt ar chomhar breithiúnach ar fud an Aontais.

3.3.3. Prionsabal *ne bis in idem*

De réir roinnt cleachtóirí, a mhéid a bhaineann le líon na BGEanna a diúltaíodh ar bhonn an phrionsabail *ne bis in idem*, a leagtar síos in Airteagal 3(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB mar fhoras éigeantach le diúltú, is cosúil go bhfuil sé sin sách íseal, agus níos lú diúltuithe fós ann ná mar atá i gcás na coiriúlachta dúbailte.

I bhformhór na mBallstát, ní raibh aon mhórdheacrachtaí ag na húdaráis bhreithiúnacha a mhéid a bhaineann leis an bprionsabal *ne bis in idem*. Tagraíonn saincheist amháin a d'fhéadfadh a bheith ann, áfach, don mheasúnú ar na 'gníomhartha céanna'. Ó thaobh an dlí de, agus measúnú á dhéanamh ar choincheap na 'gníomhartha céanna', is féidir tagairt a dhéanamh, sa bhreis ar Airteagal 3(2) de Chinneadh Réime 002/584/CGB, do rialú CBAE in C-261/09, (Mantello) agus C-665/20 PPU (X - *Mandat d'arrêt européen - Ne bis in idem*) agus d'Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme (CISA).

Ó thaobh na praiticiúlachta de, áfach, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag roinnt leis an measúnú sin mura mbeadh puinn sonraí curtha ar fáil ag an údarás eisiúna maidir leis na 'gníomhartha céanna' a ndearnadh cinneadh ina leith. Go deimhin, i gcásanna áirithe, ní mór do na húdaráis fhorghníomhaitheacha faisnéis fhorlíontach a iarraidh maidir leis an tuairisc ar na fíorais (cineál, dáta, áit, etc.) ar a bhfuil an BGE bunaithe, chun a mheas ar cheart an prionsabal *ne bis in idem* a bheith curtha i bhfeidhm maidir leis an gcás ábhartha nó nár cheart. Mar sin féin, ach an oiread leis an gcoiriúlacht dhúbailte, is cosúil, sna cásanna sin freisin, gur gnách go réitíonn an fhaisnéis bhreise na deacrachtaí a bhíonn ag na húdaráis fhorghníomhaitheacha.

MOLTAÍ

- *Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil na fíorais le diúltú dá bhforáiltear mar fíorais roghnacha i gCinneadh Réime 2002/584/CGB le feiceáil mar fíorais éigeantacha sa reachtaíocht cur chun feidhme. Thairis sin, níor cheart aon fíorais le diúltú seachas na fíorais dá bhforáiltear sa Chinneadh Réime thuasluaite a bhunú i gcomhréir le cásdlí ábhartha CBAE.*
- *Moltar do na Ballstáit a áirithiú, agus roinn (e) d'fhoirm an BGE á líonadh isteach acu, go ndéanfaidh a n-údarás eisiúna inniúla tuairisc fhíorasach ar an gcion go mion agus i bhfíoréal soiléir, chun measúnú a éascú ar fíorais a d'fhéadfadh a bheith ann do neamhaithint agus do neamh-fhorfheidhmiú bunaithe ar choiriúlacht dhúbailte agus ar ne bis in idem.*
- *Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfaidh a n-údarás inniúla fhorghníomhaitheacha seiceáil ar an gcoiriúlacht dhúbailte i gcás ina dtagann na cionta atá i gceist faoi chuimsiú na 32 chatagóir faoi Airteagal 2 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, nach gá an choiriúlacht dhúbailte a fhíorú ina leith.*

3.4 Dálaí coinneála

De bhrí, in ionstraimí eile maidir le haitheantas frithpháirteach de chuid an Aontais ina dhiaidh sin, go dtugtar an baol go bhféadfaí cearta bunúsacha a shárú mar fhoras chun forghníomhú a dhiúltú, ní ionchorpraítear i gCinneadh Réime 2002/584/CGB an foras sin go sonrach maidir le neamhaithint nó neamhfhorfheidhmiú in imeachtaí BGE, agus ní hann ach do thagairt chineálach do chearta bunúsacha in aithris 12 agus in Airteagal 1(3).

Mar sin féin, á chur san áireamh nach gcuirtear deireadh go huathoibríoch *a priori* leis an mbaol go ndéanfaí sárú ar chearta bunúsacha, a bhuí le prionsabal na muiníne frithpháirtí, atá mar bhonn agus mar thaca ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i gcás cinntí breithiúnacha, bíonn ról nach beag ag dálaí coinneála i mBallstát eisiúna i gcomhthéacs imeachtaí BGE.

Dá bhrí sin, ó thaobh na dteorainneacha a leagtar síos le cásdlí CBAE de (C- 404/15 *Aranyosi agus Căldăraru*, CBAE C-120/18 ML agus C-128/18 *Dorobantu*), agus laistigh de na teorainneacha sin, i bhformhór na mBallstát, is go heisceachtúil agus ar bhonn tástála dhá chéim a dhéanann údaráis fhorghníomhaitheacha measúnú sonrach ar riosca na híde mídhaonna nó táirí, de réir bhrí Airteagal 4 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Níor cheart a mheas gur leor riosca sistéamach; ina ionad sin, tá ceanglas ann go bhfionnfaí, i ndáil le himthosca sonracha an cháis ar leith, neamhchosaint iarbhir ar riosca go sárófaí cearta bunúsacha.

Agus an méid sin á dhéanamh acu, cuireann na húdaráis inniúla forghníomhaitheacha faisnéis iontaofa san áireamh maidir le drochdhálaí sonracha coinneála sa Stát eisiúna nó drochdhálaí coinneála i saoráidí sonracha peannaideacha nó i gcás grúpaí sonracha príosúnach. Féadfaidh faisnéis den sórt sin a bheith bunaithe ar na nithe seo a leanas: breithiúnais arna dtabhairt ag ECHR⁶ agus ag CBAE; cinntí nó tuarascálacha arna n-eisiúint ag eagraíochtaí idirnáisiúnta (na Náisiúin Aontaithe agus Comhairle na hEorpa (go háirithe an Coiste Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc (CPT))); tuarascálacha arna n-eisiúint ag an Ombudsman agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha údarásacha um chearta an duine (e.g. Amnesty International, Human Rights Watch, etc.); agus breithiúnais ó chúirteanna náisiúnta, chomh maith leis na dearbhuithe arna gcur ar fáil ag an mBallstát eisiúna.

- ⁶ *Muřić v. an Chróit; Sylla agus Nollomont v. an Bheilg; Torreggiani and Eile v. An Iodáil; Bivolaru agus Moldovan v. An Fhrainc*, etc.

I dtuascálacha áirithe, cuirtear in iúl go bhféadfaidh na húdaráis inniúla fhorghníomhaitheacha dul i muinín na faisnéise a fhaightear ó líonraí/ghníomhaireachtaí éagsúla an Aontais Eorpaigh (an Gréasán Breithiúnach Eorpach, Eurojust agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), etc.) agus ar uirlisí sonracha, go háirithe an bunachar sonraí um choinneáil choiriúil de chuid FRA a tugadh cothrom le dáta le déanaí agus a bhfuiltear ag súil leis go n-éireoidh sé an-áisiúil d'údaráis bhreithiúnacha, agus iad ag plé le saincheistean maidir le dálaí coinneála, agus tuarascáil ó FRA dar teideal *Criminal detention conditions in the European Union: rules and reality* [Dálaí coinneála coiriúla san Aontas Eorpach: rialacha agus firinne], ina leagtar amach íoschaighdeáin áirithe maidir le coinneáil choiriúil.

Tá na heilimintí atá le cur san áireamh ag na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha maidir le dálaí coinneála sainithe ag CBAE ina breithiúnas i gcás *Dorobantu* (C- 128/18) agus tagraíonn sé do ghnéithe fisiciúla áirithe de shaoráidí an phríosúin i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach in ECHR. Cuireann na Ballstáit tosca éagsúla san áireamh freisin, amhail gníomhaíochtaí do phríosúnaigh (saoráidí áineasa, oideachais agus oibre), cláir athshlánaithe, príobháideachas, rochtain ar sholas nádúrtha, fad na tréimhse fanachta laistigh agus lasmuigh de chillín an phríosúin, fad na coinneála, etc.

I gcásanna ina bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh an duine atá á lorg a bheith thíos le híde phionósach atá mídhonna nó táireach, iarrann an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach an fhaisnéis bhreise is gá maidir leis na dálaí iarbhir ina gcoinneofar an duine lena mbaineann sa Bhallstát eisiúna, de bhun Airteagal 15(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB. Leis sin, cuirtear siar an cinneadh maidir le BGE a fhorghníomhú go dtí go bhfaighidh na húdaráis fhorghníomhaitheacha faisnéis agus ráthaíochtaí a chuirfidh ar a gcumas an fíorbhaol go dtabharfar íde mhídhonna nó tháireach a chur as an áireamh.

D'fhéadfadh moilleanna ar imeachtaí BGE a bheith mar thoradh ar bhreithnithe a bhaineann le coinníollacha coinneála, go háirithe mura bhfuil dóthain faisnéise ag an údarás inniúla eisiúna chun freagra a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnach ama. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh nuair a dhéantar inniúlacht a dhílárú agus nuair is gá tuilleadh faisnéise a iarraidh ar an Aireacht Dlí agus Cirt nó ar riarachán na bpríosún sa Stát eisiúna. Mura bhfaighidh na húdaráis fhorghníomhaitheacha an fhaisnéis nó na ráthaíochtaí a iarrtar, féadfaidh siad an tabhairt suas a dhiúltú. Go praiticiúil, áfach, is annamh a bhíonn cásanna diúltaithe ann.

Ní mór a chur i dtreis nach gcuireann na Ballstáit an cásdlí thuasluaite CBAE i bhfeidhm ar bhonn léirmhíniú agus cur chuige aonfhoirmeach. Déanann formhór na mBallstát measúnú *ex officio* má tá tásca réasúnta ann go bhféadfadh dálaí coinneála mídhanna nó táireacha a bheith ann, gan beann ar cé acu an dtoilíonn an duine lena mbaineann leis an tabhairt suas nó nach dtoilíonn. I dtuarascáil amháin, déanann an Ballstát faoi mheastóireacht tagairt do na cearta a chumhdaítear in Airteagal 6 ECHR. Ní dhéanann Ballstáit eile measúnú ar na dálaí coinneála sa Stát eisiúna ach amháin má tharraingíonn an duine ar cuireadh pianbhreith air nó a dhlíodóir cosanta an tsaincheist sin anuas agus/nó má thoilíonn an duine leis an tabhairt suas. Chuir roinnt foirne meastóireachta in iúl gur gá dlí-eolaíocht CBAE a shoiléiriú ina leith sin ar leibhéal an Aontais.

Mar a leagtar amach i dtuarascálacha áirithe, níl aon amhras ach go bhfuil éagsúlacht ag baint le cáilíocht na n-áiseanna príosúin ar fud an Aontais. Níor fíafraíodh riamh de roinnt de na Ballstáit, agus iad ag gníomhú mar údaráis fhorghníomhaitheacha, faoi na coinníollacha coinneála ina bpríosúin. Is minic a iarrtar an fhaisnéis sin ar roinnt bheag Ballstát, i gcás ina meastar go bhféadfaí feabhas a chur ar dhálaí coinneála go fóill, go háirithe i ndáil le plódú. Léiríodh sna meastóireachtaí, áfach, go bhfuil tionscnaimh curtha ar bun ag cuid de na Ballstáit sin nó go bhfuil tionscnaimh á mbreithniú acu, chun feabhas a chur ar an scéal, ionas nach ndiúltóidh Ballstáit eile cúisithe a thabhairt suas.

I gcomhthéacs na meastóireachtaí, cuireadh i dtábhacht gur cheart d'údaráis inniúla na mBallstát, i gcásanna ina ndéantar na nósanna imeachta um thabhairt suas a chur ar fionraí nó a stopadh go hiomlán mar thoradh ar thástáil dhá chéim *Aranyosi agus Căldăraru*, iarrachtaí a dhéanamh ar shaoirse ó phionós a sheachaint.

Ní mór a chur i dtreis freisin, i gcomhréir le cásdlí ábhartha CBAE, nach féidir leis an Stát forghníomhaitheach cearta bunúsacha níos fairsinge a dheonú don duine atá á lorg ná na cearta dá bhforáiltear le dlí an Aontais.

MOLTAÍ

- *Ba cheart do na Ballstáit, agus iad ag gníomhú mar Stáit fhorghníomhaitheacha BGE, a áirithiú go gcuirfidh a mbreithiúna agus a n-ionchúisitheoirí a bhfuil baint acu le himeachtaí BGE tús le meastóireacht a dhéanamh, nuair is iomchuí, ar na coinníollacha coinneála sa Bhallstát eisiúna, i gcomhréir le cásdlí ábhartha CBAE, agus ní hamháin nuair a iarrann an duine a bhfuiltear á lorg (nó a ndlíodóir) é sin agus gan beann ar a thoiliú.*
- *Ba cheart do na Ballstáit, mar údaráis fhorghníomhaitheacha in imeachtaí BGE, cásdlí CBAE a chur san áireamh, i gcomhréir le caighdeáin ECHR, agus breithniú á dhéanamh acu ar na coinníollacha príosúin a d'fhéadfadh a bheith ina mbaol íde atá mídhaonna nó táireach, chun a sheachaint go ndiúltófaí don tabhairt suas de bharr caighdeáin náisiúnta níos airde.*

3.5 Saincheisteanna a bhaineann leis an aistriúchán

Ní ghlacann roinnt Ballstát le BGEanna ach ina dteanga oifigiúil féin. Léiríonn an cleachtas, áfach, go bhféadfadh sé a bheith dúshlánach uaireanta BGE aistrithe a chur ar fáil i dteanga an Stáit fhorghníomhaithigh le linn na gabhála sealadaí, go háirithe i mBallstáit ina bhfuil teorainneacha ama diana, toisc go bhféadfadh sé a bheith deacair aistritheoir a aimsiú laistigh den tréimhse ghearr ama sin. Gan aistriúchán a bheidh curtha ar fáil ag an Stát eisiúna laistigh den teorainn ama, d'fhéadfadh sé go gcuirfí deireadh leis na nósanna imeachta BGE, agus go scaoilfí saor an duine atá á lorg, ach amháin i gcás ina roghnódh an chúirt an BGE a aistriú ar a costas féin.

De bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, féadfaidh aon Bhallstát a rá i ndearbhú arna thaisceadh le hArdrúnaíocht na Comhairle go nglacfaidh sé le haistriúchán i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais Eorpaigh. Cuireann cuid de na Ballstáit an fhoráil sin i bhfeidhm agus glacann siad le BGEanna i dteanga seachas a dteanga féin chomh maith. Is cur chuige nua é seo, a leantar freisin sna hionstraimí dlí choiriúil is déanaí de chuid an Aontais, amhail an Treoir OIE nó an Rialachán maidir le horduithe calctha agus coigistíochta, ina moltar do na Ballstáit glacadh le doiciméid i mbreis is teanga amháin.

Luaigh roinnt Ballstát, agus iad ag gníomhú mar Stát forghníomhaitheach, go nglacann siad le haistriúchán ar BGE i dteanga seachas a dteanga féin i gcásanna práinneacha nó ar choinníoll na cómhálartachta. Sa chás deireanach sin, d'fhéadfadh Ballstát forghníomhaitheach BGEanna a aithint in aon teanga oifigiúil de chuid aon stáit eisiúna a aithníonn BGEanna i dteanga oifigiúil an Bhallstáit fhorghníomhaithigh sin. Mheas roinnt foirne saineolaithe gur dea-chleachtas an fhéidearthacht sin.

Meastar gur dea-chleachtas é córas solúbtha teanga agus an dearcadh oscailte atá léirithe ag na Ballstáit sin a ghlacann le BGEanna i dteanga seachas a dteanga féin, agus gur fiú é a chur i bhfeidhm ar bhonn níos forleithne i measc na mBallstát, ós rud é go bhfuil sé de bhuntáiste mór aige dlús a chur le himeachtaí BGE.

Déanann roinnt Ballstát, agus iad ag gníomhú mar Stáit eisiúna, na foirmeacha BGE amach a aistriú go Béarla sula gcuirtear isteach in SIS iad. Measadh gur dea-chleachtas é sin freisin, toisc go mbeidh leagan a thuigfidh na Ballstáit uile ar fáil i gcónaí, gan beann ar an ngá é a aistriú go teanga inghlactha an Bhallstáit fhorghníomhaigh.

Dhearbhaigh cleachtóirí as roinnt Ballstát, cé gurb í an teanga náisiúnta an teanga oifigiúil in éisteachtaí cúirte, gurbh fhearr leo BGEanna a fháil i mBéarla toisc go mbíonn na haistriúcháin go teanga oifigiúil an Bhallstáit fhorghníomhaigh ar dhrochchaighdeán uaireanta. Mar sin féin, ní mór BGE a aistriú go teanga an nós imeachta choiriúil sular féidir an cás a thabhairt os comhair cúirte.

Agus faisnéis á malartú acu, déanann roinnt Ballstát iarrataí ar fhaisnéis bhreise faoi BGEanna ina dteanga féin nó tugann siad freagra orthu ina dteanga féin. Sna cásanna sin, ní mór an iarraidh ar fhaisnéis bhreise a aistriú agus d'fhéadfadh sé sin moill a chur ar na himeachtaí BGE.

Chuir roinnt Ballstát in iúl go bhféadfadh fadhbanna teacht chun cinn nuair a iarrann siad faisnéis bhreise i gcás nach n-úsáideann Ballstáit áirithe teangacha go minic a thuigtear go forleathan. Tá roinnt Ballstát ann nach dtéann i dteagmháil go díreach le húdaráis na mBallstát eile, ach a théann trína n-údaráis lárnacha, toisc nach mbíonn siad ar a gcompord agus teangacha áirithe á n-úsáid acu. Chuir Ballstáit eile in iúl go bhféadfadh cumarsáid idir na húdaráis eisiúna agus na húdaráis fhorghníomhaitheacha tarlú freisin i dteanga seachas teanga oifigiúil na mBallstát faoi seach, agus úsáidtear Béarla go ginearálta sna cásanna sin.

MOLADH

- ***Agus iad ag gníomhú mar Bhallstáit fhorghníomhaitheacha, moltar do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chur chuige solúbtha maidir le ceanglais teanga agus úsáid níos mó a bhaint as Airteagal 8(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, d'fhoneann glacadh le BGEanna i dteangacha eile seachas a dteanga oifigiúil féin.***

3.6 Sprioc-amanna

Is iondúil go gcloíonn údaráis fhorghníomhaitheacha na mBallstát leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear in Airteagal 17 den Chinneadh Réime sin i gcás nach gá faisnéis bhreise a iarraidh nó i gcás ina gcuirtear ar fáil in am trátha í.

I gcás ina bhfuil gá le faisnéis bhreise lena chur ar chumas na n-údarás inniúil fhorghníomhaitheach cinneadh a dhéanamh maidir leis an tabhairt suas, lorgaíonn an t-údarás breithiúnach fhorghníomhaitheach an fhaisnéis atá ar iarraidh ar bhonn Airteagal 15(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB. Is gnách go leagtar síos spriocdháta lena fháil, ag féachaint don ghá atá ann cloí leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear in Airteagal 17 den Chinneadh Réime sin.

Mar sin féin, i mBallstáit áirithe, bíonn cuid mhór ama ag teastáil chun BGEanna a phróiseáil i ngeall ar an bpróiseas lena ndéantar an fhaisnéis a bhaineann le BGE a scrúdú, agus i gcásanna nach leor an fhaisnéis bhreise nó nach dtugtar an freagra ceart ar na ceistanna a cuireadh san iarraidh bhunaidh, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le meabhrúcháin a chur chuig na húdaráis eisiúna. Baineann cúiseanna eile le moilleanna a d'fhéadfadh a bheith ann le breithiúnais *ex*, go príomha de dheasca easpa faisnéise riachtanaí agus cuí nó de dheasca iarrataí ar fhaisnéis, agus le cásanna ina dtarchuirtear ceistanna chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le haghaidh réamhrialú.

Sna cásanna sin, nuair nach gcomhlíontar an sprioc-am chun faisnéis bhreise a chur isteach, is minic a sháraítear na teorainneacha ama a leagtar síos faoi Airteagal 17(3) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB. I dtuarascálacha áirithe, tugadh faoi deara go bhféadfadh sé go scaoilfí leis an duine a bhí á lorg mar gheall nár comhlíonadh spriocdháta nó nár soláthraíodh an fhaisnéis a iarradh nó fiú go bhféadfadh an t-údarás breithiúnach diúltú, sa deireadh, an BGE a fhorghníomhú.

In go leor de na cásanna ina raibh moill ann, cuireann an Ballstát fhorghníomhaitheach faisnéis ar fáil maidir leis na cúiseanna a bhí leis an moill. Luaigh Ballstáit éagsúla, ina gcáil mar údaráis fhorghníomhaitheacha, gurb é a dhéanann siad i gcás nach bhfaigheann siad freagra tar éis meabhrúcháin éagsúla a bheith tugtha acu, teagmháil a dhéanamh le pointe teagmhála ábhartha an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh agus, i gcásanna práinneacha nó i gcásanna níos casta, lena gcomhalta náisiúnta de Eurojust, chun cabhrú leo an fhaisnéis is gá a fháil.

Mar a léirítear i dtuarascálacha áirithe, is annamh ar fad a chuirtear ar fáil go spontáineach don Stát eisiúna an fhaisnéis maidir le moill agus an t-am a mheastar a bheidh ag teastáil lena chinneadh cibé a dhéanfar an BGE a fhorghníomhú. Mheas na foirne saineolaithe, áfach, nach bhfuil an cleachtas sin go hiomlán i gcomhréir le Cinneadh Réime 2002/584/CGB ós rud é go luaitear in Airteagal 17(4) de nach féidir an BGE a fhorghníomhú laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 2 nó i mír 3, nach mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna breithiúnach a chur ar an eolas láithreach faoi sin agus na cúiseanna leis an moill a chur in iúl.

Cuireadh i dtábhacht, i dtuarascálacha áirithe, a thábhachtaí atá sé cothromaíocht a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, an gá leis an BGE a fhorghníomhú go pras agus críochnúlacht na scrúduithe a dhéanann na húdaráis fhorghníomhaitheacha, agus, ar an taobh eile, an gá le dóthain ama a thabhairt don údarás eisiúna freagra a thabhairt ar an iarraidh, lena n-áirítear próiseas achomhairc ar deireadh thiar thall.

Mar a tugadh faoi deara i dtuarascáil mheastóireachta amháin, d'fhéadfaí imeachtaí BGE a fheabhsú dá ndéanfaí an comhar idir na Ballstáit a chuíchóiriú maidir le soláthar faisnéise forlíontaí atá ábhartha don chinneadh, a chuirfeadh dlús leis an bpróiseas cinnteoireachta agus a d'éascódh comhlíonadh na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagal 17 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB.

I roinnt tuarascálacha, cuireadh in iúl cé gur chuir na breithiúnais *Tupikas*, *Zdziaszek* agus *Ardic* treoir úsáideach ar fáil maidir le raon feidhme Airteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584/CGB a chinneadh, gur mhéadaigh siad an gá le faisnéis fhorlíontach nár iarradh go sonrach ar fhoirm an BGE, rud is cúis, gan amhras, le méadú ar iarrataí ar fhaisnéis bhreise agus neamhchomhlíonadh na dteorainneacha ama dá bhforáiltear faoi Airteagal 17 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB.

I gcásanna nach gcomhlíontar na sprioc-amanna a leagtar síos in Airteagal 17 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, ní thugann ach roinnt Ballstát fógra do Eurojust faoi neamhchomhlíonadh na dteorainneacha ama agus na cúiseanna leis an moill. Ní mór a chur i dtreis freisin, go bhfuil oibleagáid bhreise ann i gcás neamhchomhlíonadh arís agus arís eile faoi Airteagal 17(7): go gcuirfidh Ballstát ar cuireadh moill arís agus arís eile air BGE a fhorghníomhú, de dheasca Ballstáit eile, go gcuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas ina leith sin d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chinnidh Réime sin ar leibhéal an Bhallstáit.

MOLTAÍ

- *Ba cheart do na Ballstáit, ag gníomhú dóibh mar Stát eisiúna agus Stát forghníomhaitheach araon, a ndícheall a dhéanamh ina bpróiseas cinnteoireachta agus in imeachtaí ábhartha a áirithiú go n-urramófar na sprioc-amanna a leagtar amach i gCinneadh Réime 2002/584/CGB, in ainneoin chastacht na nósanna imeachta. Chun na críche sin, moltar do na Ballstáit, ag gníomhú dóibh mar Stát eisiúna, an fhaisnéis fhorlíontach a iarrtar a chur ar fáil in am trátha, chun moilleanna neamhriachtanacha a sheachaint.*
- *Ag gníomhú dóibh mar Bhallstáit fhorghníomhaitheacha faoi Chinneadh Réime 2002/584/CGB, moltar do na Ballstáit an t-údarás breithiúnach eisiúna agus Eurojust a chur ar an eolas i gcás nach féidir an iarraidh a fhorghníomhú laistigh de na teorainneacha ama.*

4. CINNEADH RÉIME 2008/909/CGB

4.1. Forais le diúltú

I mBallstáit áirithe, rinneadh na forais uile nó cuid de na forais maidir le neamhaithint agus neamh-fhorfheidhmiú dá bhforáiltear le hAirteagal 9 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB a thrasúí mar fhoras éigeantach, cé gur forais roghnacha iad sin go léir sa Chinneadh Réime féin. Tá feidhm freisin ag na breithnithe céanna a cuireadh in iúl maidir le Cinneadh Réime 2002/584/CGB maidir le Cinneadh Réime 2008/909/CGB chomh maith.

I bhformhór na mBallstát, is iad seo a leanas na forais is minice is cúis le neamhaithint nó neamh-fhorfheidhmiú breithiúnas Ballstát eile faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB: easpa coiriúlacht dhúbailte; breithiúnais a thugtar *in absentia*; agus gur lú ná sé mhí fad na pianbhreithe atá fós gan cur isteach. Seo a leanas forais eile le diúltú a chuirtear i bhfeidhm go minic: nár chuir an t-údarás eisiúna deimhniú arna chomhlánú go cuí ar fáil; nach náisiúnach den Stát forghníomhaitheach an duine faoi phianbhreith; nár suíodh go n-éascófar an t-athshlánú sóisialta toisc nach bhfuil nasc ann leis an Stát forghníomhaitheach; go bhfuil forfheidhmiú na pianbhreithe faoi urchosc reachta. Ní úsáidtear forais eile le neamhaithint nó le neamh-forghníomhú ach go hannamh.

4.2 Saincheisteanna a bhaineann le dálaí coinneála

Faoi mar a dhéanann siad in imeachtaí BGE agus deimhniú á eisiúint acu maidir le príosúnach a aistriú chuig Ballstát eile faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB, cuireann Ballstáit áirithe cearta bunúsacha san áireamh i dtaca le dálaí coinneála agus déanann siad measúnú maidir le cibé acu atá na dálaí príosúin sa Bhallstát forghníomhaitheach sásúil nó nach bhfuil. Sa chomhthéacs sin, tagraíonn siad do chásdlí CBAE (go háirithe breithiúnas *Aranyosi agus Căldăraru*), mar threoir don léirmhíniú, cé nár thagair an cásdlí sin do Chinneadh Réime 2008/909/CGB.

Léiríodh sna meastóireachtaí, áfach, gur fíorannamh a tharlaíonn sé i ndáiríre nach dtugtar aistriú faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB chun críche, nó nach dtionscnaítear an t-aistriú sin de dheasca dálaí míshásúla príosúin sa Stát forghníomhaitheach.

4.3 Measúnú ar athshlánú sóisialta

De bhun aithris 9 agus Airteagal 4(2) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, ní mór d'údarás inniúil an Stáit eisiúna a bheith sásta gur ar mhaithe le hathshlánú sóisialta agus ath-lánpháirtiú rathúil an duine faoi phianbhreith a éascú a dhéanfaidh an Stát forghníomhaitheach an phianbhreith a fhorfheidhmiú. Is gné lárnach é an measúnú seo i gcomhthéacs na n-imeachtaí faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB, toisc gur fearde a dhéanfaí cuspóirí oideachais agus coisctheachta an phionóis a bhaint amach.

Dá réir sin, ba cheart, mar a leagtar amach i dtuarascálacha áirithe, do na húdaráis eisiúna aird leordhóthanach a thabhairt ar leas an duine faoi phianbhreith san athshlánú sóisialta agus cinneadh á dhéanamh acu an n-iarrfaidh siad forfheidhmiú na pianbhreithe a aistriú chuig Ballstát eile, agus ba cheart do na húdaráis forghníomhaitheacha déanamh amhlaidh agus cinneadh á dhéanamh acu an nglacfaidh siad leis an aistriú sin nó nach nglacfaidh. Mar sin féin, ní mór an leas sin san athshlánú sóisialta a chothromú le leas an chórais dlí agus cirt an pionós a fhorfheidhmiú go héifeachtach laistigh de Bhallstát amháin.

Chuir Ballstáit éagsúla chun suntais freisin a thábhachtaí atá cearta íospartach agus Cinneadh Réime 2008/909/CGB á chur i bhfeidhm. De réir na tuairime sin, ba cheart féachaint chuige freisin go ndéantar na daoine díobhálaithe a chúiteamh go hiarbhír nuair a aistrítear an duine lena mbaineann chuig Ballstát eile, toisc go bhfuarthas amach go dtagann deireadh leis an gcúiteamh sin i gcásanna áirithe faraor a luaithe a bhíonn a phianbhreith á cur isteach i mBallstát eile ag an duine faoi phianbhreith.

Ní shainmhínítear le Cinneadh Réime 2008/909/CGB cad is brí le ‘athshlánú sóisialta’. I mBallstáit áirithe, eisíodh treoirlínte maidir leis na critéir shonracha chun measúnú a dhéanamh ar ionchais an athshlánaithe shóisialta sula n-eisítear deimhniú, ach i mBallstáit eile is faoin mbreitheamh atá sé measúnú a dhéanamh i ngach cás ar leith ar cé acu a éascaíonn an t-aistriú an t-athshlánú sóisialta nó nach n-éascaíonn.

De réir an lámhleabhair maidir le haistriú daoine faoi phianbhreith agus pianbhreitheanna coimeádta san Aontas Eorpach (2019/C 403/02), ní fhéadfar an measúnú ar an athshlánú sóisialta éascaithe a theorannú do nasc geografach amháin a bhunú, ach nach mór é a bheith bunaithe ar mheastóireacht chríochnúil ar bhonn cás ar chás.

Léiríodh leis an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha go ndéanann formhór údaráis na mBallstát measúnú faichilleach ar na hionchais maidir le hathshlánú sóisialta an duine faoi phianbhreith i gcás ina mbítear chun iad a aistriú chuig Ballstát eile chun an phianbhreith a chur isteach, agus leas á bhaint, go pointe áirithe, as critéir chomhchosúla, cé go bhféadfadh raon iomlán na bparaiméadar a bheith éagsúil. Cé gur dócha go n-éascódh aistriú chuig an mBallstát tionscnaimh an t-athshlánú sóisialta i bhformhór na gcásanna, d’fhéadfadh sé go gcaithfí measúnú foriomlán a dhéanamh cás ar chás lena áirithiú gur amhlaidh atá.

Tagraíonn sin do roinnt tosca agus cúinsí a bhaineann le staid an duine aonair, ar ar a mbonn a d’fhéadfaí teacht ar chonclúid réasúnta i dtaobh an iomchuí an t-aistriú a dhéanamh i bhfianaise chritéir an athshlánaithe shóisialta. I bhformhór na mBallstát, tugtar aird ar leith ar thimpeallacht shóisialta na ndaoine faoi phianbhreith atá incháilithe lena n-aistriú chuig an Stát forghníomhaitheach, eadhon na naisc shóisialta, eacnamaíocha, chultúir, teanga, teaghlaigh agus eile atá ag an duine sin leis an mBallstát sin.

Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar chritéir eile le measúnú a dhéanamh ar na tosca a d’fhéadfadh dálaí fabhracha a chruthú don athshlánú sóisialta: fad, cineál agus coinníollacha chónaí an duine, a staid airgeadais, an teanga a labhraíonn siad, cibé acu atá post acu sa Bhallstát forghníomhaitheach nó nach bhfuil, agus infhaighteacht cóiríochta.

I mBallstáit áirithe, tagraíonn na húdaráis inniúla do chritéir eile, amhail suíomh lárionad an leasa rithábhachtaigh, breithnithe sláinte, fad na pianbhreithe atá fós gan cur isteach agus féidearthacht an luathscaoilte, etc. Is gnách go mbíonn tábhacht ar leith le tuairim an duine faoi phianbhreith i ndáil leis an gcinneadh críochnaitheach maidir le haistriú na pianbhreithe.

D'fhéadfadh sé nach leor an fhaisnéis atá sa chomhad náisiúnta nó sa deimhniú chun a shuí an bhfónfadh an phianbhreith don athshlánú sóisialta a éascú agus do ath-lánpháirtiú rathúil an duine faoi phianbhreith sa tsochaí agus d'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, go mbeadh gá le faisnéis bhreise, go háirithe chun na naisc atá ag an duine leis an mBallstát a bhfuil siad le haistriú chuige a fhionnadh.

Chun na críche sin, foráiltear le hAirteagal 4(3) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB go bhféadfaidh na Ballstáit eisiúna dul i gcomhairle leis an mBallstát forghníomhaitheach sula seolfaidh siad an deimhniú agus an breithiúnas. Ní bhaineann na Ballstáit a oiread céanna úsáide as an bhféidearthacht sin áfach, agus níl ach dornán beag acu a dhéanann sin ar bhonn rialta. Ní théann Ballstáit eile i gcomhairle leis an Stát forghníomhaitheach ach amháin i gcásanna an-sonrach, amhail cás ina bhfuil gá le comhairliúchán nó toiliú roimh ré.

Cé nach bhfuil comhairliúchán den sórt sin éigeantach, cé is moite de chásanna dá dtagraítear i mír 1(c) d'Airteagal 4 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, chuir roinnt foirne saineolaithe in iúl go raibh siad den tuairim go bhfuil comhairliúchán roimh ré leis an mBallstát forghníomhaitheach úsáideach don Bhallstát eisiúna chun an fhaisnéis ábhartha go léir a fháil d'fhonn a chinneadh an eiseoidh siad deimhniú faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB nó nach n-eiseoidh. Ina theannta sin, ós rud é go n-éascaíonn sin comhar rianúil leis an mBallstát forghníomhaitheach le linn na gcéad chéimeanna eile de na himeachtaí, ní hamháin maidir le measúnú a dhéanamh ar a fhéideartha atá an t-athshlánú sóisialta, ach maidir le saincheistean eile freisin a bhaineann leis an aistriú.

Maidir le tuairimí réasúnaithe ina luaitear nach bhfónfadh forfheidhmiú na pianbhreithe sa Stát forghníomhaitheach d'éascú athshlánú agus ath-lánpháirtiú an duine sa tsochaí, bunaithe ar Airteagal 4(4) de Chinneadh Réime 2008/909, féadfaidh na húdaráis fhorghníomhaitheacha iad a eisiúint agus a sheoladh chuig na húdaráis eisiúna. Mar sin féin, léirigh an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha nach go rómhinic a eisítear tuairimí den sórt sin. Ba cheart a chur in iúl freisin, i gcás ina bhfaightear tuairim den sórt sin, nach mbíonn údarás an Bhallstáit eisiúna faoi cheangal aici agus nach é a eascraíonn aisti i gcónaí go ndéantar an deimhniú a tharraingt siar.

MOLTAÍ

- *Moltar do na Ballstáit uile, ag gníomhú dóibh mar Bhallstáit eisiúna, a áirithiú go mbainfidh a n-údaráis inniúla an leas is fearr is féidir as an deis a thugtar le hAirteagal 4(3) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB dul i gcomhairle leis an mBallstát forghníomhaitheach d'fhonn faisnéis ábhartha a bhailiú maidir le hionchais iarbhír an duine faoi phianbhreith atá incháilithe le haghaidh aistriú faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB maidir leis an athshlánú sóisialta.*

4.4. Faisnéis, tuairim agus toiliú an duine faoi phianbhreith leis an aistriú

Féadfaidh an Stát eisiúna imeachtaí maidir leis an mbreithiúnas agus an deimhniú a chur ar aghaidh chuig Ballstát eile faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB a thionscnamh *ex officio*, nó arna iarraidh sin don Stát forghníomhaitheach nó don duine faoi phianbhreith. Mar sin féin, tá Ballstáit áirithe ann nach dtionscnaíonn na himeachtaí sin mura n-iarrann an duine faoi phianbhreith nó an Stát forghníomhaitheach sin nó nach dtionscnaíonn iad ach amháin nuair a thoilíonn an duine faoi phianbhreith leis an aistriú.

Cuireadh in iúl sna tuarascálacha meastóireachta go ndealraíonn sé nach bhfuil na cleachtais sin i gcomhréir le meon Chinneadh Réime 2008/909/CGB agus gur cheart do na húdaráis inniúla eisiúna, i gcás inarb infheidhme, chun athshlánú sóisialta an duine faoi phianbhreith a éascú, féachaint leis na himeachtaí sin a thionscnamh *ex officio*.

Ceadaítear, i mBallstát amháin, aitheantas agus forghníomhú pianbhreithe coimeádta a iarraidh chomh luath agus a bhíonn an duine atá faoi dhrochamhras á éisteacht fiú, nó fiú agus an éisteacht á hullmhú; mheas an fhoireann saineolaithe go raibh sé sin úsáideach. Chuir siad in iúl go bhféadfaí an cleachtas sin a ghlacadh i mBallstáit eile, ionas gur féidir, ó thús na n-imeachtaí agus i láthair dlíodóra, a bheadh in ann na féidearthachtaí a thairgtear le Cinneadh Réime 2008/909/CGB a mhíniú, agus i láthair na n-údarás breithiúnach, agus, más gá, i láthair ateangaire, ionas gur féidir leis an duine atá faoi dhrochamhras teacht ar chinneadh níos réasúnaithe i dtaobh an rachadh an t-aistriú chun tairbhe dóibh nó nach rachadh.

4.4.1. An cás mar atá sa Bhallstát eisiúna

Cuireadh chun suntais sna meastóireachtaí i gcás daoine ar náisiúnaigh iad de Bhallstát eile seachas an Ballstát inar cuireadh an phianbhreith orthu, nó a bhfuil gnáthchónaí orthu i mBallstát eile seachas an Ballstát inar cuireadh an phianbhreith orthu, nach gá go dtuigeann siad go bhfuil de cheart acu aistriú agus an phianbhreith a chur isteach ina mBallstát náisiúntachta nó sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí orthu nó i mBallstát eile. Dá bhrí sin, i gcás formhór na mBallstát, is le linn imeachtaí atá bainteach le Cinneadh Réime 2008/909/CGB a chuirtear in iúl don duine lena mbaineann, agus é nó í faoi choimeád, gur féideartha aistriú chuig Ballstát eile, faoi na nósanna imeachta atá le leanúint chun na críche sin agus faoi na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineann leis an aistriú sin, amhail riail na speisialtachta.

Is i scríbhinn a dhéantar sin i bhformhór na mBallstát, trí bhíthin foirme nó bileoige, ach ar minic áfach nach mbíonn fáil orthu i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. Mar a leagtar amach i dtuarascálacha éagsúla, bheadh sé sin inmholta d'fhonn a áirithiú gur féidir leis an duine lena mbaineann an fhaisnéis ábhartha a thuiscint. I mBallstát amháin, ní chuirtear sin ar fáil do phríosúnaigh ar chor ar bith agus is de bhéal amháin a chuirtear ar an eolas iad. Chuir an fhoireann mheastóireachta in iúl go láidir nach leor sin agus gur cheart gach príosúnach a chur ar an eolas i scríbhinn maidir leis an bhféidearthacht an phianbhreith a chur isteach i mBallstát eile agus maidir leis an nós imeachta ábhartha don aistriú.

Chun na críche céanna, toisc gur gnách nach mbíonn príosúnaigh eolach ar an dlí nós imeachta, is iomchuí freisin a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis sin soiléir agus inrochtana, toisc go gcuirfeadh sé sin le tuiscint an phríosúnaigh ar na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil le Cinneadh Réime 2008/909/CGB. Mhol foireann mheastóireachta amháin go bhféadfai bileog faisnéise caighdeánaithe AE a dháileadh ar phríosúnaigh i bpríosúin uile na mBallstát i dteangacha uile an Aontais.

I gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, ceanglaítear leis an nós imeachta atá le leanúint ag an mBallstát eisiúna, i ngach cás ina bhfuil an duine faoi phianbhreith fós ar a chríoch agus ina bhfuil breithiúnas críochnaitheach ann, go dtabharfar an deis don duine freisin a rá an aontaíonn siad leis an aistriú nó nach n-aontaíonn, fiú mura bhfuil gá le toiliú uathu. Ní hionann ó Bhallstát go chéile an nós imeachta lena gceadaítear don duine faoi phianbhreith a thuairim a thabhairt agus d'fhéadfadh sé gur i scríbhinn agus/nó de bhéal a bheadh sé; má thugtar tuairim an duine faoi phianbhreith ó bhéal, áfach, déantar taifead scríofa di de ghnáth. Tugadh faoi deara i dtuarascáil amháin gur minic gur deacair i ndáiríre an fhaisnéis a fuarthas ón duine ciontaithe a sheiceáil an athuir (agallaimh le teaghlaigh, comharsana, fostóir).

Tá ról nach beag ag tuairim an duine faoi phianbhreith sa chinneadh maidir le deimhniú a eisiúint nó gan é a eisiúint. Tugtar aird chuí ar an tuairim sin de ghnáth, mar aon le gnéithe eile den chás agus na ceanglais dhlíthiúla, cé nach bhfuil sí cinntitheach maidir leis an gcinneadh i leith an aistrithe.

I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, gheofar toiliú an duine faoi phianbhreith, cé is moite de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 6(2), eadhon más saoránach de Bhallstát é an duine atá incháilithe lena aistriú chuig an mBallstát sin nó má tá ordú ionnarbtha le cur i bhfeidhm ina leith, nó má éalaíonn sé chuig an mBallstát sin nó má chuirtear ar ais chuig an mBallstát sin é le linn dó nó di a bheith á (h)ionchúiseamh nó á c(h)ur faoi phianbhreith sa Bhallstát eisiúna. I mBallstát amháin, i gcásanna ina n-iarrann an duine faoi phianbhreith tús a chur leis an nós imeachta chun an deimhniú a chur ar aghaidh chuig Ballstát eile, glactar leis gur cuid dhílis d'iarraidh den sórt sin é toiliú leis an aistriú. Chuir an fhoireann mheastóireachta in iúl go ndealaíonn sé go dtugann an cleachtas sin neamhaird ar an gcaoi go gceanglaítear le Cinneadh Réime 2008/909/CGB go gcaithfidh daoine faoi phianbhreith a dtoiliú a thabhairt go sainráite, agus go gcaithfear iad a chur ar an eolas faoi iarmhairtí dlíthiúla an toilithe sin.

I roinnt de na tuarascálacha, tugadh le fios i gcásanna ina mbíonn an duine faoi phianbhreith le hionnarbadh chuig Ballstát na náisiúntachta ar bhonn ordaithe díbeartha nó ionnarbtha, a luaithe a scaoiltear é ó fhorghníomhú na pianbhreithe, go gcuirfear an deimhniú ar aghaidh chuig Ballstát a náisiúntachta, cibé acu a aontaíonn an duine faoi phianbhreith leis an aistriú nó nach n-aontaíonn.

Ní mór do na húdaráis inniúla eisiúna, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, an duine faoi phianbhreith a chur ar an eolas, i dteanga a thuigeann sé nó sí, faoin gcinneadh an breithiúnas, mar aon leis an deimhniú, a chur ar aghaidh chuig an mBallstát forghníomhaitheach, agus leas á bhaint as an bhfoirm chaighdeánach um fhógra a thabhairt a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Réime sin. I gcás gur sa Bhallstát forghníomhaitheach a bhíonn an duine faoi phianbhreith tráth an chinnidh sin, déantar an fhoirm sin a tharchur chuig an mBallstát forghníomhaitheach, agus is é an Ballstát sin a thabharfaidh fógra don duine faoi phianbhreith dá réir.

Cé nach ndéantar foráil i gCinneadh Réime 2008/909/CGB maidir le leigheasanna dlí chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh maidir le forghníomhú na pianbhreithe a aistriú, déanann roinnt Ballstát foráil maidir leis an bhféidearthacht sin ina ndlí náisiúnta

4.4.2. An cás mar atá sa Bhallstát forghníomhaitheach

I gcás nach sa Bhallstát forghníomhaitheach a bhíonn an duine faoi phianbhreith, agus murar rud é gur tugadh éisteacht dóibh cheana féin sa Stát eisiúna, is minic gur ar an Stát eisiúna a bhíonn an Stát forghníomhaitheach ag brath maidir leis an tuairim a thabhairt i scríbhinn agus, nuair a iarrtar é, toiliú an duine ciontaithe leis an aistriú atá beartaithe. Mar sin féin, lorgaíonn Ballstáit fhorghníomhaitheacha áirithe go díreach agus i scríbhinn, tuairim agus toiliú an duine faoi phianbhreith.

I gcás gur sa Bhallstát forghníomhaitheach a bhíonn an duine faoi phianbhreith, bíonn socruithe nós imeachta ag gach Ballstát chun an tuairim a fháil agus, nuair a iarrtar é, toiliú an duine faoi phianbhreith leis an aistriú. I bhformhór na mBallstát, déanfar an duine faoi phianbhreith nó an duine atá freagrach as cúnamh a thabhairt dóibh nó as ionadaíocht a dhéanamh orthu, más mionaoiseach iad nó má tá siad faoi chosaint dhlíthiúil, a thoghairm chun a dtuairim a thabhairt agus, nuair a iarrtar sin, a dtoiliú a thabhairt. Gheobhaidh siad cúnamh ó dhlíodóir agus, más gá, ó ateangaire. I mBallstát eile, is i scríbhinn a théitear i mbun an nós imeachta sin.

Beag beann ar cibé an ag gníomhú mar Bhallstát eisiúna nó mar Bhallstát forghníomhaitheach atá sé, ní mór do Bhallstát fógra a thabhairt don duine faoi gach cinneadh breithiúnach ón údarás inniúil, agus leas á bhaint as an bhfoirm um fhógra atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Réime 2008/909/CGB. Más sa Stát eisiúna i gcónaí atá an duine, is trí údarás inniúil an Stáit sin nó go díreach a sheolann na húdaráis fhorghníomhaitheacha an cinneadh chucu. Baineann na Ballstáit leas go forleathan as Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Réime 2008/909/CGB.

Tugtar le fios i dtuarascálacha éagsúla gur féidir agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh maidir leis an bpianbhreith coimeádta a bheith á haithint agus á forghníomhú ag an mBallstát forghníomhaitheach ach achomharc a dhéanamh.

MOLTAÍ

- *Moltar do na Ballstáit uile a áirithiú go gcuirfidh a n-údaráis inniúla an duine faoi phianbhreith ar an eolas, ar bhealach simplí agus inrochtana, faoin bhféidearthacht atá ann an phianbhreith a chur isteach i mBallstát eile i gcomhréir le Cinneadh Réime 2008/909/CGB, faoin nós imeachta ábhartha maidir leis an aistriú agus faoi na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineann leis.*
- *Moltar do na Ballstáit uile a áirithiú gur i scríbhinn, trí bhíthin foirme nó bileoige, a bheidh ar fáil, más féidir, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, le go dtuigfidh an duine lena mbaineann an fhaisnéis sin, gur i scríbhinn a thabharfar an fhaisnéis ábhartha maidir le haistriú d'fhonn pianbhreith a chur isteach i mBallstát eile, don duine atá incháilithe don aistriú sin.*

4.5. Oiriúnú agus aitheantas páirteach agus oiriúnú páirteach

Tá éagsúlacht shuntasach idir cineál agus fad na bpianbhreitheanna coimeádta sna Ballstáit. Ar an gcúis sin, féadfaidh oiriúnú nó aitheantas páirteach na pianbhreithe a bheith i gceist le haitheantas agus forfheidhmiú pianbhreithe coimeádta i mBallstát eile faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB, dá bhforáiltear in Airteagail 8 agus in 10 faoi seach de Chinneadh Réime 2008/909/CGB.

Bunaithe ar thoradh an 9ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, féadfar glacadh leis nach dtagann aon mhórdhúshláiin as saincheist aitheantas páirteach agus oiriúnú páirteach na pianbhreithe i bhformhór na mBallstát maidir le Cinneadh Réime 2008/909/CGB ná prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm, agus nach bac é ar an ról éascaithe a bhíonn acu sa chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla ar fud an Aontais. Mar sin féin, tugadh chun solais sa mheastóireacht saincheisteanna áirithe atá le breithniú, mar a thuairiscítear thíos.

4.5.1. Oiriúnú

Ní mór a mheabhrú go bhfuil córas Chinneadh Réime 2008/909/CGB bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus, dá bhrí sin, foráiltear i bprionsabal le hAirteagal 8(1) Cinneadh Réime 2008/909/CGB go leanfar den phianbhreith, i dtéarmaí a cineáil agus a fhaid, mar a fhorchuirtear í sa Stát a chuireann an phianbhreith. Mar eisceacht ar an riail sin, foráiltear le hAirteagal 8(2) agus (3) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB gur féidir an abairt a oiriúnú in dhá chás shonracha:

- i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, i gcás ina bhfuil an phianbhreith neamh-chomhoiriúnach le córas dlí an Bhallstáit fhorghníomhaithigh, i dtéarmaí na tréimhse, ós rud é go dtéann sí thar an téarma uasta dá bhforáiltear do chionta comhchosúla faoin dlí atá i bhfeidhm ag an am. Féadfaidh an Ballstát forghníomhaitheach an phianbhreith a oiriúnú tríd an bpianbhreith uasta is infheidhme ina chóras dlí féin a fhorchur;

- i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, i gcás ina bhfuil an phianbhreith neamh-chomhoiriúnach ina cineál le córas dlí an Bhallstáit fhorghníomhaigh, féadfaidh an t-údarás inniúil forghníomhaithe í a oiriúnú don phionós nó don bheart is gaire a chomhfhreagraíonn don phianbhreith choimeádta arna forchur sa Bhallstát eisiúna. Ní ceadmhach smachtbhanna coiriúil lena mbaineann cailleadh saoirse a thiontú ina fhíneáil nó ina phionós eile de chineál airgid.

I gcásanna den sórt sin, ní mór do na húdaráis fhorghníomhaitheacha measúnú a dhéanamh ar cad is ‘c-ion comhchosúil’ ann, dá dtagraítear in Airteagal 8 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, d’fhonn cion inchomparáide a shainaithint, atá gar do ghnéithe oibiachtúla agus suibíachtúla an chiona a rinneadh sa Bhallstát eisiúna, a bhféadfaí pionós a fhorchur ina leith go teoiriciúil i gcás comhchosúil ina gcóras dlí choiriúil féin.

Ní shainíonn Cinneadh Réime 2008/909/CGB coincheap an ‘chion comhchosúil’ ná ní shonraíonn sé na forálacha dlí choiriúil sainordaitheacha ar cheart feidhm a bheith acu maidir leis an bpionós a chinneadh, agus ní thagraíonn sé ach do dhlí an Stáit fhorghníomhaigh i ndáil leis sin. Chuir foireann saineolaithe amháin chun suntais gur roghnaigh Ballstáit éagsúla bealaí éagsúla chun an téarma ‘c-ion comhchosúil’ a léirmhíniú. Cuireann roinnt Ballstát pianbhreitheanna in oiriúint don phianbhreith ghinearálta príosúnachta uasta faoina reachtaíocht féin, agus cuireann Ballstáit eile iad in oiriúint don phianbhreith uasta as an tacar de chionta comhchosúla.

I ngach cás, ní mór anailís dhlíthiúil a dhéanamh chun meaitseáil a bhunú idir na gnéithe fíorasacha a chuimsíonn an cion agus an t-aicmiú coiriúil faoi dhlí náisiúnta an Stáit fhorghníomhaigh.

Léiríodh sa mheastóireacht go ndéanann na Ballstáit, agus iad ag gníomhú mar Bhallstáit fhorghníomhaitheacha, measúnú ar cad is féidir a bheith ina ‘chion comhchosúil’ faoi Airteagal 8 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, agus úsáid á baint acu as critéir chomhchosúla, amhail gnéithe a chomhdhéanann an cion, cineál na coireachta agus fad na pianbhreithe, fíorais an cháis mar a thuairiscítear sa deimhniú iad agus aicmiú dlíthiúil an chiona de réir an Stáit eisiúna.

Mar sin féin, dealraíonn sé go bhféadfadh an coincheap de ‘chion comhchosúil’ in Airteagal 8(2) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB a bheith ina chúis le deacrachtaí i gcás nach bhfuil an fhaisnéis a bhaineann leis an gcion atá sa deimhniú (roinn (h)) comhsheasmhach leis an mbreithiúnas nó leis an tuairisc sa deimhniú nó nach bhfuil na fíorais a thuairiscítear sa deimhniú soiléir nó nach leor iad chun cáilíocht choibhéiseach fíoras a shuí. Sna cásanna sin, féadfaidh an Stát forghníomhaitheach faisnéis bhreise nó cóip den bhreithiúnas a iarraidh ar an mBallstát eisiúna.

Luaitear i roinnt tuarascálacha meastóireachta go bhféadfadh comhairliúchán a dhéanfaí roimh ré idir na húdaráis eisiúna agus na húdaráis fhorghníomhaitheacha a bheith úsáideach chun nach dtarraingeofaí deimhnithe siar mar gheall ar cheanglais oiriúnaithe sa Bhallstát forghníomhaitheach ag aon chéim den nós imeachta (agus an cinneadh breithiúnach ábhartha á aithint, á fhorfheidhmiú nó á sheoladh chuig Ballstát eile lena fhorfheidhmiú) faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB.

Luadh i roinnt tuarascálacha gur minic a bhíonn fadhbanna ag baint le hoiriúnú na bpianbhreitheanna lena bhforchuirtear ceanglas síciatrach nó cúraim sláinte lena mbaineann cailleadh saoirse ach nach príosúnacht rialta é, mar gheall ar dhifríochtaí idir na córais náisiúnta ó thaobh na n-údarás inniúil de, cineál éigeantach na cóireála síciatraí nó fad an ghaibhnithe.

I dtuarascálacha áirithe, cuireadh chun suntais go bhféadfadh fadhbanna teacht chun cinn maidir le ríomh na coda den phianbhreith atá fágtha le cur isteach, ós rud é go mbíonn éagsúlacht sna córais dlí agus go bhféadfadh na modhanna ríofa acu a bheith éagsúil. Ríomhann roinnt Ballstát cailleadh saoirse i mblianta agus i míonna, ach ríomhann Ballstáit eile í i laethanta; fágann sé sin go mbíonn sé níos deacra fad beacht na pianbhreithe, nó na coda di atá fós le cur isteach, a ríomh. I gcásanna den chineál sin, féadfar faisnéis bhreise a iarraidh ar na húdaráis eisiúna. In ainneoin na ndeacrachtaí sin, is go heisceachtúil i gcónaí a dhéantar diúltuithe ar na forais sin.

Diomaite de na saincheistanna a luadh thuas, níor thuairiscigh formhór na mBallstát aon deacrachtaí praiticiúla breise sa réimse seo. Go deimhin, níor ghá do roinnt Ballstát an phianbhreith a oiriúnú toisc go raibh a fad nó a cineál ar neamhréir lena ndlí náisiúnta féin, nó toisc nach raibh ach líon teoranta de chásanna den chineál sin. I gcás fhormhór na mBallstát, is annamh a tháinig siad ar chásanna inar tarraingíodh siar deimhnithe mar gheall ar phianbhreith a bheith róbhog.

4.5.2. Aitheantas páirteach

Luaitear in Airteagal 10 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, má mheasann údarás inniúil an Bhallstáit fhorghníomhaithigh gurb iomchuí aitheantas an bhreithiúnais agus forfheidhmiú na pianbhreithe a bhreithniú i bpáirt, go bhféadfaidh sé, sula ndéanfaidh sé cinneadh aitheantas an bhreithiúnais agus forfheidhmiú na pianbhreithe ina iomláine a dhiúltú, dul i gcomhairle le húdarás inniúil an Bhallstáit eisiúna, d'fhonn teacht ar chomhaontú. Féadfaidh na húdaráis inniúla eisiúna agus forghníomhaitheach teacht ar chomhaontú, ar bhonn cás ar chás, le haitheantas páirteach agus forghníomhú pianbhreithe, ar choinníoll nach ndéanfar an phianbhreith a ghéarú mar thoradh air sin.

Mura dtiocfar ar chomhthoil maidir le réiteach a shásóidh an t-údarás eisiúna, d'fhéadfadh sé gurb é an cinneadh críochnaitheach a dhéanfaidh an t-údarás eisiúna an deimhniú a tharraingt siar, má mheasann siad nach ndéanfaí an phianbhreith a chur isteach i gceart.

Léiríodh sa 9ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha nach minic a thugtar aitheantas páirteach i bhformhór na mBallstát. Níor thuairiscigh ach roinnt bheag Ballstát cásanna inar aithníodh go páirteach na pianbhreitheanna a thug an Ballstát eisiúna. D'ainneoin na heaspa taithí praiticiúla atá acu ar an tsaincheist sin, is cosúil go bhfuil na cleachtóirí ar an eolas faoin nós imeachta atá le leanúint i gcomhréir le hAirteagal 10 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, lena n-áirítear an comhairliúchán a d'fhéadfaí a dhéanamh le húdaráis inniúla an Bhallstáit eisiúna, agus an gá atá le teacht ar chomhaontú leis na húdaráis sin maidir leis na coinníollacha a bhaineann le haitheantas páirteach agus forfheidhmiú, ar choinníoll nach ndéanfaí an phianbhreith a ghéarú.

De ghnáth, ní leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta ná le gníomhartha foirmiúla eile critéir shonracha maidir le conas cinneadh a dhéanamh an dtabharfar aitheantas don bhreithiúnas agus an phianbhreith a fhorghníomhú i bpáirt, eadhon conas a mheas an bhfuil sé sin indéanta nó nach bhfuil, cad ba cheart a chur san áireamh chun na críche sin, nó cé na cásanna inar cheart do na húdaráis bhreithiúnacha an deimhniú a tharraingt siar nó nár cheart. Fághtar an measúnú sin faoi rogha an údaráis inniúil den chuid is mó.

Is minic a chuirtear aitheantas páirteach breithiúnas i bhfeidhm i gcásanna inar cuireadh pianbhreith ar an duine i leith roinnt cionta comhthráthacha, go ndéantar an gníomh a chinneadh ar leithligh, agus nach gcomhlíontar na coinníollacha ach i gcuid de na cionta, agus cion amháin nó níos mó nach cion inphionóis é sa Stát forghníomhaitheach. D'fhéadfadh sé sin tarlú go háirithe i gcás cionta (amhail cionta airgeadais, drugaí, tráchta, etc.) a thagann faoi shainchúram na n-údarás riaracháin i mBallstáit áirithe.

Chun a mheas an bhfuil an t-aitheantas páirteach sa Stát forghníomhaitheach inghlactha nó an ceart an deimhniú a tharraingt siar, tá sé tábhachtach don Stát eisiúna laghdú na pianbhreithe a fhionnadh tar éis an aitheantais pháirtigh. Mar a léiríodh i dtuarascálacha áirithe, i gcásanna neamhchoitianta, má mheastar an laghdú sin a bheith tábhachtach, d'fhéadfaí an deimhniú a tharraingt siar mar thoradh ar aitheantas páirteach.

Chuir roinnt Ballstát roinnt deacrachtaí in iúl a d'eascair as na difríochtaí idir córais dlí. Thagair siad go príomha do neamh-chomhoiriúnacht beart áirithe le dlí an Stáit fhorghníomhaigh, do na critéir agus na modhanna éagsúla a úsáideann gach Ballstát chun an phianbhreith deiridh a ríomh agus do phrionsabal chomhshuimiú na bpionós arna bhforchur. D'fhéadfadh sé sin tarlú nuair a bhaineann ceann de na pionóis bhunúsacha le hiompar nach ndéantar coiriúlú air sa Stát forghníomhaitheach agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair a chinneadh ina dhiaidh sin cén chuid den phianbhreith a forchuireadh mar gheall ar an geion sonrach sin, agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le faisnéis mhionsonraithe maidir leis an bpionós a eascraíonn as cionta iolracha a chinneadh.

Ní raibh aon deacrachtaí suntasacha ag formhór na mBallstát sa phróiseas comhairliúcháin a bunaíodh faoi Airteagal 10(1) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB; is minic a dhéantar comhaontú idir an Stát eisiúna agus an Stát forghníomhaitheach maidir leis an mbreithiúnas a aithint go páirteach agus maidir leis an bpianbhreith a fhorghníomhú. Mar sin féin, má thagann deacrachtaí chun cinn sa phróiseas sin, is féidir iad a réiteach le hidirghabháil Eurojust nó phointí teagmhála EJM mar éascaitheoirí.

MOLTAÍ

- *Moltar do na Ballstáit, ag gníomhú dóibh mar Stáit eisiúna agus fhorghníomhaitheacha, i gcásanna nach féidir pianbhreith faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB a aithint go hiomlán, a áirithiú go rachaidh a n-údaráis inniúla i mbun comhairliúcháin ar bhonn Airteagal 10(1) den Chinneadh Réime sin, d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an bhféidearthacht aitheantas páirteach a thabhairt don bhreithiúnas agus an pianbhreith a fhorfheidhmiú, ós rud é gur féidir leis sin aitheantas frithpháirteach a éascú.*
- *Moltar do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla, ag gníomhú dóibh mar údaráis eisiúna in imeachtaí faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB, agus pointe (h) den deimhniú á líonadh acu, ráiteas fíoras a tharraingt suas a bheidh chomh hiomlán agus chomh beacht agus is féidir, chun an fhaisnéis atá sa bhreithiúnas a chomhlánú, i gcás inarb iomchuí, chun aon deacrachtaí a sheachaint maidir le measúnú na n-údarás forghníomhaitheach ar an gcion.*

4.6. Saincheisteanna a bhaineann leis an aistriúchán

De bhun Chinneadh Réime 2008/909/CGB, is iad seo a leanas na doiciméid nach mór a chur ar aghaidh chuig an mBallstát forghníomhaitheach chun an breithiúnas a aithint agus chun an phianbhreith a fhorghníomhú: cóip den deimhniú, cóip den bhreithiúnas, agus aistriúchán ar an deimhniú go teanga oifigiúil nó go teangacha oifigiúla an Bhallstáit fhorghníomhaigh nó, i gcás inarb infheidhme, go teanga oifigiúil de chuid an Aontais, a nglacann an Ballstát sin léi.

De bhun Airteagal 23(2) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, mar phrionsabal, ní cheanglófar go ndéanfaí aistriúchán ar an mbreithiúnas; dá réir sin, ní cheanglaítear go ndéanfaí aistriúchán ar an mbreithiúnas i reachtaíocht roinnt Ballstát.

De bhun mhír 3 den fhoráil sin, ní fhéadfaidh ach Ballstáit a thaisc dearbhú le hArdrúnaíocht na Comhairle, mar Stáit fhorghníomhaitheacha, i gcásanna ina measann siad nach leor ábhar an deimhnithe chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpianbhreith a aithint agus a fhorghníomhú, a iarraidh go mbeidh aistriúchán go dtí a dteanga oifigiúil ag gabháil leis an mbreithiúnas nó le codanna bunriachtanacha de. I gcás ina bhfuil gá leis, (i.e. i mbreithiúnais níos casta), féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil fógra den sórt sin tugtha acu a shocrú go ndéanfaí an t-aistriúchán gan dul ar iontaoibh an Stáit eisiúna.

I gcásanna den sórt sin, cé nár iarradh ar an stát eisiúna an breithiúnas a aistriú, ceanglaítear faoi reachtaíocht nós imeachta choiriúil roinnt Ballstát an teanga oifigiúil a úsáid in imeachtaí dlíthiúla. Dá bhrí sin, sa chleachtas, measann údaráis inniúla roinnt Ballstát gur inmhianaithe aistriúchán an bhreithiúnais a bheith acu agus is minic a iarrfaidh siad é nó, mura bhfaighidh siad é ón mBallstát eisiúna, is minic a aistreofar ar a gcostas féin é.

D'fhéadfaí a mheas go bhfuil gá le haistriúchán iomlán ar an mbreithiúnas i gcásanna inar cosúil nach leor ábhar an deimhnithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le forghníomhú na pianbhreithe, agus ina bhfuil gá le scrúdú níos mionsonraithe ar na forais fhéideartha le haghaidh diúltú nó maidir le hoiriúnú a bheith riachtanach. Ina theannta sin, iarrann roinnt Ballstát go n-aistreofaí na doiciméid tacaíochta go léir.

Sna cásanna sin, féadfar dul i mbun comhairliúcháin idir údaráis inniúla an dá Bhallstát, agus d'fhéadfadh comhréiteach a bheith mar thoradh orthu i bhfianaise na reachtaíochta éagsúla sa Bhallstát eile. Ní fhéadfar a iarraidh ar an mBallstát eisiúna ach aistriúchán ar na codanna ábhartha den bhreithiúnas a sholáthar (i.e. scrúdú na gcionta, agus na measúnuithe arna ndéanamh ag an gcúirt maidir le rogha agus fad na pianbhreithe) nó breithiúnas achomair a thíolacadh seachas an breithiúnas iomlán, toisc, de ghnáth, go mbíonn sé costasach agus fadálach na breithiúnais iomlána a aistriú. Is féidir leis na socruithe sin am agus leithdháileadh neamhriachtanach acmhainní a spáráil.

Is léir, i gcás ina ndéantar iarraidh ar aistriúchán ar an gcinneadh pianbhreithe agus, i gcás inarb iomchuí, ar na doiciméid tacaíochta, gur minic a theipeann ar roinnt Ballstát sin a dhéanamh laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos, agus dá dheasca sin cuirtear siar an cinneadh chun an breithiúnas a aithint agus a fhorfheidhmiú.

Tá roinnt Ballstát forghníomhaitheach nach n-éilíonn aistriúchán ar an mbreithiúnas agus ar na doiciméid bhreise go dtí a dteanga féin go rialta agus/nó a ghlacann le haistriúchán Béarla, rud a mheas na foirne saineolaithe a bheith ina dhea-chleachtas.

Is iondúil do roinnt Ballstát eisiúna an breithiúnas agus an deimhniú arna n-aistriú go teanga a nglacann an Ballstát sin léi a chur ar aghaidh chuig an mBallstát forghníomhaitheach, cé nach bhfuil sé riachtanach agus go ndéantar é go neamhspleách ar iarraidh shonrach, ar bealach maith é freisin chun na himeachtaí a éascú agus a bhrostú.

I gcásanna áirithe nuair nach n-aistrítear an deimhniú nó i gcás nach gcuirtear aon aistriúchán ar an gcinneadh nó ar a ghnéithe bunriachtanacha ar fáil agus nach leor ábhar na ndoiciméad sin chun cinneadh a dhéanamh, féadfaidh údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaigh diúltú breithiúnas an Bhallstáit eile a fhorchuireann pianbhreith choimeádta a aithint agus go bhfoirceannantar an nós imeachta.

MOLTAÍ

- *Agus iad ag gníomhú mar Stáit fhorghníomhaitheacha faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla iarrataí ar na breithiúnais ina n-iomláine a aistriú a theorannú do chásanna ina measann siad nach leor ábhar an deimhnithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le forfheidhmiú na pianbhreithe, agus, i gcás inarb iomchuí, tar éis dul i gcomhairle le húdaráis inniúla na Stát eisiúna, d'fhonn a mheas an leor nach ndéanfaí ach na codanna bunriachtanacha de na breithiúnais a aistriú i gcomhréir le hAirteagal 23(3) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB.*

4.7. Sprioc-amanna

Bíonn deacrachtaí ag roinnt Ballstát, agus iad ag gníomhú mar Stáit fhorghníomhaitheacha, cloí leis an teorainn ama 90 lá a leagtar amach in Airteagal 12(2) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh maidir leis an mbreithiúnas a aithint agus maidir leis an bpianbhreith a fhorfheidhmiú.

Is é a léiríodh sa 9ú babhta meastóireachta go dtagann dúshláin chun cinn maidir le freagairtí tráthúla ó na húdaráis fhorghníomhaitheacha ábhartha go háirithe nuair a bhíonn faisnéis ar iarraidh ón deimhniú nó nuair is gá gnéithe áirithe a shoiléiriú (i ndáil leis an méid a leanas don chuid is mó: an phianbhreith a forchuireadh, doiciméid atá ar iarraidh, sonraí neamhiomlána aitheantais an duine ar cuireadh pianbhreith air etc.) nó nuair nach mór doiciméid a aistriú. Is mar gheall ar na saincheisteanna sin gur minic a bhíonn moill agus a d'fhéadfadh sé nach gcloífi leis na teorainneacha ama faoi Airteagal 12(2) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB.

D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha go háirithe i gcásanna ina mbaineann an deimhniú le roinnt breithiúnas, nó ina gcumhdaíonn an breithiúnas roinnt cionta coiriúla, toisc go mbeidh an próiseas níos fadálaí mar gheall ar líon na n-údarás lena mbaineann agus ar líon na n-achomharc ar leithligh is féidir a sheoladh. D'fhéadfadh sé nach fadhb ar leith é sin i roinnt Ballstát, i gcás ina bhfuil na spriocdhátaí chun leigheas dlí a chur isteach sách gearr. D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann freisin cloí leis na teorainneacha ama nuair is gá an phianbhreith a oiriúnú.

I gcás nach féidir cloí leis an sprioc-am a leagtar síos le hAirteagal 12(2) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, ba cheart do roinnt Ballstát fhorghníomhaitheach fógra a thabhairt don Stát eisiúna láithreach, ina dtabharfaí na bunchúiseanna le neamh-chomhlíonadh na sprioc-amanna a bhí leagtha síos agus maidir leis an am a mheastar a bheidh ag teastáil don chinneadh deiridh, ach ní dhéanann na Ballstáit uile amhlaidh i gcleachtas.

I gcásanna áirithe, bunaithe ar thoradh an 9ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, tarraingíodh siar deimhniú mar gheall go rabhtas ar tí an duine ar cuireadh pianbhreith air a scaoileadh (go coinníollach), nó mar gheall gur scaoileadh cheana féin é.

MOLTAÍ

- *Ba cheart do na Ballstáit, agus iad ag gníomhú mar Stát eisiúna agus Stát forghníomhaitheach araon, a ndícheall a dhéanamh ina bpróiseas cinnteoireachta chun a áirithiú go n-urramófar na sprioc-amanna a leagtar amach i gCinneadh Réime 2008/909/CGB, in ainneoin chastacht na nósanna imeachta. Chun na críche sin, moltar do na Ballstáit, agus iad ag gníomhú mar Stáit eisiúna, an fhaisnéis fhorlíontach a iarrtar a chur ar fáil in am trátha, chun moilleanna neamhriachtanacha a sheachaint.*
- *Agus iad ag gníomhú mar Bhallstát forghníomhaitheach, moltar do na Ballstáit an t-údarás breithiúnach eisiúna a chur ar an eolas nuair nach féidir an iarraidh a fhorghníomhú laistigh den teorainn ama a leagtar síos i gCinneadh Réime 2008/909/CGB, agus tabharfar na cúiseanna leis an moill agus an t-am a mheastar is gá chun an cinneadh deiridh a dhéanamh.*

5. NAISC IDIR CINNTÍ RÉIME 2002/584/CGB AGUS 2008/909/CGB

Tá an caidreamh feidhmiúil agus an chomhlántacht idir Airteagail 4(6) agus 5(3) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ar thaobh amháin, agus Cinneadh Réime 2008/909/CGB ar an taobh eile, casta go leor le bainistiú, go háirithe sna Ballstáit ina mbaineann inniúlacht an dá ionstraim sin le húdaráis éagsúla, rud a tharlaíonn i bhformhór na mBallstát. I bhformhór na mBallstát, níl aon mheabhrán tuisceana sonrach ann idir na húdaráis sin; chuir na saineolaithe moltaí faoi bhráid roinnt Ballstát chun treoirlínte a dhréachtú ina saineofaí an dóigh ar cheart an comhar sin a eagrú.

Ní dhéanann na húdaráis chéanna cinneadh maidir leis an mbreithiúnas a aithint laistigh de na himeachtaí céanna ach amháin i líon beag Ballstát i gcásanna ina gcuirtear Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB i bhfeidhm.

I gcásanna ina ndiúltaítear BGE a fhorghníomhú faoi Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB nó ina bhfuil sé coinníollach faoi Airteagal 5(3) den Chinneadh Réime sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an cinneadh maidir le BGE a choinneáil nó deimhniú a eisiúint faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB éasca.

Níor eisigh ach roinnt bheag Ballstát treoirlínte nó bileoga eolais ina mínítear do chleachtóirí na himthosca inar cheart breithiúnas a fhorfheidhmiú tríd an duine lena mbaineann a thabhairt suas nó tríd an mbreithiúnas a aithint; mheas na saineolaithe gur dea-chleachtas é sin.

I bhformhór na mBallstát, ní leagtar síos sa reachtaíocht ná i dtreoirlínte riaracháin aon chritéir shonracha chun measúnú a dhéanamh ar cheart BGE nó deimhniú ar bhonn Chinneadh Réime 2008/909/CGB a eisiúint, cé go bhfuil na critéir sin sainaitheanta go maith i gcásanna áirithe. Déanann na cleachtóirí an rogha ar bhonn cás ar chás. Nuair nach eol cá bhfuil an duine faoi phianbhreith, áfach, is gnách go n-eisítear BGE.

I measc na gcritéar chun an ionstraim iomchuí maidir le haitheantas frithpháirteach a roghnú, luaigh údaráis roinnt Ballstát na féidearthachtaí maidir leis an bpianbhreith a fhorfheidhmiú go hiarbhir, saoránacht agus áit chónaithe an duine faoi phianbhreith, na naisc idir an duine agus an Stát forghníomhaitheach agus na féidearthachtaí maidir le hathshlánú agus lánpháirtiú sóisialta a éascú, chomh maith leis an ngá atá le saoirse ó phionós a sheachaint.

I bhfianaise a chasta atá cinneadh tabhairt suas a dhiúltú bunaithe ar Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, chuir roinnt foirne saineolaithe i dtreis gur gá do na húdaráis eisiúna machnamh críochnúil cúramach a dhéanamh maidir le BGE nó deimhniú a eisiúint faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB, ar bhealach chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá leis an bpianbhreith a fhorfheidhmiú agus an gá atá le hathshlánú sóisialta an duine faoi phianbhreith a áirithiú, agus chun urraim iomchuí a thabhairt do na critéir ábhartha. I dtuarascálacha áirithe, cuireadh in iúl go bhféadfadh cumarsáid agus comhairliúcháin le húdaráis inniúla na mBallstát eile a bheith úsáideach chun an ionstraim atá le cur i bhfeidhm a shainaitheint. D'fhéadfaí idirghabháil Eurojust nó phointí teagmhála EIJN a bhreithniú freisin, chun na comhairliúcháin sin a éascú, más gá. I dtuarascáil mheastóireachta amháin, measadh gur dea-chleachtas é cruinnithe déthaobhacha a thionól le húdaráis inniúla na mBallstát eile, d'fhonn socrúithe a bhunú maidir leis an bhféidearthacht nós imeachta BGE a thiontú ina nós imeachta chun aitheantas a thabhairt do bhreithiúnas faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB.

Tá roinnt Ballstát ann a dhiúltaíonn tabhairt suas faoi 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB sula mbeidh an cinneadh maidir le haitheantas frithpháirteach an bhreithiúnais nó an ordaithe lena bhforchuirtear pianbhreith ina chinneadh críochnaitheach, gan forfheidhmiú na pianbhreithe a ráthú. Mheas na foirne measúnaithe gur cheart an cleachtas sin a athrú i bhfianaise Airteagal 25 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, mar a léirigh CBAE é.

I gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB agus sna cásanna sin dá dtagraítear in Airteagal 5(3) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, níl aon chleachtas coiteann ann idir na Ballstáit maidir le deimhniú a eisiúint nó a éileamh faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB.

Go deimhin, ar bhonn Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, ceanglaíonn roinnt Ballstát i gcónaí go n-eiseofar deimhniú i gcomhréir le Cinneadh Réime 2008/909/CGB chun bunús dlí a bhunú chun pianbhreith Bhallstáit eile a fhorfheidhmiú. Chuir roinnt cleachtóirí in iúl go dtugann an deimhniú faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB níos mó ráthaíochtaí ná forghníomhú ‘díreach’ gan deimhniú, cé gur féidir leis an gcleachtas sin moill a chur ar fhorghníomhú an bhreithiúnais.

I dtuarascáil amháin, cuirtear in iúl freisin go bhfuil faisnéis an-luachmhar sa deimhniú a bhféadfadh sé gur ghá í a iarraidh ina dhiaidh sin ar an údarás a thug an breithiúnas lenar tugadh an ciontú, d’fhonn imeachtaí breise a dhéanamh, e.g. fad an choimeádta, má coinníodh an duine le linn na n-imeachtaí, forálacha dlíthiúla, an éilíonn Stát an chiontaithe faisnéis a sholáthar maidir leis an scaoileadh saor coinníollach, etc. Meabhraítear go bhfuil cás lena dtugtar aghaidh ar an tsaincheist sin (C-179/22) ar feitheamh faoi láthair os comhair CBAE.

Déanann Ballstáit eile, tar éis dóibh an tabhairt suas a dhiúltú, breithiúnas an Bhallstáit eisiúna a fhorfheidhmiú go díreach ar bhonn na faisnéise atá in BGE, go háirithe i gcásanna inar náisiúnach den Stát eisiúna an duine iarrtha, nó é ina chónaí go dlíthiúil ann. Sna cásanna sin, meastar aithint agus forghníomhú an bhreithiúnais a bheith mar thoradh uathoibríoch ar dhiúltú don tabhairt suas.

D’ainneoin go n-áirithítear leis sin, ó thaobh na praiticiúlachta amháin de, go gcuirfear pianbhreitheanna i bhfeidhm go tapa, i gcomhthéacs an 9ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, ní raibh roinnt foirne meastóireachta chomh maith le cleachtóirí áirithe de chuid an Bhallstáit a ndearnadh meastóireacht air i bhfabhar na rogha sin, agus chuir siad i bhfios go láidir, *inter alia*, go mbaintear de na húdaráis eisiúna, nach mian leo b’fhéidir go bhforghníomhófaí an phianbhreith sa Stát forghníomhaitheach, a gcumhacht chun cinneadh a dhéanamh an ndéanfar an deimhniú a tharraingt siar, dá bhforáiltear i gCinneadh Réime 2008/909/CGB.

Sna cásanna sin, moladh go ndéanadh na húdaráis forghníomhaitheacha deimhniú a iarraidh agus a fháil ón údarás eisiúna sula nglacfaidh siad an phianbhreith choimeádta orthu féin. Mar sin féin, ba cheart a chur chun suntais freisin, mar a cuireadh i dtábhacht i roinnt tuarascálacha, go seachnaítear leis an gcleachtas sin an riosca go n-éalódh an duine atá á lorg, rud a chuidíonn, ar an gcaoi sin, le saoirse ó phionós a sheachaint.

I dtuarascáil amháin, meastar go bhféadfadh na difríochtaí sin eascairt as leibhéal áirithe débhríochta i gCinneadh Réime 2008/909/CGB maidir leis an bpointe sin. Sonraítear in Airteagal 25, gan dochar do Chinneadh Réime 2002/584/CGB, go mbeidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Chinneadh Réime 2008/909/CGB, a mhéid atá siad ag teacht le forálacha an Chinnidh sin (Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB), nó i gcás ina bhfuil an tabhairt suas faoi réir an choinníll maidir le filleadh an duine ina dhiaidh sin (Airteagal 5(3) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB). Bunaithe ar an bhfoirmliú ‘gan dochar do Chinneadh Réime 2002/584/CGB’ agus ansin ‘a mhéid atá [na forálacha] ag teacht le forálacha [Cinneadh Réime 2002/584/CGB]’, tugadh faoi deara gur cosúil gur cheart forlámhas a bheith ag Cinneadh Réime 2002/584/CGB. Sa téacs dlíthiúil céanna, áfach, luaitear in aithris 12 ‘go bhféadfadh an Stát forghníomhaitheach a fhíorú go bhfuil forais ann le neamhaitheantas agus neamh-fhorfheidhmiú, dá bhforáiltear in Airteagal 9 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB’ (aistriúchán neamhoifigiúil). Léirítear an éiginnteacht dhlíthiúil sin sna cleachtais éagsúla agus i ndlíthe náisiúnta na mBallstát.

Maidir le cásdlí *Poplawski* I agus II, ina luaitear nach mór don Stát forghníomhaitheach a ráthú go nglacfaidh sé air féin an forghníomhú nó an tabhairt suas a dhéanamh go héifeachtach, meabhraítear freisin nach ndéantar é a léiriú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach ar fud an Aontais.

I gcomhthéacs an 9ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, chuir idir chleachtóirí na mBallstát a ndearnadh measúnú orthu agus foirne saineolaithe i bhfios go láidir gur gá soiléiriú a dhéanamh ar leibhéal an Aontais maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le hAirteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB agus Cinneadh Réime 2008/909/CGB a chur i bhfeidhm le chéile, go háirithe maidir le cé acu is féidir nó nach féidir pianbhreith a fhorfheidhmiú go díreach tar éis tabhairt suas a dhiúltú ar bhonn na faisnéise atá in BGE gan deimhniú.

Nuair atá an tabhairt suas comhaontaithe le ráthaíocht um fhilleadh ar bhonn Airteagal 5(3) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, dealraíonn sé gur féidir leis an gcuid is mó de na Ballstáit teacht ar chomhaontú maidir leis an ngá atá le deimhniú a eisiúint tar éis pianbhreith a bheith curtha ar an duine atá á lorg sa Stát eisiúna.

Maidir le Cinntí Réime 2002/584/CGB agus 2008/909/CGB a chur i bhfeidhm le chéile, baineann saincheist ábhartha eile leis an gceist maidir le cad a tharlaíonn don duine atá faoi choinneáil idir diúltú tabhairt suas agus aitheantas pianbhreithe coimeáda.

Maidir leis na Ballstáit a fhorfheidhmíonn an phianbhreith go díreach, níl an tsaincheist sin ábhartha. Déanann Ballstáit eile a gcinneadh maidir leis an tabhairt suas a chur siar agus iad ag fanacht le go seachadófaí an deimhniú; sna cásanna sin, tá bearna ama ann ina bhféadfadh an duine teitheadh, b'fhéidir. Coinníonn cuid de na Ballstáit sin an duine atá á lorg faoi ghabháil shealadach agus iad ag fanacht leis an Stát eisiúna an deimhniú a eisiúint, de bhun Airteagal 14 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB. Cuireadh i dtábhacht i gcomhthéacs na meastóireachta go seachnaítear le cur chuige den sórt sin an fhéidearthacht go n-éalódh an duine a bhfuiltear sa tóir air sula dtabharfar aitheantas don phianbhreith choimeáda agus, ar an gcaoi sin, go gcuirtear muinín fhrithpháirteach chun cinn.

I mBallstáit eile, ní chuirtear an ghabháil shealadach sin i bhfeidhm. Sa chás seo, mhol na saineolaithe go mbainfeadh na húdaráis náisiúnta úsáid as Airteagal 14 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB má dhiúltaítear tabhairt suas faoi BGE chun pianbhreith a fhorghníomhú, chun aon bhaol go mbeadh saoirse ó phionós ann a sheachaint.

MOLTAÍ

- *Iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú, sula n-eiseoidh siad BGE chun pianbhreith a fhorfheidhmiú, go seiceálfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla go críochnúil an mbeadh sé níos iomchuí na nósanna imeachta dá bhforáiltear i gCinneadh Réime 2008/909/CGB a leanúint.*
- *Moltar go mbainfidh na Ballstáit úsáid as gabháil shealadach, dá bhforáiltear in Airteagal 14 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB, má dhiúltaítear tabhairt suas faoi BGE chun pianbhreith a fhorghníomhú, chun aon bhaol go mbeadh saoirse ó phionós ann a sheachaint.*
- *Iarrtar ar Eurojust, in éineacht le EJN, treoir a thabhairt maidir leis an gcaidreamh feidhmiúil agus leis an gcomhlántacht idir Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB agus Cinneadh Réime 2008/909/CGB agus na himpleachtaí agus na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann dá gcur i bhfeidhm i dteannta a chéile, d'fhonn níos mó comhsheasmhachta a bhunú i gcleachtais na mBallstát, ag brath ar thoradh chás C-179/22 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.*

6. CINNTÍ RÉIME 2008/947/CGB AGUS 2009/829/CGB

6.1 Easpa ó thaobh cur i bhfeidhm de

Tá leibhéal chur i bhfeidhm Chinntí Réime 2008/947/CGB maidir le haistriú pianbhreitheanna neamhchoimeádta agus 2009/829/CGB maidir leis an Ordú Maoirseachta Eorpach (ESO) íseal go maith ar fud an Aontais.

Bunaithe ar thoradh an 9ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, is cosúil nach é an chaoi a ndearnadh na Cinntí Réime sin a thrasú is bun leis na cúiseanna easpa a bheith ann ó thaobh chur i bhfeidhm Chinntí Réime 2008/947/CGB ná 2009/829/CGB. De ghnáth, bhí formhór na gcleachtóirí a cuireadh faoi agallamh i gcomhthéacs an bhabhta seo de mheastóireachtaí frithpháirteacha den tuairim go raibh an reachtaíocht náisiúnta trasuite cuimsitheach agus intuigthe.

Is cosúil go bhfuil na cúiseanna maidir leis an tearcúsáid a bhaintear as Cinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB ilghnéitheach agus nasctha le roinnt tosca a bheith ann. Sainaithníodh cuid díobh sin cheana féin tamall ó shin i gcomhthéacs an phlé i measc cleachtóirí ó na Ballstáit uile faoi choimirce an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh (14754/18). Ba iad na príomhphointí a tarraingíodh anuas nach bhfuil eolas forleathan ar na hionstraimí i measc chleachtóirí an Aontais, rud a fhágann nach bhfuil taithí go leor acu agus go mbíonn moilleanna ar fhorghníomhú dá bharr. Fadhb eile a tarraingíodh anuas ba ea an deacracht a bhain leis an údarás inniúil ar cheart aghaidh a thabhairt air sna Ballstáit eile a shainaithint.

Leis an mbabhta seo de mheastóireachtaí frithpháirteacha, tugadh deis breathnú go grinn ar na himthosca sin agus ar imthosca eile is cúis le tearcúsáid Chinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB agus bealaí féideartha feabhsúcháin a shainaithint. Déileáiltear le saincheisteanna agus dúshláin áirithe is coiteann don dá Chinneadh Réime san fhochaibidil seo, cé go ndéileáiltear le saincheisteanna agus dúshláin eile a bhaineann go sonrach le gach ionstraim dlí sna fochaibidlí ina diaidh sin.

Cé is moite de gur nithe iad na hionstraimí sin nár cuireadh isteach ach go dtí le déanaí, cuireadh chun suntais sa mheastóireacht gur fadhb athfhillteach í easpa feasachta, easpa eolais agus easpa taithí leordhóthanach maidir le Cinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB i measc chleachtóirí na mBallstát, ní hamháin breithiúna agus ionchúisitheoirí, ach na seirbhísí promhaidh agus dlíodóirí cosanta chomh maith, ar cheart dóibh a bheith ina bpríomhghníomhaithe sa réimse sin. Saincheist eile is ea an easpa oiliúint leordhóthanach maidir leis na hionstraimí sin.

Tá na heasnamh sin coiteann don chuid is mó de na Ballstáit agus léiríonn siad go soiléir go bhfuil gá le tionscnaimh chun eolas agus úsáid Chinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB a chur chun cinn i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha uile a bhfuil baint acu lena gcur i bhfeidhm, trí oiliúint, malartú faisnéise agus dea-chleachtais a áirithiú i measc cleachtóirí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Ina theannta sin, bheadh sé úsáideach lámhleabhair a chur ar fáil do chleachtóirí chun na hionstraimí sin a chur chun feidhme go praiticiúil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon toisc go bhféadfadh sé go mbeadh drogall áirithe ar bhreithiúna na hionstraimí dlí sin a úsáid in éagmais treoirlinnte nós imeachta náisiúnta sonracha.

Tugadh faoi deara nach mbaintear ach oiread ach úsáid an-teoranta as Cinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB mar gheall ar fhad agus castacht na nósanna imeachta lena mbaineann. Mar thoradh air sin, is minic a roghnaíonn na húdaráis bhreithiúnacha réitigh níos simplí seachas úsáid a bhaint as sásraí atá casta agus íditheach ó thaobh ama de. Dá bhrí sin, i dtuairim roinnt cleachtóirí, chun méadú ar a n-úsáid a chur chun cinn d'fhéadfaí beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun na nósanna imeachta a shimpliú.

Ina theannta sin, chuir cleachtóirí in iúl go bhfuil líon teoranta cásanna ann ina mbeadh sé iomchuí nó caoithiúil na hionstraimí sin a úsáid go héifeachtach, lena n-áirítear d'uireasa impleachtaí trasteorann.

Is bacainn shuntasach ar úsáid Chinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB a sainathnódh go soiléir sa bhabhta seo de mheastóireachtaí na difríochtaí suntasacha idir na córais náisiúnta ó thaobh chineál agus fhad an phromhaidh is infheidhme agus ó thaobh bearta malartacha agus rialaithe de. D'fhéadfadh sé fiú nach ann do na bearta a chumhdaítear leis na Cinntí Réime seo i ndlínsí Ballstát áirithe. Thairis sin, bíonn an fhaisnéis a chuireann an Stát eisiúna ar fáil neamhiomlán uaireanta nó ní sheoltar an deimhniú chuig na húdaráis fhorghníomhaitheacha.

Aithníodh go soiléir sa bhabhta meastóireachta seo go bhfágann na difríochtaí laistigh de na córais dlí náisiúnta go bhfuil sé deacair bearta den sórt sin a aistriú chuig Ballstát eile. Níl eolas forleathan i measc chleachtóirí na mBallstát ar na córais bhreithiúnacha eile agus ar chleachtais náisiúnta maidir le bearta réamhthrialach agus iarthrialach agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar mhuinín fhrithpháirteach idir údaráis bhreithiúnacha inniúla, rud atá ina réamhriachtanas d'fheidhmiú maith an aitheantais fhrithpháirtigh, lena n-áirítear ar bhonn Chinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB.

Chun fadhbanna mar sin a leigheas, i gcomhthéacs an bhabhta seo de mheastóireachtaí frithpháirteacha cuireadh i dtábhacht go mbeadh sé an-chabhrach foinse aonair faisnéise a bheith ann maidir leis na bearta neamhchoimeáda i gcórais dlí na mBallstát uile, mar shampla ar shuíomh gréasáin EJN. Chun cur i bhfeidhm Chinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB a éascú, cuireadh i bhfios go láidir freisin gur cheart do na Ballstáit an fhaisnéis ar shuíomh gréasáin EJN (an tAtlas Breithiúnach Eorpach) maidir leis na húdaráis inniúla a dhéileálann leis na hionstraimí thuasluaite maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt cothrom le dáta, ionas gur féidir leis na húdaráis inniúla teagmháil dhíreach éifeachtúil a dhéanamh le chéile.

Saincheist choiteann eile maidir le Cinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB araon is ea an easpa feasachta i measc na ndaoine atá incháilithe maidir leis na bearta dá bhforáiltear leis na hionstraimí dlí sin ar na féidearthachtaí a chuireann siad ar fáil. Dá bhrí sin, moladh go gcuirfeadh na húdaráis náisiúnta inniúla faisnéis maidir leis na féidearthachtaí sin ar fáil go héifeachtach don duine a ionchúiseofar nó a gcuirfear pianbhreith air le linn na héisteachta nó na trialach. I dtuarascáil amháin, cuireadh in iúl go bhféadfaí cruinnithe rialta a thionól idir na breithiúna, ionchúisitheoirí poiblí agus na húdaráis eile lena mbaineann chun cásanna a shainaithint inar féidir Cinneadh Réime 2008/947/CGB a chur i bhfeidhm go luath sna himeachtaí agus chun a ngníomhaíocht a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta. Tá feidhm ag an méid céanna maidir le Cinneadh Réime 2009/829/CGB.

6.2 Cinneadh Réime 2008/947/CGB

Maidir le Cinneadh Réime 2008/947/CGB, ar ionstraim iarthrialach é maidir le haitheantas frithpháirteach arb é is aidhm dó feabhas a chur ar ionchais ath-lánpháirtithe sa tsochaí an duine faoi phianbhreith, cé go n-aithnítear nach ann dó ach le tamall anuas, léiríodh sa bhabhta meastóireachta seo a annaimhe a bhaintear úsáid as.

Mar a cuireadh in iúl thuas, eascraíonn fadhbanna praiticiúla as na difríochtaí i gcórais phionóis na mBallstát, lena n-áirítear an chaoi a ndéantar pianbhreitheanna promhaidh agus malartacha a struchtúru. Cé gur féidir leis na Ballstáit pianbhreitheanna príosúnachta a aithint go réasúnta simplí, dealraíonn sé nach bhfuil sé éasca é sin a dhéanamh le smachtbhannaí malartacha agus promhaidh lena mbaineann cineálacha áirithe cúraim nó toirmisc, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh a gcoibhéis ag an údarás forghníomhaitheach ina chóras náisiúnta. Dá bhrí sin, chun eolas na gcleachtóirí a fheabhsú agus aistriú a éascú, ba cheart tuilleadh faisnéise a bhailiú maidir leis na pianbhreitheanna neamhchoimeádta a fhorchuirtear i mBallstáit éagsúla, ar shuíomh gréasáin EJN, b'fhéidir, mar a luaitear thuas san fhochaibidil roimhe seo.

Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil iliomad údarás náisiúnta ann atá inniúil ar Chinneadh Réime 2008/947/CGB a chur chun feidhme, tá cúrsaí níos casta fós agus tá éiginnteacht ann maidir le cé acu údarás is ceart teagmháil a dhéanamh leis. Tá deacrachtaí ann freisin na húdaráis inniúla san Atlas Breithiúnach Eorpach a shainaithint, nach bhfuil san áireamh ann faoi láthair, *inter alia*, faisnéis faoi na húdaráis phromhaidh.

Chomh maith leis sin, nuair a bhíonn ré na mbeart promhaidh gearr, faoin am a bhfuil na bearta is gá déanta ag an údarás eisiúna chun an beart a ghlacadh, is minic a bhíonn an tréimhse phromhaidh imithe in éag cheana féin nó is minic a bhíonn sí ar tí dul in éag; thairis sin, féadfaidh sé nach ndéanfar cinneadh maidir le haitheantas a thabhairt do bheart go dtí go mbeidh an tréimhse promhaidh thart.

Mar a cuireadh in iúl i dtuarascáil amháin, tá sé ríthábhachtach cumarsáid éifeachtúil thráthúil a dhéanamh idir údaráis inniúla na mBallstát, d'fhonn a áirithiú go n-aistreofar go rathúil agus go tráthúil an mhaoirseacht ar phromhadh nó bearta malartacha i gcomhréir le Cinneadh Réime 2008/947/CGB, chun cur i bhfeidhm phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir le breithiúnais agus cinntí promhaidh a chur chun cinn. Shainaithin roinnt foirne saineolaithe roinnt cásanna de chumarsáid neamhéifeachtúil idir údaráis inniúla na mBallstát, a bhí ina gcúis le moilleanna agus easpa comhlíonta leis na teorainneacha ama maidir le haistrithe a chur i gcrích. Mhol údaráis i mBallstát amháin go bhféadfaí feabhas a chur, ar leibhéal an Aontais, ar na teagmhálacha idir seirbhísí promhaidh ó na Ballstáit uile a bhíonn ag déileáil le Cinneadh Réime 2008/947/CGB, ós rud é go n-éascódh sé sin comhairliúchán agus comhar maidir le cásanna sonracha, nuair is gá.

Ina theannta sin, éilíonn raon feidhme sonrach Chinneadh Réime 2008/947/CGB, i.e. bearta promhaidh agus smachtbhannaí malartacha, go ndéanfaí faireachán agus maoirseacht shonrach ar dhaoine a bhfuil pianbhreith curtha orthu. Chun faireachán éifeachtach a dhéanamh, ní mór muinín mhór a bheith ann idir údaráis inniúla na mBallstát eile agus, mar gheall air sin, eolas a bheith acu ar chórais bhreithiúnacha eile. Mar sin féin, is cosúil gur féidir feabhas a chur air sin toisc gurbh fhearr le roinnt údaráis bhreithiúnacha náisiúnta forghníomhú an phionóis/an bhirt a choinneáil, fiú más i gcéin a dhéantar é, faoi fhreagracht a seirbhísí náisiúnta, seachas glacadh le maoirseacht trasteorann, toisc go gcreideann siad go n-áirithíonn sé sin faireachán níos éifeachtúla ar na bearta.

Chun níos mó infheictheachta a thabhairt do Chinneadh Réime 2008/947/CGB ar leibhéal an Aontais, moladh i roinnt tuarascálacha gréasán a chruthú a bheadh comhdhéanta d'údaráis ábhartha na mBallstát chun taithí agus dea-chleachtais a chomhroinnt agus teacht ar réitigh choiteanna agus an ionstraim dlí seo á húsáid.

Is céim amháin sa treo sin é an tionscadal METIS, darb aidhm *inter alia* úsáid Chinneadh Réime 2008/947/CGB a chur chun cinn trí uirlisí praiticiúla a fhorbairt ní hamháin do chleachtóirí ach do dhaoine faoi phianbhreith agus dá ndlíodóirí freisin. Ina theannta sin, tá tábla ina ndéantar comparáid idir pianbhreitheanna promhaidh á tharraingt suas ag na Ballstáit a bhfuil baint acu leis an tionscadal METIS. Mheas roinnt saineolaithe go gcuirfeadh an tionscadal seo úsáid na hionstraim sin maidir le haitheantas frithpháirteach chun cinn agus, ar bhonn níos leithne, go dtreiseodh sé muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit.

6.3 Cinneadh Réime 2009/829/CGB

Is féidir cuid de na conclúidí maidir le Cinneadh Réime 2008/947/CGB, mar a léirítear san fhochaibidil roimhe seo, a chur i bhfeidhm freisin maidir le Cinneadh Réime 2009/829/CGB: is ionstraim réamhthrialach maidir le haitheantas frithpháirteach é Cinneadh Réime 2009/829/CGB lena bhforáiltear d'aistriú beart maoirseachta chuig Ballstát eile, d'fhonn neamhionannais idir cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí i Stát na trialach a chosc, agus é á chur san áireamh go ndéantar neamhchónaitheoirí a athchur faoi choimeád níos minice ná cónaitheoirí in imthosca den chineál céanna.

Is míniú amháin ar an drogall atá ar bhreithiúna Cinneadh Réime 2009/829/CGB a chur i bhfeidhm an deacracht a bhaineann le cásanna a shainaithint ina mbeadh sé éifeachtach agus iomchuí Ordú Maoirseachta Eorpach (ESO) a eisiúint. Chuir roinnt cleachtóirí Ballstát in iúl go raibh siad den tuairim go bhfuil amhras ann maidir le breisluach ESO, toisc nach n-oireann sé do riachtanais na n-imeachtaí coiriúla. Is é sin nach bhfuil an t-am is gá chun na nósanna imeachta gaolmhara a chur ar bun ag luí leis na spriocdhátaí d'éisteachtaí maidir le coinneáil shealadach. Go deimhin, ní mór an cinneadh duine a chur faoi choinneáil shealadach a ghlacadh laistigh de thréimhse ghearr ama agus ní féidir, laistigh den tréimhse ama sin, ESO a eisiúint agus freagra a fháil ón mBallstát forghníomhaitheach.

Thairis sin, is minic nach mbíonn na húdaráis inniúla toilteanach cead a thabhairt don duine atá faoi dhrochamhras nó a bhfuil cúis curtha ina leith an tír a fhágáil nuair a bheidh gá lena láithreach le linn an nós imeachta choiriúil, ós rud é go measann siad gur gá an duine a choimeád faoi choinneáil agus nach mór, dá bhrí sin, BGE a eisiúint.

Chuir roinnt cleachtóirí Ballstát in iúl nach mbeadh sé iomchuí ESO a eisiúint nuair is féidir imscrúdú réamhthrialach a chur i gcrích go réasúnta pras, toisc go bhféadfadh sé sin bainistiú an cháis a dhéanamh níos casta. Rogha níos fearr chun cás coiriúil a réiteach ar bhealach níos tapúla is ea an duine lena mbaineann a choinneáil faoi ghabháil shealadach ar feadh tamall gearr seachas iad a scaoileadh agus iallach orthu filleadh i gcomhair imscrúdú breise nó trialach.

Maidir le himscrúduithe níos casta atá íditheach ó thaobh ama de, chuir roinnt cleachtóirí agus foirne saineolaithe tuairimí éagsúla in iúl. Creideann roinnt cleachtóirí, i gcás imscrúduithe den sórt sin, go bhféadfadh ESO an t-imscrúdú a chur i mbaol i gcás ina mbíonn daoine atá faoi dhrochamhras faoi choinneáil de ghnáth.

Chuir foireann saineolaithe amháin a mhalairt de thuairim in iúl, is é sin gur cheart, i gcásanna coiriúla fadálacha, forlámhas a bheith ag na tairbhí dá bhforáiltear le Cinneadh Réime 2009/829/CGB (lena bhfeabhsaítear toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun saoirse).

Ar bhonn níos ginearálta, léiríodh sa bhabhta meastóireachta seo gur, ina theannta sin, de thoradh na héiginnteachta a bhíonn ann don údarás eisiúna maidir lena éifeachtaí atá an faireachán a dhéanann na húdaráis forghníomhaitheacha ar an mbeart maoirseachta go mbíonn drogall ann an ESO a úsáid. Dar le roinnt cleachtóirí gur cosúil go mbíonn sé deacair go maith idirghníomhú leis na húdaráis sin nó cumarsáid a dhéanamh leo go leanúnach a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbeart a fhorchuirtear.

Ar deireadh, cúis eile a thug údaráis inniúla Bhallstáit amháin as a annaimhe a bhaintear úsáid as Cinneadh Réime 2009/829/CGB is ea nach dtugann costas na mbeart maoirseachta údar lena úsáid i gcás mionchionta.

MOLTAÍ

- *Iarrtar ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun feacht cleachtóirí ar Chinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB a mhéadú agus, dá réir sin, faisnéis maidir leis na hionstraimí dlí sin a áireamh sna cláir oiliúna do na geallsealbhóirí ábhartha uile, chomh maith le treoirlínte sonracha a tharraingt suas chun úsáid na n-ionstraimí sin a éascú agus a chur chun cinn.*
- *Moltar don Choimisiún Eorpach bearta nithiúla neamhrechtacha a dhéanamh chun cur i bhfeidhm Chinntí Réime an Aontais 2008/947/CGB maidir le promhadh agus smachtbhannaí malartacha agus 2009/829/CGB maidir leis an Ordú Maoirseachta Eorpach a fheabhsú, agus an fhaisnéis a bailíodh le linn an bhabhta seo de mheastóireachtaí frithpháirteacha á cur san áireamh.*

- *Moltar don Choimisiún Eorpach, i gcás inarb iomchuí i gcomhar le EJV agus Eurojust, machnamh a dhéanamh ar lámhleabhair AE a chur ar fáil do chleachtóirí ina bhfuil treoir phraiticiúil maidir le cur i bhfeidhm Chinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB.*
- *D'fhonn cur i bhfeidhm Chinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB a éascú, moltar do EJV, i gcomhar leis na Ballstáit, faisnéis ábhartha a áireamh ar shuíomh gréasáin EJV maidir leis na córais náisiúnta uile agus maidir leis na bearta neamhchoimeádta dá bhforáiltear leo, mar aon le faisnéis nuashonraithe faoi údaráis na mBallstát uile atá inniúil ar na Cinntí Réime sin a chur i bhfeidhm.*

7. SAINCHEISTEANNA COTHROMÁNACHA

7.1 Údarás lárnach agus teagmhálacha díreacha

7.1.1. Údarás lárnach agus teagmhálacha díreacha faoi Chinneadh Réime 2002/584/CGB

De réir Airteagal 7(1) de Chinneadh Réime 2002/548/CGB, d'fhéadfadh gach Ballstát údarás lárnach a ainmniú nó, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh ina chóras dlí, níos mó ná údarás lárnach amháin a ainmniú. Féadfaidh na Ballstáit, más gá sin mar thoradh ar eagrúchán a gcórais bhreithiúnaigh inmheánaigh, freagracht a chur ar a n-údarás lárnach nó ar a n-údaráis lárnacha as tarchur agus fáil BGEanna a riar, agus as gach comhfhreagras oifigiúil eile a bhaineann leis sin.

Tá dhá chomhlacht ainmnithe ag Ballstát amháin mar na húdaráis lárnacha. Níl ann ach roinnt Ballstát nár ceapadh aon údarás lárnach iontu de réir bhrí Airteagal 7(1) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB. Maidir leis na Ballstáit a bhfuil údarás lárnach ceaptha acu, cheap an chuid is mó díobh a nAireacht Dlí agus Cirt ach cheap roinnt díobh údarás (breithiúnach) náisiúnta nach é an Aireacht Dlí agus Cirt é.

Sa chuid is mó de na Ballstáit, tá ról teoranta ag an údarás lárnach agus ní dhéanann sé idirghabháil ach amháin nuair a iarrtar air é sin a dhéanamh. Ní chuireann sé isteach ar an gcaidreamh idir na húdaráis bhreithiúnacha agus ní bhíonn sé i dteagmháil le húdaráis bhreithiúnacha na mBallstát eile, cé go mbíonn sé i dteagmháil le hAireachtaí Dlí agus Cirt na mBallstát eile.

De ghnáth, cuireann an t-údarás lárnach cúnamh ar fáil don údarás breithiúnach eisiúna agus forghníomhaitheach, go háirithe sna cásanna is casta, mar shampla, trí chumarsáid a éascú le húdaráis bhreithiúnacha na mBallstát lena mbaineann nó i gcás deacrachtaí a thagann chun cinn nach féidir a réiteach go díreach le húdaráis inniúla na mBallstát eile, e.g. an t-údarás inniúil nó lárnach a shainaithint, doiciméadacht a sheoladh nó a bharántúlacht a fhíorú. Is minic a chuireann sé amach ábhair chun tacú le húdaráis inniúla (lámhleabhar, inlíon, treoirlínte, ciorcláin, etc.) nó láimhseálann sé staitisticí. I gcásanna áirithe, is féidir leis seiceáil cháilíochta a dhéanamh freisin sula n-eisítear BGE.

I dtuarascálacha áirithe, tugadh faoi deara go bhfuil ról na n-údarás lárnach maidir le cúnamh a sholáthar in imeachtaí BGE ag laghdú le déanaí agus is minic a bhíonn an leas a bhaintear as a gcúnamh teoranta do chásanna nach féidir an tsaincheist fhadhbach atá i gceist a réiteach trí theagmháil dhíreach idir na húdaráis bhreithiúnacha lena mbaineann. I gcásanna áirithe, tháinig an t-athrú sin as an obair leantach ar mholtaí an cheathrú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, ach i gcásanna eile d'fhéadfadh sé gur tháinig sé as níos mó feasachta a bheith ag na húdaráis bhreithiúnacha ar an raon feidhme agus as an taithí a fuair siad trí chur i bhfeidhm praiticiúil Chinneadh Réime 2002/584/CGB.

Tá roinnt Ballstát ann, áfach, ina bhfuil ról tábhachtach fós ag an údarás lárnach i bpríomhghnéithe an nós imeachta um thabhairt suas, rud a théann thar na cúraimí riaracháin, praiticiúla agus modheolaíochta a shanntar dóibh le hAirteagal 7(1) agus (2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB. Mar shampla, cuirtear ar a chumas, *inter alia*, BGEanna a eisiúint agus a fhorghníomhú nó tá sé ainmnithe mar an bealach uathúil trínar cheart gach cumarsáid leis na Ballstáit eile agus gach iarraidh chucu a dhéanamh, nó trína bhfuil sé údaráithe freisin faisnéis fhorlíontach a iarraidh ar an údarás inniúil eisiúna ar bhonn Airteagal 15(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, agus ar an gcaoi sin cúraimí a dhéanann na breithiúna de ghnáth a fheidhmiú. Moladh do na Ballstáit sin bearta a dhéanamh chun ról a n-údaráis lárnaigh a theorannú, agus chun teagmhálacha díreacha idir údaráis inniúla a chur chun cinn i gcomhréir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.

I gcomhthéacs an naoú babhta meastóireachta, cuireadh i dtábhacht go bhfuil athrú radacach de dhíth sa chaidreamh idir na Ballstáit maidir leis an tsamhail nua seo den chomhar breithiúnach, agus go gcuirtear cumarsáid dhíreach idir údaráis bhreithiúnacha na mBallstát in ionad an chur chuige cumarsáide a bhí ann roimhe sin idir údaráis lárnacha nó rialtais, agus é mar aidhm leis anois comhar breithiúnach a éascú gan comhlachtaí feidhmiúcháin a bheith rannpháirteach.

Chuir roinnt cleachtóirí in iúl, i gcásanna áirithe, go ndíspreagtar iad ó theagmhálacha díreacha den sórt sin a bhunú mar gheall ar bhacainní teanga, nó an eagla nach n-aithneofaí an t-údarás inniúil, etc. Chuir an fhoireann saineolaithe in iúl gur féidir le bacainní teanga cur isteach ar theagmháil dhíreach éifeachtúil, agus ós rud é gur gné lárnach den aitheantas frithpháirteach iad na teagmhálacha sin gur cheart bearta a dhéanamh chun deacrachtaí den sórt sin a shárú.

7.1.2. Údarás lárnach agus teagmhálacha díreacha faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB

Tugann an t-údarás lárnach cúnamh do na húdaráis bhreithiúnacha in imeachtaí a bhaineann le deimhnithe agus breithiúnais a fháil agus a tharchur, chomh maith le haon chomhfhreagras oifigiúil a bhaineann leo. Féadfaidh sé freisin cúnamh a thabhairt do na húdaráis inniúla sna nósanna imeachta faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB trí chomhairle nó faisnéis a chur ar fáil maidir leis na nósanna imeachta. Níor ainmnigh na Ballstáit uile údarás lárnach, áfach, chun críoch an Chinnidh Réime seo.

De ghnáth, bíonn an gaol idir prionsabal na dteagmhálacha díreacha idir údaráis bhreithiúnacha agus ról na n-údarás lárnach faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB ar aon dul le leithdháileadh na n-inniúlachtaí i gcomhthéacs imeachtaí BGE; féach, dá bhrí sin, an chaibidil ábhartha thuas i ndáil leis sin.

7.1.3. Údarás lárnach agus teagmhálacha díreacha faoi Chinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB

Níor ainmnigh go leor Ballstát údarás lárnach, mar an t-údarás eisiúna nó forghníomhaitheach, chun cinntí agus deimhnithe a eisiúint agus a chur ar aghaidh de bhun Chinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB. Mar sin féin, cabhraíonn an Aireacht Dlí agus Cirt leis na húdaráis bhreithiúnacha inniúla i gcás deacrachtaí nach féidir a réiteach go díreach le húdaráis inniúla na mBallstát eile.

7.2. Speisialú na n-údarás inniúil

Tá cineálacha éagsúla cur chuige eagrúcháin ag na Ballstáit agus freagracht á leithdháileadh acu as ionstraimí maidir le haitheantas frithpháirteach an Aontais a láimhseáil. Tá córas láraithe bunaithe ag cuid acu le haghaidh ceann amháin nó gach ceann de na hionstraimí sin, agus glacann cuid eile acu cur chuige díláraithe. Maidir le comhlachtaí láraithe — in Aireachtaí Dlí agus Cirt fhormhór na mBallstát — is comhlachtaí an-speisialaithe ar úsáid ionstraimí maidir le haitheantas frithpháirteach an Aontais iad (ag gníomhú dóibh mar údarás eisiúna agus forghníomhaitheach araon) agus is féidir leo comhairle agus tacaíocht a thabhairt do chleachtóirí áitiúla.

Sna cúirteanna áitiúla, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos deacra speisialtóireacht a bhaint amach, agus is minic nach mbíonn na cleachtóirí speisialaithe ar úsáid ionstraimí maidir le haitheantas frithpháirteach an Aontais, toisc go ndéileálann gach ionchúisitheoir nó cúirt choiriúil le cúraimí éagsúla a bhfuil siad siúd ina measc. I gcomhthéacs an bhabhta meastóireachta sin, moladh do na Ballstáit sin machnamh a dhéanamh ar aonaid speisialaithe a bhunú i gcúirteanna a dhéanann speisialtóireacht ar ábhair a bhaineann le comhar breithiúnach idirnáisiúnta, nó, mar mhalairt air sin, líon na ngiúistísí a oibríonn go heisiach ar chásanna a bhaineann leis na hionstraimí sin a mhéadú, chomh maith le sainoiliúint leordhóthanach a chur ar fáil maidir leis na hionstraimí sin, chomh maith le bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun saineolas sonrach sa réimse sin a fheabhsú.

Mar sin féin, i roinnt Ballstát, go pointí éagsúla, tá leibhéal áirithe speisialtóireachta ann ar leibhéal éagsúla de bhreithiúna, toisc go bhfuil leibhéal áirithe speisialtóireachta ag roinnt giúistísí agus/nó cúirteanna (iad siúd atá lonnaithe sna ceantair mhóra go minic).

Is minice gurb amhlaidh atá an scéal i gcás Chinneadh Réime 2002/584/CGB, ós rud é gur baineadh úsáid fhorleathan as BGE ar feadh tréimhse suntasach ama agus go bhfuil taithí faighte ag cleachtóirí, agus go pointe níos lú i gcás Chinneadh Réime 2008/909/CGB, toisc nach bhfuil ranna speisialaithe ar leith ach ag roinnt Ballstát a láimhseálann cásanna faoin gCinneadh Réime sin. Ní ann d'aon speisialtóireacht maidir le Cinneadh Réime 2008/947/CGB agus Cinneadh Réime 2009/829/CGB.

I mBallstát amháin, tá struchtúr na n-údarás inniúil bunaithe ar speisialtóireacht chriochach ar ionstraimí sonracha, ar mhaithe le hardleibhéal saineolais na mbreithiúna, na ngiúistísí agus na foirne riaracháin lena mbaineann. I mBallstát eile, déanann cúirt speisialaithe seiceáil ar BGE sula n-eisítear í, rud a íoslaghdaíonn an riosca go n-eiseofaí foirm neamhiomlán. I roinnt Ballstát, tá líonraí cleachtóirí nó meithleacha ann a mbíonn sainchúram orthu sa chomhar breithiúnach idirnáisiúnta in ábhair choiriúla agus a thagann le chéile go rialta chun saincheistanna ábhartha i réimse an chomhair bhreithiúnaigh a phlé, agus is féidir leo treoir agus cúnaimh a chur ar fáil do chleachtóirí eile maidir le hiarrataí ar aitheantas frithpháirteach a eisiúint agus a fhorghníomhú. Thairis sin, is gnách go mbíonn an t-eolas agus an taithí ag pointí teagmhála EJM chun comhairle a chur ar a gcomhghleacaithe.

Níl dlíodóirí atá speisialaithe ar ionstraimí maidir le haitheantas frithpháirteach an Aontais Eorpaigh ag aon Bhallstát, nach mór. Thairis sin, níl eolas go leor ag dlíodóirí faoi reachtaíocht an Aontais, fiú, ná faoi chásdlí CBAE sa réimse sin. Tá dlíodóirí ag roinnt Ballstát, áfach, a bhfuil eolas éigin acu ar BGE agus, go pointe níos lú, ar Chinneadh Réime 2008/909/CGB, ach níl aon speisialtóirí i measc dlíodóirí ar Chinneadh Réime 2008/947/CGB agus ar Chinneadh Réime 2009/829/CGB. Thairis sin, ós rud é gur ar bhonn *ex officio* a cheaptar na dlíodóirí sin de ghnáth, tá baol ann nach mbeidh na dlíodóirí sin nach bhfuil speisialaithe ar réimse ar leith, nach mbeidh siad in ann cearta agus leasanna dlisteanacha daoine ciontaithe nó atá faoi dhrochamhras a chosaint go leordhóthanach.

MOLTAÍ

- *Moltar do na Ballstáit leibhéal leordhóthanach speisialtóireachta a áirithiú do chleachtóirí, lena n-áirítear dlíodóirí, más féidir, a dhéileálfaidh le hionstraimí maidir le haitheantas frithpháirteach uile an Aontais lena mbaineann cailleadh nó srianadh saoirse, faoi réir an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, trí oiliúint speisialaithe a thairiscint agus trí líonraí giúistísí a chur chun cinn a dhéanann speisialtóireacht ar an réimse sin.*

7.3. Comhar agus malartú faisnéise

Tá malartú faisnéise idir údarais bhreithiúnacha ríthábhachtach i gcomhthéacs na nósanna imeachta a bhaineann le hionstraimí dlí uile an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach lena mbaineann cailleadh nó srianadh saoirse, faoi réir an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha. D'fhéadfadh faisnéis bhreise a bheith ag teastáil ón Stát forghníomhaitheach mar thoradh ar an bhfaisnéis a sheol an Stát eisiúna cheana. I gcomhthéacs an bhabhta meastóireachta sin, áfach, tugadh faoi deara gurb amhlaidh, uaireanta, nach mbíonn an fhaisnéis bhreise a iarradh ábhartha nó nach mbíonn gá léi, toisc go dtéann sí thar na ceanglais a leagtar amach san ionstraim dlí áirithe, agus go bhféadfadh sí sin síneadh gan údar a chur le fad na n-imeachtaí.

I gcomhthéacs an bhabhta sin de mheastóireachtaí frithpháirteacha, déileáladh le saincheist an mhalartaithe faisnéise go príomha i ndáil le Cinneadh Réime 2002/584/CGB agus go pointe níos teoranta i ndáil le Cinneadh Réime 2008/909/CGB.

Maidir le BGE, d'fhéadfadh sé nach leor an fhaisnéis arna cur in iúl ag an mBallstát eisiúna chun cinneadh a dhéanamh maidir le BGE a fhorghníomhú. Ar cheann de na heasnamh faisnéise is coitianta tá: cur síos nach bhfuil mionsonraithe go leor ar fhíorais agus imthosca na coire, amhail an áit ina ndearnadh na gníomhartha aonair agus an t-am a rinneadh iad. Dá bhrí sin, is é is cúis leis sin gur cheart an fhaisnéis a bheith mionsonraithe go leor chun idirdhealú a dhéanamh idir na gníomhartha lena mbaineann agus gníomhartha eile, ar gníomhartha iad atá ríthábhachtach chun coiriúlacht dhúbailte a fhíorú, *ne bis in idem* nó i mbreithiúnais *in absentia*. I gcásanna eile, níl dóthain faisnéise ann maidir leis na coinníollacha coinneála sa Bhallstát eisiúna. I gcás BGEanna arna n-eisiúint chun breithiúnas a fhorfheidhmiú, d'fhéadfadh sé go mbainfeadh faisnéis atá ar iarraidh le léiriú fhad na pianbhreithe nó cé acu a tugadh nó nár tugadh fógra don duine atá i gceist faoi am na héisteachta cúirte.

I bhformhór mór na gcásanna, nuair a bhíonn gá le faisnéis bhreise, i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, iarrtar ar na húdarais bhreithiúnacha eisiúna an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil laistigh de sprioc-am. Is iondúil go gcloíonn na húdarais bhreithiúnacha eisiúna leis na spriocdhátaí sin, más réasúnta iad, cé nach gcloínn i gcónaí, agus bíonn na freagairtí tráthúil agus iomchuí de ghnáth.

I gcásanna áirithe, áfach, ina bhfuil spriocdhátaí den sórt sin gearr agus deacair le comhlíonadh nó i gcás ina bhfuil gá le hiarrataí ar fhaisnéis bhreise arís agus arís eile, toisc nach dtugann an Stát eisiúna freagra in am nó nach dtugann sé an fhreagairt cheart, d'fhéadfadh sé go gcuirfí síneadh leis na himeachtaí agus gur dúshlán é na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 17 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB a urramú. Thairis sin, bhí cásanna ann nár sholáthair an Stát eisiúna an fhaisnéis a iarradh agus gur dhiúltaigh an Stát forghníomhaitheach don tabhairt suas.

Ní deireadh na saincheiste maidir le malartú faisnéise é an duine a thabhairt suas, ós rud é go mbítear ag súil freisin go seolfaidh na húdaráis fhorghníomhaitheacha na cinntí maidir le tabhairt suas agus faisnéis ábhartha leantach eile tar éis cinneadh a bheith déanta maidir le BGE, go háirithe maidir le tréimhse na coinneála arna seirbheáil, agus úsáid á baint as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Lámhleabhar an Choimisiúin maidir le conas barántas gabhála Eorpach a eisiúint agus a fhorghníomhú. Mar sin féin, ní sheolann gach Ballstát forghníomhaitheach an fhaisnéis leantach sin go rialta agus ní mór don Stát eisiúna í a iarraidh uaireanta.

Maidir le Cinneadh Réime 2008/909/CGB, féadfar faisnéis bhreise a iarraidh i gcás deimhnithe neamhiomlána nó deimhnithe a comhlánaíodh go mícheart. D'fhéadfadh cineálacha éagsúla faisnéise a bheith i gceist, amhail: aicmiú dlíthiúil agus ainmniú an chiona; fad beacht an ama a caitheadh i ngabháil shealadach agus an chuid den phianbhreith nár seirbheáladh; an scéim um scaoileadh saor coinníollach is infheidhme, srl. Go ginearálta, áfach, is leor an fhaisnéis atá san áireamh sa deimhniú a sheoltar ón Stát eisiúna.

I gcomhthéacs na n-imeachtaí faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB, féadfar comhairliúchán a dhéanamh nó déanfar comhairliúchán idir údaráis inniúla an Stáit eisiúna agus an Stáit fhorghníomhaigh chun a shuí an bhfóndadh an phianbhreith d'athshlánú sóisialta agus ath-lánpháirtiú rathúil an duine ar cuireadh pianbhreith air sa tsochaí a éascú. Ní bhíonn na comhairliúcháin sin éigeantach i gcónaí. Ní i gcónaí a dhéanann na húdaráis eisiúna teagmháil roimh ré le húdaráis na mBallstát forghníomhaitheach, ach amháin i gcás ina dteastaíonn toiliú uathu. Mar sin féin, tá sé tugtha faoi deara ag roinnt foirne saineolaithe go bhféadfadh comhairliúchán roimh ré leis an mBallstát forghníomhaitheach a bheith úsáideach chun an fhaisnéis ábhartha go léir is gá a fháil chun cinneadh a dhéanamh maidir le deimhniú a eisiúint faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an chaibidil maidir leis an meastóireacht ar athshlánú sóisialta.

Tá sé d'oibleagáid ar údaráis bhreithiúnacha inniúla an Stáit fhorghníomhaithigh, mar a leagtar síos in Airteagal 21 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB 909, an fhaisnéis atá liostaithe san fhoráil seo a sholáthar don Stát eisiúna gan mhoill; mar sin féin, ní chomhlíonann na Ballstáit uile an oibleagáid sin.

Déantar an malartú faisnéise nó na comhairliúcháin trí bhealaí éagsúla. Is í an riall ghinearálta, i gcomhréir le prionsabal na muiníne frithpháirtí—ar gné bhunúsach é de chóras na n-ionstraimí maidir le haitheantas frithpháirteach san Aontas – go ndéanann údaráis inniúla na mBallstát cumarsáid dhíreach le húdaráis inniúla na mBallstát eile. Bunaithe ar thoradh an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, tá an teagmháil dhíreach idir údaráis bhreithiúnacha sásúil go ginearálta. Iarrann roinnt Ballstát faisnéis bhreise trína n-údaráis lárnacha.

Is féidir cumarsáid a dhéanamh tríd an ngnáthphost nó guthán, facs, ríomhphost, etc. D'fhone cur i bhfeidhm Chinneadh Réime 2008/909/CGB a éascú, d'aontaigh údaráis áirithe Ballstát iarrataí ar aistriú agus aon ghnéithe leantacha (doiciméid ábhartha, cinntí aitheantais, faisnéis bhreise) a sheoladh go leictreonach.

Cuidíonn úsáid agus infhaighteacht níos forleithne teicneolaíochtaí nua le dlús a chur leis an idirghníomhaíocht, ach ag an am céanna ní mór an tAtlas Breithiúnach Eorpach, ina bhfuil seoltaí ríomhphoist na n-údarás breithiúnach agus lárnach, a choinneáil cothrom le dáta.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh bealaí Eurojust agus EJM a bheith úsáideach chun cumarsáid thapa éifeachtach a bhunú, go háirithe i gcásanna práinneacha agus/nó i gcás nach bhfaightear freagra ar bith nó chun dul timpeall ar dheacrachtaí a eascraíonn as bacainní teanga. I gcás na mBallstát sin a úsáideann Córas Faisnéise Schengen, féadfar cumarsáid a dhéanamh ó am go chéile, i gcás inarb ábhartha, trí Bhiúró SIRENE agus, i gcás na mBallstát sin nach n-úsáideann Córas Faisnéise Schengen, trí Bhiúró INTERPOL.

MOLTAÍ

- *Moltar do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil ról a n-údarás lárnach teoranta don mhéid dá bhforáiltear le gach ionstraim maidir le haitheantas frithpháirteach de chuid an Aontais atá faoi réir an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, agus teagmháil dhíreach idir údaráis inniúla a chur chun cinn i gcomhréir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha, a leagtar amach in Airteagal 82(1) CFAE.*
- *Agus iad ag gníomhú mar Stáit eisiúna chun críocha Chinneadh Réime 2002/548/CGB agus Chinneadh Réime 2008/909/CGB, moltar do na Ballstáit a áirithiú go dtarchuirfeadh a n-údaráis inniúla an fhaisnéis uile is gá chuig údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaigh chun cinneadh a dhéanamh maidir le forghníomhú na hiarrata, agus nuair a bheadh faisnéis bhreise ag teastáil ón Stát forghníomhaitheach, go gcuirfí an fhaisnéis sin ar fáil a luaithe is féidir.*

7.4. Idirthuras arna dhéanamh ag an duine iarrtha nó an duine ar cuireadh pianbhreith air

Is gné riachtanach é idirthuras a dhéanamh trí chríoch Ballstáit seachas an Stát forghníomhaitheach chun críche tabhairt suas de bhun Airteagal 25 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB agus chun duine ar cuireadh pianbhreith air a aistriú chuig Ballstát eile faoi Chinneadh Réime 2008/909/CGB, chun na himeachtaí faoi na Cinntí Réime sin a thabhairt chun críche.

I bhformhór na mBallstát, is é an Aireacht Dlí agus Cirt an t-údarás inniúil chun déileáil le hidirthuras, i gcásanna isteach agus amach araon. Déantar iarrataí ar idirthuras trí Bhiúró SIRENE agus i gcásanna áirithe trí Bhiúró INTERPOL. Eagraítear na socruithe praiticiúla chun an t-idirthuras iarbhir a fhorghníomhú i gcomhar leis na póilíní, a bhíonn freagrach as na gnéithe oibríochtúla.

Ní raibh fadhbanna móra ag formhór na mBallstát maidir le hidirthuras daoine iarrtha. Mar sin féin, d'fhéadfadh dúshlán phraiticiúla teacht chun cinn nuair a bhíonn an t-idirthuras á eagrú, go háirithe mar thoradh ar sprioc-amanna an-docht maidir le hidirthuras — ní mór an t-aistriú a chur i gcrích laistigh de dheich lá — agus sna cásanna sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfí an oibríocht ar atráth má chuirtear moill go minic ar an am freagartha, toisc gur féidir, i gcás ina bhfaighfear an iarraidh ar idirthuras faoi fhógra an-ghearr roimh dháta an idirthurais, nach mbeidh ach an t-íosmhéid ama ann chun an tabhairt suas a shocrú. D'fhéadfadh deacrachtaí praiticiúla eile a bheith bainteach le sainaithint údarás inniúil an Bhallstáit eile atá freagrach as idirthuras. Chuir roinnt cleachtóirí agus foirne saineolaithe in iúl go mbeadh sé úsáideach dá mbeadh an fhaisnéis sin ar fáil san Atlas Breithiúnach Eorpach agus mhol siad go ndéanfaí suíomh gréasáin EJA a nuashonrú chun na críche sin. D'fhéadfadh saincheisteanna teacht chun cinn freisin maidir le ceanglais doiciméadachta agus aistriúcháin chun an t-idirthuras a údarú.

Is minic gur ábhar práinneach iad ceadanna idirthurais, ach bíonn siad fadálach, go háirithe más gá an t-iarratas ar aistriú a aistriú go teanga oifigiúil an Bhallstáit iarrtha.

I gcásanna áirithe, bíonn iarrataí ar idirthuras neamhiomlán, éilíonn roinnt Ballstát an t-aistriúchán agus i gcásanna áirithe, ní mór an iarraidh ar idirthuras agus ar BGE araon a aistriú. D'fhéadfadh na *Fiches Belges* ar shuíomh gréasáin EJN, nuair a thugtar cothrom le dáta iad, cabhrú chun na ceanglais maidir leis na doiciméid riachtanacha, leis an tréimhse ama agus leis na teangacha a nglactar leo a shainaithint. Luaigh roinnt Ballstát freisin gur deacracht phraiticiúil bhreise é an t-idirthuras a chur i gcrích mar gheall ar an gcur isteach ar an aerthrácht. Léirigh roinnt Ballstát fadhbanna i gcásanna inar ordaigh an Stát forghníomhaitheach na daoine iarrtha a thabhairt suas gan aon bhearta réamhchúraim a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil siad ar fáil, gan ach fógra a thabhairt don duine faoin dáta a thabharfaí suas é/í agus iad féin a thabhairt ar láimh go deonach. Uaireanta, ní thagann an duine atá á thabhairt suas, ar duine é nár cuireadh faoi choinneáil, chuig an áit bailithe, agus mar sin caithfear an t-idirthuras a atheagrú arís agus arís eile.

Ó thaobh lóistíochta de, bíonn gá le hullmhúcháin fhorleathana chun an t-aistriú iarbhír a dhéanamh. Thairis sin, is féidir le suíomh geografach dúshláin a chruthú do roinnt Ballstát i ngeall ar achair fhada a bheith i gceist agus easpa eitiltí díreacha. Tríd is tríd, b'úsáideach iad na cainteanna déthaobhacha leis na Ballstáit chomharsanachta agus leis na Ballstáit chomhpháirtíochta is ábhartha chun feabhas a chur ar chur chun feidhme praiticiúil an idirthurais. Is féidir le pointí teagmhála EJN cabhrú chun dlús a chur leis an nós imeachta agus chun teagmhálacha solúbtha tapa a bhunú leis na húdaráis inniúla.

Ba cheart a chur i dtábhacht freisin go raibh fadhbanna ag na Ballstáit uile le linn thréimhse COVID-19 maidir le hiompar trasteorann daoine chuig Ballstáit seachas na Ballstáit chomharsanachta mar gheall ar shrianta suntasacha ar aerthaisteal agus modhanna eile iompair.

MOLTAÍ

- ***I gcomhar leis na Ballstáit, iarrtar ar EJN a áirithiú go mbeidh faisnéis nuashonraithe maidir leis na húdaráis inniúla atá freagrach as idirthuras a údarú agus maidir leis an doiciméadacht is gá, maidir leis an tréimhse ama agus maidir leis na teangacha a nglactar leo, le fáil san Atlas Breithiúnach Eorpach agus sna Fiches Belges, d'fhonn an próiseas a éascú agus a bhrostú.***

7.5. Comhar le Eurojust agus le EJV

Bunaithe ar thoradh an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, tá na húdaráis inniúla náisiúnta ar an eolas go ginearálta maidir le hinniúlacht Eurojust agus an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh i réimse an chomhair bhreithiúnaigh agus na féidearthachtaí a chuireann siad ar fáil, agus measann cleachtóirí na mBallstát go ginearálta go bhfuil an cúnamh a chuireann siad ar fáil luachmhar agus riachtanach. Meastar gurb iad Eurojust agus EJV na bealaí cumarsáide is éifeachtúla in imeachtaí trasteorann agus tuairiscítear iad a bheith an-éifeachtach go ginearálta, toisc go rannchuidíonn siad le comhar agus muinín fhrithpháirteach a neartú i measc údarais bhreithiúnacha na mBallstát éagsúil.

I gcásanna trasteorann a bhaineann le nósanna imeachta um aitheantas frithpháirteach, níl ach líon teoranta Ballstát ann nach n-iarrann ar Eurojust agus EJV a bheith páirteach, a mhéid a d'fhéadfaidís, chun dlús a chur le himeachtaí.

Féadfaidh údarais na mBallstát cúnamh ó Eurojust nó ón EJV a mheas agus ionstraimí maidir le haitheantas frithpháirteach an Aontais á gcur i bhfeidhm acu, ag brath ar thuillteanais an cháis agus go háirithe ar chastacht agus práinn an cháis. Go teoiriciúil, is féidir leo modhanna cúnamh éagsúla ach comhlántacha a chur ar fáil. De ghnáth iarrtar ar phointí teagmhála EJV cúnamh a chur ar fáil d'fhonn cumarsáid a éascú agus a chuíchóiriú agus an fhaisnéis is gá a fháil chun cinneadh a dhéanamh, ach i gcásanna práinneacha nó níos casta a bhaineann le gníomhaíocht choiriúil thromchúiseach nó ina bhfuil níos mó Ballstát páirteach i gcás, féadfar dul i dteagmháil le comhalta náisiúnta Eurojust chun comhar a éascú.

Mar sin féin, ní bhíonn sé éasca i gcónaí deighilt shoiléir a bhunú idir a ról faoi seach. Go praiticiúil, féachann údarais na mBallstát le cúnamh a fháil ó Eurojust nó ó phointí teagmhála náisiúnta EJV i gcásanna ina bhfuil gá le cúnamh chun teagmhálacha a bhunú, toisc go bhfuil sé sin deacair nó achrannach, lena n-áirítear ar chúiseanna teanga, nó nuair a thagann fadhbanna chun cinn maidir le faisnéis fhorlíontach nó doiciméid fhorlíontacha a fháil ón Stát eisiúna.

Maidir le Cinneadh Réime 2002/584/CGB, go háirithe, meastar bealaí Eurojust agus EJN araon a bheith ina gcabhair, toisc go gceadaíonn siad teagmháil éifeachtach thapa le húdarás eisiúna BGE. Is minic a chomhlíontar na sprioc-amanna freisin a bhuí le cabhair ó phointí teagmhála EJN agus, i gcásanna práinneacha nó i gcásanna níos casta, le cúnamh ón Deasc Náisiúnta ag Eurojust.

Maidir le BGE, úsáidtear cainéil Eurojust chun fadhbanna a réiteach go tapa, m.sh. deacrachtaí maidir leis an iarraidh a fhorghníomhú nó i gcás iarrataí iomaíocha iomadúla ar thabhairt suas i gcoinne duine iarrtha arna n-eisiúint ag údaráis bhreithiúnacha roinnt Ballstát (Airteagal 16 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB.). Cé nach oibleagáid é sin, is féidir le Eurojust a bheith rannpháirteach agus leis sin is féidir comhairle chomhordaithe agus eolasach a chur ar fáil go tapa don údarás forghníomhaitheach maidir le cé acu de na BGEanna iomaíocha ba cheart a fhorghníomhú, agus na gnéithe ábhartha uile á gcur san áireamh. Ina lán tuarascálacha, chuir na saineolaithe i bhfios go láidir a úsáidí is féidir le Eurojust a bheith sna cásanna sin, agus úsáid á baint as treoirlínte Eurojust atá ann cheana chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarrataí iomaíocha ar thabhairt suas agus ar eiseachadadh (arna athbhreithniú in 2019) agus an fhéidearthacht teacht ar chomhaontú idir na geallsealbhóirí uile laistigh de thréimhse theoranta ama. I roinnt mhaith Ballstát, ní áirítear an rogha sin sa dlí náisiúnta nó is annamh a úsáidtear é sa chleachtas. Áirítear i roinnt tuarascálacha moltaí chun ról níos minice a thabhairt do Eurojust i ndáil le BGEanna iomaíocha.

Is féidir le Eurojust a bheith an-chabhrach freisin nuair a bhíonn fadhbanna ann i gcás ina mbaineann BGE le hionstraimí eile maidir le haitheantas frithpháirteach, e.g. OIE, a dhéanfar go comhuaineach nó go díreach tar éis an duine iarrtha a ghabháil, nó ag an am céanna, d'fhéadfadh údaráis inniúla na n-ionstraimí aonair a bheith difriúil freisin.

Is ábhartha rannpháirtíocht Eurojust in imeachtaí BGE freisin i gcásanna ina gcaithfidh an t-údarás breithiúnach, in imthosca eisceachtúla a bhféadfadh moilleanna ar fhorghníomhú BGE teacht astu, fógra a thabhairt do Eurojust, agus na cúiseanna leis an moill á dtabhairt aige i gcomhréir le hAirteagal 17(7) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB. I roinnt tuarascálacha, cuireadh i dtábhacht freisin breisluach na gcrúinnithe comhordúcháin arna n-eagrú ag Eurojust, go háirithe i gcásanna ina bhfuil ionstraimí dlíthiúla éagsúla de chuid an Aontais infheidhme, chomh maith le lárionaid chomhordúcháin, áit a gcaithfear BGEanna agus bearta eile a chur i gcrích go comhuaineach i roinnt Ballstát.

Is é EJN den chuid is mó a dhéanann fiosrúcháin arb é is aidhm dóibh údaráis inniúla na mBallstát eile a shainaithint, e.g. le cúnamh ó na saineolaithe a ainmnítear mar phointí teagmhála EJN nó le Eurojust. I gcleachtas, bhí sé ina chuidiú a iarraidh ar phointí teagmhála EJN nó Eurojust, go háirithe i gcásanna práinneacha, nuair a chuirtear moill ar an bpróiseas chun faisnéis a fháil ón údarás forghníomhaitheach nó mura leor an fhaisnéis a chuirtear ar fáil, cúnamh a thabhairt le fiosrúcháin bhreise nó chun dlús a chur leis an ábhar.

Tá ardmheas ag cleachtóirí ar an gcomhar trí EJN, toisc gur féidir le pointí teagmhála EJN comhairle a chur ar a gcomhghleacaithe de ghnáth maidir le cásanna BGE a láimhseáil agus an fhaisnéis ábhartha go léir a dháileadh, lena n-áirítear faisnéis faoi bhreithiúnais CBAE a rinneadh le déanaí, ar chleachtóirí eile. I roinnt tuarascálacha, chuir na foirne meastóireachta chun suntais a úsáidí a bhíonn forléargas Eurojust ar chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le BGE, agus táirgí eile Eurojust.

Ina lán Ballstát, is eol do ghiúistísí gurb ann do shuíomh gréasáin EJN agus d'acmhainní ar líne, baineann siad úsáid astu ar bhonn rialta agus aimsíonn siad uirlisí fíorphraiticiúla agus fíor-riachtanacha chun iarrataí a dhréachtú ar bhealach éasca éifeachtúil agus chun freagairtí a chur isteach i measc cleachtóirí i mBallstáit éagsúla. Os a choinne sin, i roinnt Ballstát, ní bhíonn eolas leordhóthanach ag cleachtóirí ar uirlisí EJN agus tá gá le feasacht a mhúscailt maidir leis na huirlisí lenar féidir comhar breithiúnach trasteorann a éascú.

Is é an tAtlas Breithiúnach Eorpach an ionstraim EJN is minice a úsáidtear agus a mheastar a bheith ar an gceann is tábhachtaí, rud a éascaíonn sainaithint na n-údarás inniúil. Mar sin féin, i gcomhthéacs an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, cuireadh chun suntais go mbíonn na sonraí teagmhála san Atlas Breithiúnach Eorpach as dáta nó neamhiomlán uaireanta, agus nach mbíonn seoltaí ríomhphoist údaráis bhreithiúnacha uile na mBallstát san áireamh iontu. Dá bhrí sin, cuireadh i bhfios go láidir gur cheart an fhaisnéis ar ardán Atlas a thabhairt cothrom le dáta go rialta do na Ballstáit uile. Tá córas teileachumarsáide slán ag EJN freisin ar féidir é a úsáid in ábhair choiriúla, lena n-áirítear chun barántais ghabhála Eorpacha a tharchur. I dtuarascáil amháin, moladh go bhféadfaí na teimpléid a úsáidtear chun ionstraimí dlíthiúla comhair bhreithiúnaigh a chur chun feidhme, mar atá i gcás BGE cheana féin, a aistriú go teangacha uile an Aontais agus a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin EJN.

Is iad seo a leanas na huirlisí EIJN eile:

- na *Fiches Belges*, lena gcuirtear ar fáil faisnéis phraiticiúil faoi thacair shonracha beart agus a chumhdaítear le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla;
- an Leabharlann Bhreithiúnach lena gcuirtear ar chumas cleachtóirí stádas cur chun feidhme na n-ionstraimí dlíthiúla éagsúla agus na ndearbhuithe a dhéanann na Ballstáit ina leith a sheiceáil;
- an Choimre lena dtugtar tacaíocht chun iarrataí ar chomhar breithiúnach a dhréachtú;
- an tuarascáil ‘dálaí coinneála coiriúla san Aontas Eorpach: rialacha agus fírinne’, ina leagtar amach íoschaighdeán áirithe maidir le coinneáil choiriúil ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, ar nós mhéid an áitrimh, na sláintíochta (rochtain ar shaoráidí folctha agus leithris, an tréimhse ama a chaitheann na daoine faoi choinneáil lasmuigh, etc.) agus tuarascálacha ó institiúidí éagsúla san Eoraip a bhaineann leis na dálaí sin.

MOLTAÍ

- *Moltar do na Ballstáit feacht ar Eurojust agus EIJN agus a n-úsáid a chur chun cinn, mar aon leis na huirlisí a chuireann siad ar fáil agus aird á tabhairt ar an mbreisluach is féidir leo a chur ar fáil chun deacrachtaí a shárú i gcás ionstraimí an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach a chur i bhfeidhm agus, ar bhonn níos ginearálta, chun éifeachtacht an chomhair bhreithiúnaigh le Ballstáit eile de chuid an Aontais a fheabhsú.*

Iarrtar ar EIJN, i gcomhar leis na Ballstáit, a áirithiú go ndéanfar nuashonrú rialta ar a shuíomh gréasáin, ós rud é gur acmhainn lárnach, ríthábhachtach agus luachmhar í, agus go háirithe go ndéanfar nuashonrú ar shonraí teagmhála na n-údarás breithiúnach sna Ballstáit faoi seach agus ar an roinn maidir leis na pointí teagmhála san Atlas, chun a áirithiú gur féidir le cleachtóirí na mBallstát údaráis inniúla na Ballstáit eile i gcásanna trasteorann a bhaineann le hionstraimí an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach a shainaithint go héasca.

7.6. Oiliúint

Tá córais sách cuimsitheach agus dea-eagraithe ag formhór na mBallstát chun oiliúint a chur ar chleachtóirí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh; baineann roinnt Ballstát leas as uirlisí TF nua agus nua-aimseartha chun cúrsaí oiliúna ríomhfhoghlama a chur ar fáil freisin. Mar sin féin, is cosúil nach mór iarrachtaí breise a dhéanamh chun oiliúint leanúnach a áirithiú do ghiúistísí ag gach céim dá ngairmréim maidir leis na hionstraimí uile maidir le haitheantas frithpháirteach a chumhdaítear leis an mbabhta seo de mheastóireachtaí, mar a leagtar amach thíos.

Tá Cinneadh Réime 2002/584/CGB maidir le BGE ann le tamall fada agus is gnáthuirilis é faoi láthair do chleachtóirí ar fud an Aontais, agus tá Cinneadh Réime 2008/909/CGB maidir le haistriú pianbhreitheanna coimeádta ar eolas freisin agus cuirtear i bhfeidhm go sásúil é. Tá easpa eolais agus taithí i measc cleachtóirí, áfach, i ndáil le Cinneadh Réime 2008/947/CGB maidir le promhadh agus smachtbhannaí malartacha agus Cinneadh Réime 2009/829/CGB maidir leis an Ordú Maoirseachta Eorpach (ESO), rud atá ina chonstaic ar chur i bhfeidhm níos minice na n-ionstraimí sin.

Fuarthas amach leis an mbabhta meastóireachtaí sin go ndéantar gníomhaíochtaí oiliúna maidir le Cinneadh Réime 2002/584/CGB go rialta i bhformhór na mBallstát agus gur minic a chuirtear oiliúint ar fáil maidir le Cinneadh Réime 2008/909/CGB, cé nach gcuirtear ar fáil í go córasach. Mar sin féin, is annamh a bhíonn oiliúint maidir le Cinneadh Réime 2008/947/CGB nó Cinneadh Réime 2009/829/CGB ar fáil, cé is moite de roinnt tionscnaimh *ad hoc* i roinnt Ballstát.

Is léir go bhféadfaí feabhas a chur ar na gníomhaíochtaí oiliúna do bhreithiúna, ionchúisitheoirí, dlíodóirí agus baill foirne eile a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí uile maidir le haitheantas frithpháirteach a chumhdaítear leis an mbabhta meastóireachta seo, ós rud é go spreagfaí daoine leis sin chun iad a úsáid, go músclófaí feasacht, agus go méadófaí an fhéidearthacht a bheadh ann taithí phraiticiúil agus forbairtí ábhartha cásdlí a roinnt. I gcomhthéacs an bhabhta meastóireachta seo, moladh arís agus arís eile gur cheart oiliúint shonrach rialta maidir leis na hionstraimí dlí thuasluaite go léir a eagrú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon do na húdaráis uile a bhfuil baint acu lena gcur chun feidhme.

Baineann an gá sin go háirithe leis na Cinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB is lú aithne. Aithníodh go bhfuil easpa na hoiliúna ar leith ar cheann de na príomhbhacainní ar úsáid fhorleathan na gCinntí Réime sin. D'fhonn a bheith in ann leas a bhaint as a n-acmhainneacht iomlán, tá sé tábhachtach feasacht a mhúscailt ar na Cinntí Réime sin agus an t-eolas orthu a fheabhsú i measc cleachtóirí.

Chuir roinnt foirne meastóireachta chomh maith le roinnt cleachtóirí i bhfios go láidir gur léir gur gá oiliúint a bhaineann le Cinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB a chur ar fáil ar bhealach rialta, ag díriú ar na geallsealbhóirí ábhartha go léir chun na cuspóirí agus na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis na hionstraimí sin maidir le haitheantas frithpháirteach a chur ar an eolas. Cuireadh i dtábhacht freisin go mbeadh sé úsáideach freisin treoirilíní nó lámhleabhair a bheith ann maidir leis na Cinntí Réime sin.

Léiríodh leis an mbabhta meastóireachta sin nach leor, i bhformhór na mBallstát, na cláir oiliúna maidir leis na Cinntí Réime uile thuasluaite do dhlíodóirí cosanta, nó nach bhfuil siad ar fáil. Níl aon dlíodóirí speisialaithe ann le haghaidh ionstraimí an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach agus, dá bhrí sin, is léir gur gá bealaí a chur chun cinn chun an t-eolas atá ag dlíodóirí cosanta ar na hionstraimí seo a uasghrádú, ionas go mbeidh siad in ann abhcóide ar ardcháilíocht a sholáthar dá gcliaint sa réimse sin.

Moladh i roinnt tuarascálacha go bhféadfaí oiliúint chomhpháirteach a eagrú do bhreithiúna, ionchúisitheoirí agus dlíodóirí agus do gheallsealbhóirí ábhartha eile, d'fhonn taithí a roinnt agus saincheisteanna praiticiúla a réiteach. A mhéid a bhaineann le Cinneadh Réime 2008/947/CGB, bheadh sé úsáideach foireann phromhaidh agus foireann phríosúin a áireamh in oiliúint chomhpháirteach den sórt sin.

D'eagraigh roinnt Ballstát oiliúint chomhpháirteach i gcomhar le tíortha comharsanachta; mheas na foirne saineolaithe go raibh sé sin ina chabhair chun fadhbanna praiticiúla a réiteach, chun tuiscint a fháil ar na difríochtaí idir córais bhreithiúnacha éagsúla agus chun muinín fhrithpháirteach a neartú.

Féadfaidh breithiúna agus ionchúisitheoirí páirt a ghlacadh in imeachtaí oiliúna ar leibhéal an Aontais maidir le hionstraimí an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach dá bhforáiltear ag institiúidí, amhail an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (EJTN) agus Acadamh an Dlí Eorpaigh (ERA). Ar na deiseanna oiliúna uile-Aontais eile atá á dtairiscint tá na cinn ón gCumann um Thaighde agus Forbairt Ceartais Choiriúil (ACJRD), chomh maith le hoiliúint nó seimineáir arna n-eagrú ag Eurojust nó ag an nGréasán Breithiúnach Eorpach.

Is féidir le dlíodóirí páirt a ghlacadh freisin in imeachtaí oiliúna arna n-eagrú ar leibhéal an Aontais, a mhéid is eol dóibh iad agus a bhfuil rochtain acu orthu, is é sin na cláir oiliúna a chuireann ERA ar fáil, ós rud é nach bhfuil cláir GEOB ceaptha ach le haghaidh chomhaltaí na seirbhíse breithiúnaí.

Mar sin féin, tráth na meastóireachta, níor cumhdaíodh leis na féidearthachtaí sin maidir le hoiliúint ar leibhéal an Aontais ionstraimí uile an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach atá faoi réir an bhabhta seo de mheastóireachtaí frithpháirteacha, go háirithe Cinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB, agus níor bhain na Ballstáit uile úsáid iomlán astu.

Mar sin féin, mar a leagtar amach i roinnt tuarascálacha iad, tá buntáistí ar leith ag baint le cláir oiliúna de chuid an Aontais lena gcumhdaítear níos mó ná an tarchur eolais agus an mhúscailt feasachta maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil ionstraimí an Aontais, ós rud é go dtugann siad deis iontach do chleachtóirí a bheith ag líonrú agus taithí a roinnt le comhghleacaithe ó Bhallstáit eile. Sa chiall sin, cuireadh in iúl freisin i roinnt tuarascálacha meastóireachta an tábhacht a bhaineann le hoiliúint ar leibhéal an Aontais, go háirithe i réimse na gCinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB.

Ina theannta sin, tá tionscadail agus tionscnaimh ann atá dírithe ar chomhar breithiúnach a fheabhsú ar leibhéal an Aontais. Cuireann ardán Cross Justice seirbhís faisnéise dlí ar fáil atá dírithe go príomha ar chleachtóirí dlí – breithiúna, ionchúisitheoirí, giúistísí imscrúdaithe agus dlíodóirí – ach a bhfuil rochtain ag mic léinn dlí, ENReanna agus saoránaigh uile an Aontais orthu freisin, a mheastar a leathnófar chuig na sásraí le haghaidh comhar idir na Ballstáit in ábhair choiriúla, lena n-áirítear BGE.

Maidir le Cinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB, tá grúpa oscailte líonra saineolaithe ag Cónaidhm an Phromhaidh Eorpaigh (www.cep-probation.org) atá tiomnaithe do na Cinntí Réime sin. Roinneann siad saineolas, taithí agus eolas agus cuireann siad úsáid na gCinntí Réime sin chun cinn i measc seirbhísí promhaidh agus gairmithe. Tá réimse cúrsaí oiliúna ar líne saor in aisce ann maidir le cur i bhfeidhm Cinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB, maidir leis an doiciméadacht riachtanach a chur i gcrích agus maidir le próisis oiriúnaithe agus aistrithe a bhainistiú, cúrsaí a chuir an tionscadal PONT (www.probationobservatory.eu), arna mhaoiniú ag clár Ceartais an Choimisiúin Eorpaigh, ar fáil.

Chuir cleachtóirí roinnt Ballstát i bhfios go láidir go mbeadh lámhleabhair an Aontais ina bhfuil treoir maidir le cur i bhfeidhm Cinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB, nach gcuirtear i bhfeidhm go minic agus a bhfuil taithí theoranta ag daoine orthu dá bhrí sin, cosúil leis na lámhleabhair atá ann cheana maidir le Cinntí Réime 2002/584/CGB agus 2008/909/CGB, ina bhfoinse thábhachtach faisnéise.

Tá roinnt Ballstát ar an eolas faoin obair a rinneadh in Europris agus tá siad rannpháirteach ina chuid gníomhaíochtaí, go háirithe maidir le Cinneadh Réime 2008/909/CGB, agus, go pointe, maidir le hobair Chónaidhm an Phromhaidh Eorpaigh (CEP), a mhéid a bhaineann le Cinneadh Réime 2008/947/CGB. Is iondúil go scaipeann an cleachtóir sna Ballstáit torthaí na gcruinnithe arna reáchtáil ag Europris agus CEP ar ar fhreastail sé.

MOLTAÍ

- *Moltar do na Ballstáit oiliúint speisialaithe rialta chórasach maidir le Cinntí Réime 2002/584/CGB, 2008/909/CGB, 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB agus cásdlí gaolmhar CBAE a chur ar fáil do gach cleachtóir a bhfuil baint acu lena gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear oiliúint chomhpháirteach do bhreithiúna, ionchúisitheoirí agus, más féidir, agus neamhspleáchas na ngairmeacha dlí faoin dlí náisiúnta á chur san áireamh, dlíodóirí, agus do bhaill foirne ábhartha eile.*
- *Moltar do na Ballstáit rannpháirtíocht na gcleachtóirí a bhíonn ag déileáil leis na hionstraimí thuasluaite de chuid an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí oiliúna atá ar fáil ar leibhéal an Aontais, d'fhonn feabhas a chur ar na deiseanna an t-eolas a mhéadú agus an taithí a chuirtear ar fáil leis an gcineál oiliúna sin a chomhroinnt.*
- *Moltar don Ghréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach cur lena n-iarrachtaí chun oiliúint a thairiscint do chleachtóirí i ndáil le hionstraimí an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach, lena n-áirítear Cinntí Réime 2008/947/CGB maidir le bearta promhaidh agus malartacha agus 2009/829/CGB maidir leis an Ordú Maoirseachta Eorpach agus chun infheictheacht níos fearr a thabhairt dá chlár oiliúna.*

7.7. Staidreamh

Saincheist choiteann a sainaithníodh i mbeagnach gach Ballstát i gcomhthéacs an bhabhta meastóireachta seo is ea easpa sonraí staidrimh iontaofa mionsonraithe arna mbainiú go rialta maidir le hiarrataí amach agus iarrataí isteach faoi na ceithre ionstraim go léir maidir le haitheantas frithpháirteach a chumhdaítear leis an meastóireacht sin.

I measc na ndúshláin eile atá ann, tá comhiomlánú agus bailiú sonraí agus próiseáil staitisticí ar an leibhéal lárnach. Is tromchúisí fós na laigí nó na heasnaimh sin sna Ballstáit a bhfuil córais dhílárarthe acu, ós rud é go bhfuil sé níos deacra sonraí a bhailiú ó údarais éagsúla ar leibhéal éagsúla ná ó aon chomhlacht amháin.

Ní bhailíonn ach líon beag Ballstát staitisticí bliantúla maidir leis na hionstraimí dlí thuasluaite ar an leibhéal lárnach, agus is gnách go ndéantar iad a bhailiú agus a phróiseáil de láimh agus, dá bhrí sin, níl aon taifead digiteach ar na cásanna gaolmhara. Ina theannta sin, tá na gníomhaíochtaí sin am-íditheach, neamhchruinn agus ilroinnte.

I mBallstát amháin, tá an Aireacht Dlí agus Cirt freagrach as staitisticí a bhailiú, agus tá sé d'oibleagáid ar na breithiúna, ar na cúirteanna agus ar na hionchúisitheoirí atá freagrach as cinneadh a tharchur nó a fhorghníomhú ar bhonn na n-ionstraimí maidir le haitheantas frithpháirteach cóip den chinneadh a sheoladh chuig an Aireacht Dlí agus Cirt. Mheas an fhoireann meastóireachta gur dea-chleachtas é sin.

Bhí formhór údarais na mBallstát in ann figiúirí ginearálta a chur ar fáil do na foirne meastóireachta faoi seach, amhail líon na mbeart arna n-eisiúint nó arna bhforghníomhú in aghaidh na n-ionstraimí éagsúla, ach ní bhailíonn siad sonraí den sórt sin go córasach agus is minic nach mbíonn siad in ann staidreamh níos mionsonraithe a sholáthar.

Bailíonn na Ballstáit uile staitisticí ar BGE, toisc go bhfuil sé d'oibleagáid orthu na staitisticí sin a sholáthar don Choimisiún Eorpach. Mar sin féin, de ghnáth, i gcás staitisticí den sórt sin ní thugtar le fios ach an líon BGEanna a fhaightear agus a fhorghníomhaítear; go hiondúil, ní bhíonn sonraí breise ar fáil maidir le teorainneacha ama, forais diúltaithe nó fad an nós imeachta.

Bailíonn agus tiomsaíonn roinnt Ballstát staitisticí maidir le Cinneadh Réime 2008/909/CGB, agus cé go bhfuil roinnt eisceachtaí ann, ní bhíonn aon fhaisnéis mhionsonraithe ar fáil de ghnáth maidir le toradh an nós imeachta (maidir le líon na n-iarrataí a aithníodh agus a diúltaíodh). Maidir le Cinntí Réime 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB, ní ann d'aon staitisticí cláraithe i bhformhór na mBallstát.

Léiríodh sa 9ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha go dtabharfadh córas staidrimh cuimsitheach dea-fheidhmiúil léargas níos fearr ar an úsáid a bhaintear as na Cinntí Réime éagsúla, lena gceadaítear faireachán agus anailís a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm, na deacrachtaí a bhí acu agus ar na cúiseanna le diúltuithe a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhonn treoir níos beaichte a thabhairt maidir lena gcur i bhfeidhm agus maidir le beartais agus modhanna oibre a oiriúnú dá réir sin. D'fhéadfadh córas staidrimh den sórt sin éifeachtúlacht na n-ionstraimí maidir le haitheantas frithpháirteach le haghaidh comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a fheabhsú.

Ina theannta sin, tugadh faoi deara go bhféadfadh obair leantach neamhleor teacht as easpa taifead ríomhaireachta. Faoi láthair, ní úsáideann ach líon beag Ballstát uirlisí leictreonacha chun críocha staidrimh. Tá córais bainistithe cásanna ag roinnt Ballstát, agus dá gcomhordófaí iad le córais bailithe sonraí eile nó dá ndéanfaí tuilleadh forbartha orthu, d'fhéadfadh sé go gcuideofaí le cur i bhfeidhm níos fearr na gCinntí Réime faoi réir an bhabhta reatha de mheastóireachtaí frithpháirteacha.

Mar a luaitear i dtuarascáil amháin, le córais uathoibrithe, d'fhéadfaí léiriú cruinn a thabhairt ar úsáid na hionstraime maidir le haitheantas frithpháirteach pianbhreitheanna coimeádta, agus fad na n-imeachtaí nó na príomhfhórais le diúltú do phianbhreith a aithint a shuí, etc. chomh maith le bainistiú a dhéanamh ar an obair leantach ar iarrataí arna seoladh chuig na Ballstáit fhorghníomhaitheacha.

I mBallstát amháin, tá tionscadal leanúnach maidir le BGE ann is féidir a mheas, leis na hoiriúnuithe iomchuí, más gá, mar thúsphointe chun bailiú staitisticí maidir leis na hionstraimí eile maidir le haitheantas frithpháirteach a chumhdaítear leis an meastóireacht seo a lárú. I mBallstát eile, tá socruithe ar bun faoi láthair freisin maidir le bailiú imdhealaithe cásanna BGE ionas go mbeifear in ann táscairí staidrimh a sholáthar i ndáil leis na cásanna sin go luath amach anseo.

MOLTAÍ

- *Moltar go mbunódh na Ballstáit córas éifeachtúil iontaofa chun staitisticí a bhailiú maidir le húsáid Chinntí Réime 2002/584/CGB, 2008/909/CGB, 2008/947/CGB agus 2009/829/CGB, chun anailís ar a gcur i bhfeidhm a éascú, agus chun beartais agus modhanna oibre a oiriúnú dá réir. Agus an méid sin á dhéanamh acu, moltar dóibh smaoineamh ar uirlisí leictreonacha a úsáid, chun am a shábháil do na húdaráis inniúla uile agus chun léargas níos fearr a fháil ar úsáid na n-ionstraimí dlí thuasluaite.*
-